

1. RÉAMHRÁ

Tá sé i gceist ag an dtaighdeoir sa mhiontráchtas seo staidéar a dhéanamh ar ghnéithe a bhaineann leis an tumoideachas i ngaelscoileanna i bPoblacht na hÉireann. Tá mórchuid litríochta ar chúrsaí tumoideachais ar fáil ó thíortha eile. Níl mórán taighde dúchasach déanta sa tír seo ar an ábhar. Tar éis scagadh a dhéanamh ar an litríocht a bhaineann leis an ábhar agus ag cur san áireamh na nithe is mó atá i mbéal an phobail faoin tumoideachas le tamall anuas rinne an taighdeoir cinneadh faoin ngné áirithe a bheadh á iniúchadh sa taighde reatha.

Is iad na ceisteanna taighde a tháinig chun cinn ná:

- Cad iad na múnlaí tumoideachais atá á gcur i bhfeidhm i 2007 i ngaelscoileanna na tíre?
- Cad iad na cleachtais maidir le tús na léitheoireachta sna múnlaí éagsúla sin? Cad iad na caighdeáin a bhaintear amach i léitheoireacht an Bhéarla sna múnlaí tumoideachais éagsúla?
- Cad iad na caighdeáin léitheoireachta Bhéarla a bhaintear amach i ngaelscoileanna a thosaíonn le múineadh na léitheoireachta tré Ghaeilge / tré Bhéarla / sa dá theanga le chéile?
- Cad iad na caighdeáin a bhaineann gaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste amach sa léitheoireacht Bhéarla?
- Cad é an leibhéal eolais atá ag príomhoidí faoi theoricí an tumoideachais agus ábhair ghaolmhara?

Mhol Bradley (2006) go raibh géarghá le taighde ar thorthaí léitheoireachta an Bhéarla i ngaelscoileanna a bheith ar fáil mar fhianaise do thuismitheoirí nach

raibh daltaí taobh thiar sa Bhéarla de dheasca an tumoideachais. Tá a lán plé sna meáin le cúpla bliain anuas faoin luath-thumadh iomlán ¹mar atá sé á chleachtadh in Éirinn, go háirithe mar a bhain le cás gaelscoile amháin i gcúige Mumhan. Tá taighde déanta le déanaí sa réimse seo a d'fhéach ar an méid ama a chaitear ag teagasc Béarla sna naíonáin i ngaelscoileanna na hÉireann ag Bradley. Tá taighde eile déanta ag Ní Bhaoill (2004) atá tar éis díriú ar thús na léitheoireachta san earnáil seo freisin agus ar chleachtais éagsúla a bhí i bhfeidhm sna gaelscoileanna. Ach tá go leor ceisteanna fós le freagairt maidir leis na gnéithe thuasluaite. Ina measc, tá an cheist faoi na múnlaí tumoideachais éagsúla atá á gcleachtadh i ngaelscoileanna na tíre agus conas a réitíonn na cleachtais sin le tús na léitheoireachta foirmiúla. (Tá cur síos déanta ar na múnlaí in Aguisín 1.) Déanfaidh an taighde reatha iniúchadh ar an dá ghné fhíorthábhachtach seo den ghaelscolaíocht. Déanfar rangú ar na gaelscoileanna de réir na múnlaí éagsúla agus ar a gcleachtais maidir le tús na léitheoireachta, laistigh de na múnlaí sin. Féachfar ar na caighdeáin sa léitheoireacht Bhéarla agus ar chleachtas labhairt na Gaeilge i gclós na gaelscoile sna múnlaí. Níl aon eolas chun dáta ar fáil faoi láthair, a léiríonn na caighdeáin ghnóthachtála léitheoireachta Bhéarla, a bhaineann gaelscoileanna a chleachtann Múnlaí tumoideachais éagsúla amach, ná gaelscoileanna go ginearálta fiú. Sa phíosca taighde reatha tá iarracht mhacánta á déanamh ag an dtaighdeoir é sin a dhéanamh agus roinnt saincheisteanna a eascraíonn as na cleachtais a chioradh dá réir.

¹ Úsáideann taighdeoirí éagsúla na téarmaí tumoideachas iomlán, lán tumoideachas, tumadh iomlán, luath-thumadh iomlán, lánthumadh luath nuair atá 'Early Total Immersion Education' i gceist. Tagann na téarmaí sin aníos sa taighde reatha.

Bhí sé i gceist ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) le fada treoirínite faoi thús na litearthachta a fhorbairt do ghaelscoileanna na hÉireann. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an doiciméad seo mar léirítear ann go raibh an earnáil ag lorg soiléirithe, treoirínite agus taighde sular thosaigh conspóid i ngaelscoil ar bith. Mar a thuairisc an Primary Curriculum Support Programme (PCSP) i 2002:

Ar mhaithe le déileáil leis na ceisteanna a bhaineann le teagasc agus foghlaim na ^(sic)dara teanga agus an ceangal idir Gaeilge agus Béarla, tá sé i gceist ag CNCM, mar ábhar práinneach, treoirínite do mhúinteoirí a chur le chéile agus a fhoilsiú maidir leis an mBéarla a theagasc i scoileanna atá ag teagasc trí mheán na Gaeilge. Tá súil leis na treoirínite seo a bheith ar fáil roimh tús na bliana scoile 2002/2003. (PCSP, Nuachtlitir 5 Feabhra, 2002)

Níor thárla sé chomh tapaidh sin mar gur tuigeadh gan mhoill go raibh na saincheisteanna sochtheangeolaíochta agus oideachais seo i bhfad níos casta ná mar a síleadh i dtús báire. Tuigeadh nach bhféadfaí réiteach uileghabhálach, simplí amháin a chur i bhfeidhm i suíomhanna éagsúla sochtheangeolaíochta agus oideachais éagsúla. Bhí cleachtais éagsúla tar éis forbairt sna gaelscoileanna le fada toisc nach raibh aon sainchomhairle ná oiliúint ar fáil do phríomhoidí ná d'oidí a bhí ag obair san earnáil seo ó na húdaráis oideachais, ná ón Churaclam na Bunscoile. Mhol an CNCM i Mí Eanáir 2007 don Aire Oideachais agus Eolaíochta taighde a dhéanamh bunaithe ar cheithre cinn de mhúnlaí éagsúla tumoideachais a bhí aitheanta acu féin, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an earnáil. Is é a bheadh mar thoradh ar an dtaighde sin dar leis an CNCM ná:

The Múnlaí represent an interim solution to be adopted by *all* Irish-medium primary schools. They provide the context in which further research in Irish-medium primary schools may be conducted. Any changes in policy will be informed by and firmly based on evidence gathered from such research (CN.C.M. 2007a: 30)

Faraoid, diúltaíodh i Mí an Mheithimh 2007 do chomhairle an CNCM faoi thaighde a dhéanamh ar na ceithre cinn de Mhúnlaí tumoideachais. Is deacair a thuiscint an difríocht idir an dearcadh a léirigh an tAire Oideachais reatha leis an gcinneadh sin agus an dearcadh a léirigh an tAire Oideachais Mícheál Ó Máirtín faoin CNCM nuair a bhí bonn reachtúil á chur aige fúthu san Acht Oideachais. Ag tagairt don CNCM Dúirt sé: 'Rather, it has a vital role to play in ensuring that appropriate expertise and objectivity is brought to bear in matters relating to the curriculum in schools'. (Ó Mairtín, 1998) Is ceist í an raibh oibiachtúlacht agus saineolas ar fáil don Aire Hanafin, ó na foinsí eile, a threoraigh í chun neamhaird a dhéanamh de chomhairle an CNCM.

Ba thráthúil go raibh taighde ar na múnlaí sin agus tús na léitheoireachta ar bun ag an dtaighdeoir seo ag an bpointe sin. Eisíodh Imlitir 0044/2007 ar an ábhar ar an 3 Lúnasa 2007 ag cur cosc ar an luath-thumadh iomlán mar a bhí á chleachtadh i ngaelscoileanna le fada. Bhí luath-thumadh iomlán á chleachtadh go roghnach i ngaelscoileanna na hÉireann le breis agus caoga bliain anuas i gcásanna áirithe. I dtuairisc ó Emma O Kelly comhfhreagraí Oideachais RTÉ ar 'News at One' ar an Déardaoin 26 Iúil 2007 tuairiscíodh go ndúirt an tAire Oideachais agus Eolaíochta Mary Hanafin T.D. go raibh sí chun téarma amháin de thumadh iomlán a cheadú sna Naíonáin Shóisearacha agus sin eile. Chuirfí iachall ar gach aon ghaelscoil, beag beann ar a bpolasaithe reatha, Béarla a theagasc ó dheireadh an chéad téarma sin.

Dúirt an tAire Hanafin:

I think that it is important that children should have access to both languages, that they would be literate in both Irish and in English and that the children in gaelscoileanna would be at the same reading level as their friends are in other schools ...There is some evidence from inspectors' visits that would show that students in some situations would be falling behind in English (Mary Hanafin, RTÉ, 'News at One' 26 Iúil 2007)

Tuairiscíodh nach raibh sí sásta le cur chuige ‘a la carte’ na ngaelscoileanna maidir le múineadh an Bhéarla:

I don't think I can stand over a situation where schools would be taking an a la carte approach to how long they would spend on any subject, be that Irish, English or whatever. (Mary Hanafin, RTE ‘News at One’ 26 Iúil 2007)

Go fóthráthúil, léireoidh an taighde reatha na cleachtais reatha maidir leis na múnlaí tumoideachais éagsúla agus na torthaí do léitheoireacht an Bhéarla, bunaithe ar scrúduithe caighdeánaithe a ghabhann leo, roimh theacht i bhfeidhm na n-athruithe atá beartaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta in Imlitir 0044/2007.

Déanfar léirmheas ar an litríocht a bhaineann leis an ábhar i gcaibidil a dó. Féachfar ar an tumoideachas go hidirnáisiúnta agus ar an dtaighde a bhaineann leis. Ansin déanfar scagadh ar an dtaighde ar an ábhar seo in Éirinn agus féachfar ar chúlra an tumoideachais sa tír seo. Breathnófar ar a bhfuil scríte i gCuraclam na Bunscoile (1999) faoi thús na litearthachta i suíomhanna éagsúla. Déanfar scagadh ar pholasaí tumoideachais reatha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (2004) atá á chur i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus ar dhoiciméid eile a bhaineann leis an ábhar.

Déanfar cur síos i gcaibidil a trí ar an tslí a tugadh faoin eolas don taighde reatha a bhailiú. Déanfar cur síos ar na huirlisí taighde agus oiriúnacht na n-uirlisí do thaighde mar seo. Míneofar an próiseas a bhain le píolótú na n-uirlisí sin. Déanfar soiléiriú ar na cúiseanna ar beartaíodh ar na modhanna taighde úd a úsáid don tráchtas seo.

I gcaibidil a ceathair, déanfar cur síos ar thorthaí an taighde agus déanfar anailís orthu. Déanfar comparáid le taighde eile a bhaineann leis an ábhar freisin.

Bunaithe ar thorthaí an taighde, agus ag baint úsáide as an léirmheas litríochta mar threoir, tiocfar ar chonclúidí agus cuirfear moltaí bunaithe ar an dtaighde reatha faoi bhráid an léitheora i gcaibidil a cúig.

Suíomh an Údair

Is príomhoide gaelscoile de bhunú na Gaeltachta údar an mhiontráchtais seo. Tá sé bliana déag caite aige mar phríomhoide teagaisc agus riaracháin i ngaelscoileanna éagsúla. Tá taithí múinteoireachta aige i ngaelscoileanna eile chomh maith. Tá an t-údar an-ghníomhach in eagrais agus i gcoistí éagsúla a bhaineann leis an ngaelscolaíocht le breis agus deich mbliana anuas.

2.LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA

2.1 Dátheangachas

Tá go leor tuairimí ann faoin dátheangachas. Ceapann roinnt taighdeoirí gur míbhuntáistí a leanann é. Luann Baker (2000) dearcadh (Adler 1977) nach raibh páistí dátheangacha anseo ná ansiúd agus go raibh an inchinn scoilte orthu: 'Adler describes bilingual children as having split minds, being neither here nor there, marginal people ... in short bilingualism can lead to a split personality and, at worst, to schizophrenia' (2000: 18)

Tá daoine eile ann freisin a cheapann nach chun leasa an dalta an t-oideachas dátheangach. Tá luaite ag Baker: 'Alexander and Baker even suggest that bilingualism or a bilingual education will result in negative labels for bilingual children which, in turn, will result in lower self-esteem' (2000: 19)

Ach is í an chonclúid a thugann Baker é féin ná nach bhfuil difríocht ar bith idir féinmheas leanaí dátheangacha agus leanaí aonteangacha: 'Generally, research finds no difference between the self-concept or self-esteem of bilingual children compared with monolinguals' (2000: 19)

Ceist thábhachtach ná cad is dátheangach ann. Tá an oiread sin sainmhínte tugtha ar an dátheangachas is atá teangacha ann mar thoradh ar an raon leathan tuiscintí air. Tá deacrachtaí le cuid mhaith de na sainmhínte luatha a tugadh. Chreid daoine ar nós Haugen (1953) agus Macnamara (1966) go raibh duine dátheangach gan ach beagán smachta aige ar an dara teanga, nó fiú gan ach scil

amháin sa dara teanga. Chreid daoine ar nós Bloomfield (1935) ar an taobh eile den scéal go raibh gá smacht an chainteora dhúchais a bheith ag duine sa dá theanga le bheith dátheangach. Ní aontaíonn Baker et al (1998) leis an tuairim seo, áfach:

To expect someone to be exactly equal (and fluent) in two languages is a simplistic view of bilinguals. Bilinguals are sometimes expected to be two monolinguals inside one person. This viewpoint is unreal and mistaken (1998: 13)

Mar sin, is contanam atá i gceist leis an dátheangachas i ndáiríre, ón dátheangach lag ar thaobh amháin go dtí an dátheangach cumasach, sár oilte ar an taobh eile.

2.2 Oideachas Dátheangach

Tá mórán saghasanna oideachas dhátheangach ann freisin. An sainmhíniú clasaiceach a thugann Andersson and Boyer ná: 'Bilingual education is instruction in *two languages* and the use of those two languages as mediums of instruction for any part of, or all, of the school curriculum.' (1970: 12) Go bunúsach, is oideachas tré dhá theanga atá i gceist. Tá an suíomh ina bhfoghlaímítear an dá theanga agus an dearcadh an-tábhachtach. D'fhéadfadh dátheangachas dealaíoch nó suimíoch a bheith i gceist, ag brath ar na cúinsí. Ag tagairt do Lambert (1977), deireann Oller & Pearson:

Lambert has emphasized the potential importance of attitudes towards educational outcomes. He has characterized two forms of sequential bilingualism 'additive' and 'subtractive'. With the additive form, positive values are attributed to the two languages, and education in one language does not constitute a threat against the other (2002: 19)

Is é an dátheangachas suimíoch atá inmholta mar aidhm teanga mar a chítear i sainmhíniú Uí Bhaoill (1980) 'Dátheangachas Suimíoch (additive bilingualism): ina

mbíonn ardchumas sa dá theanga. Seo an staid dátheangachais is tairbhí agus éifeachtaí' (Ó Baoill, 1980:25).

Luann May et al (2004) go mbaineann go leor buntáistí cogneolaíochta, teangeolaíochta agus cumarsáide leis:

Where an additive approach to bilingualism is adopted, cognitive, social and educational advantages ensue, as later research on bilingualism (from the 1960s onwards) has consistently demonstrated. This includes greater cognitive flexibility, metalinguistic awareness, communicative sensitivity and field independence among bilinguals ... The clear consequence of such studies is that additive bilingual approaches for all bilingual students (not just socially and educationally advantaged students) will foster the cognitive benefits of bilingualism and lead to wider educational success for bilingual students. (May et al, 2004:64)

Ar an taobh eile, ní bhaineann na buntáistí céanna leis an dátheangachas dealaíoch mar a chítear sa bhá-oideachas a chleachtar le himircigh i Stáit Aontaithe Mheiriceá (Hickey 1997a; Hickey 1997b; Ní Mhurchú 1995; Shapson et al. 1984; Swain & Lapkin, 1991; Nic Craith 1993). Mar a luann Ó Duibhir (1999:23), 'faoin gcóras sin, téann an chéad teanga i léig agus an dara cheann ag dul chun cinn' Tarlaíonn an Bá-oideachas toisc nach dtugtar dóthain aitheantas struchtúrtha d'fhorbairt chéad teanga na bpáistí.

Is dátheangachas suimíoch atá i gceist i gcás na gaelscolaíochta in Éirinn. Is é sin le rá go bhfuiltear ag iarraidh Gaeilge a fhoghlaim / a shealbhú mar dhara theanga ag daltaí, don chuid is mó, a bhfuil Béarla mar phríomhtheanga sa bhaile acu. An aidhm atá ann ná, dátheangaigh fheidhmeacha agus délitearthacha a chruthú sa Ghaeilge agus sa Bhéarla roimh fhágáil na gaelscoile dóibh.

2.3 An Tumoideachas

Is gné amháin den oideachas dátheangach atá sa tumoideachas in a dtumtar an foghlaimeoir sa sprioctheanga atá in úsáid mar theanga foghlama an churaclaim

go léir. Níl aon dabht ach go n-aithnítear an tumoideachas anois go hidirnáisiúnta mar bhealach fíor-éifeachtach chun oideachas dátheangach a chur chun cinn.

Déanann Baker et al (1998) cur síos ar an tumoideachas mar mhúnla láidir san oideachas dátheangach.

Cuireann Johnson agus Swain (1997) síos ar na príomhghnéithe a bhaineann le clár tumoideachais:

1. An T2 (Gaeilge sa chás seo) teanga teagaisc na scoile.
2. Leanann an curaclam tumoideachais an gnáthchuracclam T1.
3. Tá tacaíocht láidir do T1 an dalta. Tugann tuismitheoirí, oidí agus an pobal iomlán an tacaíocht seo.
4. Is dátheangachas suimíoch atá mar aidhm ag an gclár.
5. Is sa seomra ranga don chuid is mó a théann daltaí i ngleic leis an sprioctheanga.
6. Tosnaíonn na daltaí sa chóras leis an leibhéal cumais céanna sa sprioctheanga nó gar dó.
7. Bíonn na múinteoirí dátheangach.
8. Is scáthán den chultúr logánta atá sa seomra ranga.

Baineann dúshláin chomh maith leis an gcóras tumoideachais. Luann Ní

Mhaoláin:

Ceann de na laigí a aithnítear leis an gcóras tumtha go ginearálta ná nach féidir comhthéacs iomlán teanga a chruthú laistigh den seomra ranga mar nach mbíonn an comhthéacs nádúrtha ann. Chuige sin tá sé riachtanach do ghaelscoileanna an úsáid, agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní eile atá ar fáil dóibh. Ceann de na hacmhainní is mó atá ann ná clós na scoile. Toisc go bhfuil sé mar sprioc ag an ngaelscoil deis a chur ar fáil do pháistí saol scoile iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge tá tábhacht thar cuimse le polasaí láidir scoile i leith labhairt na Gaeilge sa chlós. Ní hé amháin go bhfuil cúraimí féitheoireachta ar an múinteoir sa chlós ach tá cúraimí dochta teanga chomh maith. Caithfidh an múinteoir a bheith ag éisteacht de shíor agus ag tabhairt aird ar an teanga atá in úsáid agus atá de dhíth ar na

páistí. Déanfaidh an múinteoir múnlú ar an teanga go dearfach ... Níl aon amhras ach go bhfuil dua ag baint leis an obair seo. (2005: 25)

Tá na gnéithe sin go léir thuasluaite ag teacht le taithí an údair seo agus ag teacht leis an gcóras tumoideachais atá i bhfeidhm faoi láthair i ngaelscoileanna na hÉireann.

2.4 Cúlra an Tumoideachais in Éirinn

Tá tumoideachas á chleachtadh in Éirinn le fada agus sa chóras oideachais ó bhunú an stáit i leith. Córas éigeantach a bhí sa tumadh iomlán a cuireadh i bhfeidhm sna scoileanna náisiúnta nuair a bunaíodh an stat úrnua. Ag an am, ceapadh go bhféadfaí an tír a athghaelú tríd an gcóras oideachais. De réir Kelly (2002), bhí cuid mhór den mhilleán curtha ar an gcóras oideachais gallda mar gheall ar mheath na Gaeilge, don chéad bliain roimhe sin. Bhí sí mar aidhm mar sin malairt ghnímh a dhéanamh le córas tumoideachais, éigeantach, lánghaelach a chur i bhfeidhm i scoileanna náisiúnta na tíre mar pholasaí stáit. Ó 1926 i leith, is ea a cuireadh an polasaí éigeantach, teagasc iomlán tré Ghaeilge i bhfeidhm sna ranganna naíonáin: 'all instruction in the first two years of primary schools should be through Irish' (Kelly:2002: 43)

Maidir le ról na dtuismitheoirí i leith an pholasaí seo, tá sé spéisiúil féachaint ar abairt a dúirt an tAire Oideachais Tomás Ó Deirg ag an am: 'I cannot see that parents, as a body, can decide this matter.' (Kelly, 2002: 19) Is suimiúil an rud é an difríocht idir na cleachtais sa ghaeltacht agus sa ghalltacht, a luaigh an Teachta Dála Eamonn Ó Neill ag an am a lua anseo:

Is éagcóir ar na leanbhaí sa Ghalltacht gan aon Bhéarla do labhairt leo i scoileanna na naoidheanán, ná aon Bhéarla do mhúineadh dhóibh agus

gan aca féin ach Béarla, agus gan ach Béarla á labhairt agus á chlos aca lasmuigh de'n scoil. An fhaid atá an sgéal mar sin sa Ghalltacht tá na múinteoirí sa Ghaeltacht ag briseadh a gcríodhe ad' iarraidh Béarla do mhúineadh do leanbhaí na Gaeltachta (Kelly, 2002: 46-47)

Is léir mar sin nach raibh tacaíocht iomlán ag an tumoideachas éigeantach sna ranganna naíonán a bhí á bhrú ar aghaidh ag an rialtas ag an am sin.

Déanann Ní Fhearghusa (1998) cur síos ar conas mar a athraíodh an polasaí éigeantach Gaeilge ina dhiaidh sin:

D'eisigh an Roinn Oideachais Imlitir nua (Imlitir 11/60) lenar cuireadh in iúl do scoileanna nár ghá a thuilleadh na Naíonáin a mhúineadh go hiomlán tré Ghaeilge agus go bhféadfaí an bhéim air seo a athrú go múineadh na Gaeilge mar ábhar dá gceapfadh na múinteoirí go ndéanfadh na daltaí dul chun cinn níos fearr ó thaobh na Gaeilge de i gcoitinne. (1998: 19)

Míníonn Ní Fhearghusa (1998) gur thit líon na scoileana a bhí ag teagasc tré Ghaeilge go tubaisteach sna seascaidí go dtí nach raibh ach 11 bhunscoil agus cúig iar-bhunscoil sa Ghalltacht ag teagasc tré Ghaeilge i dtús na seachtóidí. Tá tagairt déanta ag Ó Riain (1994) do Ó Domhnalláin (1978) a léiríonn go raibh go leor cúiseanna leis an meath ollmhór sin. I dteannta le hImlitir 11/60, luaitear:

dúnadh na gcoláistí ullmhúcháin, 1960-1964; ... tuairisc Macnamara ar thionchar na Gaeilge ar pháistí bunscoile, 1966; ... curaclam nua bunscoile, 1971; deireadh le hoiliúint mhúinteoirí trí Ghaeilge le linn na seascaidí (1994: 51)

Le bunú na Naíonraí agus Eagrais na nGaelscoileanna i 1973, tháinig feabhas ar an scéal de réir a chéile agus inniu, tá 163 gaelscoil ar fud na tíre (131 acu sin ó dheas i Meán Fómhair 2006) agus fáil ar an ngaelscolaíocht dóibh siúd gur mian leo í a roghnú i ngach contae sa tír don chéad uair riamh. De réir oifig *Gaelscoileanna Teo*, beidh ceithre ghaelscoil nua ag an mbunleibhéal, agus ceithre iar-bhunscoil lánGhaeilge, ag oscailt i Meán Fómhair 2007 ó dheas le bunscoil nua amháin ó thuaidh. Mar sin is léir anois, go bhfuil tumoideachas an lae

inniu iomlán roghnach do thuismitheoirí agus leis an mborradh leanúnach atá faoi is léir gur mian le thuismitheoirí an cineál seo oideachais dá bpáistí.

Is mar seo a chuireann Mac Einrí (2007) síos ar an gcóras in Éirinn faoi láthair:

Immersion education, where learners are educated in whole or in a significant part through a language other than their first language, is now firmly established internationally and in Ireland, North and South as a successful and effective form of education. It aims to develop a high standard of language competence in the immersion language, but must also, and can ensure at least a similar level of achievement in the first language as that reached by pupils attending monolingual schools. (2007: 4)

Ó bunaíodh an stáit tá athrú iomlán tarlaithe mar sin, ó pholasaí tumoideachas iomlán éigeantach go staid ina bhfuil an tumoideachas iomlán roghnach sa lá atá inniu ann. Is fiú a lua freisin go bhfuil an tréimhse don tumoideachas iomlán roghnach ó thús na seachtóidí i leith, i bhfeidhm níos faide anois, ná na tréimhse ó lár na bhfichidí go dtí 1960, nuair a bhí polasaí éigeantach tumoideachas iomlán i bhfeidhm ag an stát.

Tá saghasanna éagsúla tumoideachais ann. Is tumoideachas iomlán (Luath-thumadh iomlán) nó lántumoideachais mar a thugann Harris (2006) air, atá á chleachtadh i ngaelscoileanna na tíre seo faoi láthair agus is mar seo a dhéanann Ní Mhaoláin ón eagraíocht *Gaelscoileanna Teo.* cur síos ar an gcleachtas.

Tá an tumoideachas iomlán aitheanta ar fud an domhain ar an córas is éifeachtaí chun an dara teanga a mhúineadh/shealbhú i suíomh scolaíochta ... Ciallaíonn córas tumoideachais go bunúsach go dtumtar an páiste sa sprioctheanga (2005: 9)

Is é an luath-thumadh iomlán an bealach atá á chleachtadh in Éirinn thuaidh agus theas le fada an lá. Sa chóras seo, múintear na páistí go hiomlán tré Ghaeilge, an T2, ón gcéad lá de ghnáth, agus tosaítear ar an mBéarla a theagasc ina dhiaidh sin.

Déanann Baker (2001) cur síos ar na saghasanna éagsúla cláracha dátheangacha. Áirítear an tumoideachas i measc na múnlaí láidre le dátheangachas agus délitearthacht mar aidhm aige. Cuireann Johnson & Swain (1997) síos ar na saghasanna éagsúla tumoideachais. Tá éagsúlacht leibhéil ina dtosaítear an tumoideachas. Luath-thumadh a thugtar ar an saghas tumoideachais a thosaítear ag leibhéal na naíonán. Tá cláracha meán tumadh agus tumadh déanach i gCeanada freisin ach níl a leithéid i scoileanna na tíre seo faoi láthair cé gur suimiúil a lua gur mhol Harris (2006) cláracha mar sin a chur ar bun:

cineálacha idirmheánacha den tumoideachas a fhorbairt, nach mbeidh chomh huailmhianach leis an gcur chuige lán-tumoideachas sna scoileanna lán-Ghaeilge ach a bheidh níos uailmhianaí ná an clár leathnaithe ábhair-amháin. Tá na cláir idirmheánacha sin réasúnta coitianta in áiteanna eile. (2006: 192)

Is féidir cláracha páirt-thumadh nó lán-tumoideachas a bheith i gceist. Is cur chuige lán-tumoideachais nó tumoideachas iomlán atá sna gaelscoileanna anseo in Éirinn mar a aithníonn Harris (2006) thuas.

2.5 Curaclam na Bunscoile (1999) agus Tumoideachas

Is fiú a lua nach bhfuil aon deighilt déanta idir na Naíonáin Shóisearacha agus na Naíonáin Shinsearacha sa Churaclam Bunscoile don Ghaeilge nó don Béarla. Is sa Mhatamaitic amháin a dheighiltear na ranganna ar fad óna chéile. Baineann an curaclam teangan leis na Naíonáin thar thréimhse dhá bhliain. Níl aon aidhmeanna ar leith sa churaclam Gaeilge nó Béarla do na Naíonáin Shóisearacha nó na Naíonáin Shinsearacha.

Luaitear sa réamhrá gur: ‘gné faoi leith den bhunoideachas in Éirinn é go mbíonn taithí ag páistí, ó thús na scolaíochta, ar fhoghlaim teanga trí mheán dhá theanga.’ (Curaclam na Bunscoile, Réamhrá: 27)

Leantar ar aghaidh: ‘Ar bhonn na síceolaíochta, na staire agus na teangeolaíochta, tá sé de cheart ag gach páiste Éireannach taithí a fháil ar an dá theanga’. (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 43)

Níl sainmhíniú, áfach, tugtha ar an mbrí phraiticiúil a bhaineann le *taithí a fháil* ar an dá theanga. Ní deirtear mar shampla, go bhfuil ceart acu an dá theanga a fhoghlaim nó cumas réasúnta sa dá theanga a fhorbairt. Cé go bhfuil dhá theanga i gceist ón tús, níl aon teoracha foilsithe i gCuraclam na Bunscoile ná ag cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, faoin mbealach is éifeachtaí chun an dátheangachas agus forbairt na délitearthachta laistigh den chóras bunscoile a chur chun cinn. Níl an córas tumoideachais luaite i gCuraclam na Bunscoile (1999) agus níl sainmhíniú ann fiú ar an délitearthacht.

I gcás na Breataine Bige bhí ‘Estyn’ (Her Majesty’s Inspectorate for Education and Training) tar éis plécháipéis ar an ábhar sin a fhoilsiú i 1992. Mar chuid de shainmhíniú Estyn ar an délitearthacht deirtear gur ‘The ability to speak, read and write easily in both languages and also the ability to move fluently between languages are part of dual literacy’ (2002: 3)

Moltar creatlach sheachtainiúil íos-ama do mhúinteoirí i gCuraclam na Bunscoile.

An chúis go bhfuil creatlach sheachtainiúil íos-ama ann ná:

d’fhonn cuidiú le múinteoirí agus le scoileanna cur i bhfeidhm an churaclaim a phleanáil, moltar creatlach ama a dháileann íosmhéid ama ar gach achar den churaclam. (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 67)

Cuireann na doiciméid churaclaim béim ar sholúbthacht maidir lena cur i bhfeidhm. Mar shampla, deir sé go bhfuil:

sé tábhachtach go n-úsáidfeadh na múinteoirí an chreatlach atá molta maidir le dáileadh ama ar an mbealach is solúbtha, d'fhonn teagasc an churaclaim a dhéanamh chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir. (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 68)

Iarrtar ar mhúinteoirí sa Churaclam:

caithfidh sé/sí cur chuige nuálach i leith an teagaisc a chleachtadh agus a bheith eolach ar athruithe agus forbairtí i dteoiric agus i gcleachtadh an oideachais (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 21)

Ní léir, áfach, go bhfuil an 'tumoideachas iomlán' i measc na bhforbairtí i dteoiric agus i gcleachtadh atá i gceist ag údair an churaclaim.

Aithnítear sainspiorad teangeolaíoch na scoile san Acht Oideachais (1998) agus leagann sé cúram áirithe in a leith sin ar an mBord Bainistíochta:

spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, mórálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíocha agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún as iad a chosaint. (1998: 15 (2) (b))

Seo an méid a deirtear sa réamhrá de Churaclam na Bunscoile (1999) faoi theanga:

Cuimsíonn teanga sa Churaclam an Ghaeilge agus an Béarla, agus múintear í i dtrí chomhthéacs dhifriúla scoile: scoileanna arb é an Béarla máthairtheanga na bpáistí agus an príomh-mheán teagaisc iontu; scoileanna arb í an Ghaeilge go coitianta teanga an bhaile agus meán teagaisc na scoile; agus scoileanna lán-Ghaeilge arb í, nó nach í, an Ghaeilge teanga an bhaile ach arb í meán teagaisc na scoile í. (1999:43)

Dá mbeadh an t-alt sin á scríobh inniu, is ceist í, an mbeadh aon athruithe ann i bhfianaise na staide sochtheangeolaíochta iomlán nua go bhfuil scoileanna gaeltachta, gaelscoileanna agus gnáthscoileanna ag déileáil léi go laethúil ina gcuid seomraí ranga.

Aithníonn Curaclam na Bunscoile (1999) go bhfuil suímh shochtheangeolaíochta teagaisc ann mar atá sa Churaclam Gaeilge, deirtear:

Tá dhá churaclam ann sa Ghaeilge: ceann do scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu agus ceann eile do scoileanna gaeltachta agus lán-Ghaeilge. I scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc, tugtar deis do na páistí inniúlacht chumarsáide a ghnóthú ar féidir forbairt a dhéanamh uirthi in oideachas an dara leibhéal agus ina dhiaidh sin. I scoileanna gaeltachta agus lán-Ghaeilge, is í an Ghaeilge teanga na scoile. Cuireann an curaclam do na scoileanna seo comhthéacs ar fáil ina ngnóthóidh na páistí máistreacht níos leithne ar an nGaeilge. Déanfar a n-oilteacht a threisiú a thuilleadh trí thaithí a fháil ar an nGaeilge mar mheán foghlama. (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá, 1999: 43)

Níl aon aitheantas tugtha sa Churaclam Bunscoile (1999) do na suímh éagsúla ina bhfuil an Béarla á theagasc. Níl ach curaclam amháin ann do gach aon suíomh. Is cuma cén saghas scoile atá i gceist, meastar go bhfuil curaclam an Bhéarla oiriúnach don ghaeltacht, don ghalltacht agus don ghaelscoil. Níl na focail *gaeltacht*, *scoil lán-Ghaeilge* nó *gaelscoil* fiú amháin, luaite in aon chor sna leabhair curaclaim don Bhéarla. Chomh fada is a bhaineann sé le Béarla, ní ann dóibh.

Tuigtear sa churaclam an tábhacht a bhaineann le teanga sa phróiseas foghlama: ‘tá teanga lárnach sa phróiseas foghlama’ (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 8) ‘Cuimsíonn teanga sa churaclam an Ghaeilge agus an Béarla’ (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 43) Ach, is léir ar scrúdú níos doimhne go bhfuil teanga áirithe, níos tábhachtaí ná teanga eile chomh fada is a bhaineann sé le litearthacht:

Leagtar béim faoi leith ar theanga ó bhéal sa churaclam toisc go bhfuil sí fíorthábhachtach i dtaca le forbairt chumas ginearálta teanga an pháiste. Is toisc chinntitheach i bhforbairt chumas cognaíoch an pháiste í teanga ó bhéal agus éascaíonn sí sealbhú scileanna sóisialta agus cumarsáide. Thar aon ní eile, is í an eilimint is mó a dhéanann an curaclam Béarla a chomhtháthú í. (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá, Béarla: 45)

Níl ráiteas mar sin déanta sa churaclam i gcomhthéacs na Gaeilge.

Deirtear freisin faoin litearthacht: 'Is gné ríthábhachtach den churaclam Béarla é sealbhú scileanna litearthachta.' (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá, Béarla: 45) Ar an taobh eile, ní luaitear an focal *litearthacht* fiú uair amháin i gCuraclam na Gaeilge (1999). Bíonn ar léitheoir dul chuig na Treoirlínte do Mhúinteoirí don Ghaeilge sula gcastar an focal ort. Níl aon chur síos sna treoirlínte, gur fiú trácht air, déanta ar shealbhú scileanna litearthachta tré Ghaeilge ach an méid seo:

Déanann na páistí idirghníomhú le daoine eile trí labhairt leo as Béarla ar dtús nó as Gaeilge agus is air sin a bhunaítear an litearthacht. Is é is dóichí ná go mbeidh bunús maith faoin teanga labhartha más í máthair-theanga an pháiste í. B'fhéidir go mbeifí in ann gluaiseacht ar aghaidh leis an bhforbairt nádúrtha a tharlaíonn de ghnáth ó éisteacht agus tuiscint agus ó labhairt na teanga go dtí an litearthacht i ranganna na naíonán sna scoileanna Gaeltachta. Tógfaidh an próiseas sin níos faide sa chás nach dtosaíonn an páiste ag foghlaim na Gaeilge do dtí go dtéann sé/sí ar scoil in aois a ceathair nó a cúig. (Curaclam na Bunscoile 1999, Treoirlínte do Mhúinteoirí Gaeilge: 126)

Is é an méid is mó atá ráite sa Churaclam Gaeilge faoi thús na léitheoireachta i scoileanna a mhúineann tré mhéan na Gaeilge ná:

sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta moltar gan tosú ar léitheoireacht fhoirmiúil na Gaeilge agus an Bhéarla ag an am céanna agus an obair ó bhéal a luadh thuas a dhéanamh leis na páistí freisin. Socrófar sa scoil cén teanga lena dtosófar ar an léitheoireacht fhoirmiúil. (Curaclam na Bunscoile 1999, Gaeilge, Treoirlínte do Mhúinteoirí: 131)

Mar sin, is léir ón ráiteas thuas go n-aithnítear go bhfuil an deis ann tosú leis an léitheoireacht fhoirmiúil sa Ghaeilge, más é sin cinneadh na scoile.

Is gá, áfach, dul i muinín na dtreoirlínte don Bhéarla chun breis cabhrach d'fháil faoi conas tabhairt faoi seo:

The curriculum assumes a considerable change in the approach to reading. Firstly, it envisages that the early stages of reading will be grounded firmly on the child's general language experience. This presupposes that oral language activities will provide the basis for the child's preparation for reading ... Consequently, much of the English programme in the child's first year at school will be devoted to oral language and informal reading activities. (Curaclam na Bunscoile 1999, English Guidelines: 50)

Bítear ag súil ansin gur sna Naíonáin Shinsearacha sa ghnáthscoil a thosaítear

leis an léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla:

In his/her first year in school the child should have a rich experience of oral language activity, including rhymes, riddles and games designed to develop his/her phonological and phonemic awareness ... If the child has such a language experience during his/her initial period in school the curriculum envisages that, by and large, he/she can begin a structured reading programme some time during senior infant class.
(Curaclam na Bunscoile 1999, English Guidelines: 55)

Dar le Lindholm- Leary (2005) tacaíonn an taighde ar chórais tumoideachais go soiléir leis an luath litearthacht sa sprioc theanga seachas i mBéarla. Má tá an obair ó bhéal le bheith mar bhunús leis an léitheoireacht do dhaltaí atá ag tosnú ag foghlaim tríd an dara teanga, agus go bhfuil cinneadh déanta ag an ngaelscoil na scileanna litearthachta a thosnú go foirmiúil tré Ghaeilge, ar mhaithe le rochtain iomlán an Churaclaim a chinntiú, luífeadh sé le réasún go dtumfaí na daltaí go hiomlán sa sprioctheanga chun an próiseas a éascú dóibh. Ní haon iontas, mar sin, go bhfuil sé faighte amach ag taighdeoirí ar nós Ní Bhaoill (2004) go bhfuil cleachtais éagsúla ar siúl i ngaelscoileanna maidir le tús na léitheoireachta mar tá sé soiléir sa churaclam gur fágadh fúthu féin na cinní sin a dhéanamh ag leibhéal na scoile.

Deirtear chomh maith sa Churaclam Bunscoile (1999): ‘Ba cheart i gcónaí fanacht go mbíonn an páiste réidh don léitheoireacht agus bunús maith faoina c(h)umas cainte.’ (Curaclam na Bunscoile 1999, Gaeilge: 5)

Ag eascairt as seo ceisteanna tábhachtacha ná an bhfuil an luath-thumadh iomlán á chleachtadh i ngaelscoileanna le cinntiú go bhfuil bunús maith faoin gcumas

cainte sula dtosaítear ar na scileanna léitheoireachta i dteanga na scoile? Níor mhiste féachaint ar cén treoir atá sa Curaclam Bunscoile do ghnáthscoileanna.

De ghnáth ní thosófar ar léitheoireacht na Gaeilge go foirmiúil roimh rang 2 i scoileanna T2. Faoin am sin beidh bunús maith ag an bpáiste i léitheoireacht an Bhéarla agus b'fhéidir go dtarlódh méid áirithe den traschur scileanna. (Curaclam na Bunscoile 1999, Gaeilge: 12)

Is léir uaidh sin go nglacann an Curaclam leis go mb'fhéidir go dtarlaíonn traschur scileanna sa léitheoireacht. I gcás Curaclam na Bunscoile, ní léirítear ach traschur ó Bhéarla go Gaeilge do ghnáthscoileanna a thosaíonn léitheoireacht fhoirmiúil na Gaeilge i rang a dó. Níl aon tagairt ann do thraschur ó Ghaeilge go Béarla do ghaelscoileanna nó do scoileanna na gaeltachta a mhúineann tré Ghaeilge.

Luaitear arís, sna treoirínte oide don Ghaeilge sna gnáthscoileanna a thosnaíonn ar an léitheoireacht fhoirmiúil i nGaeilge, an traschur sin a théann aon bhealach amháin:

Tarlóidh traschur scileanna ó léitheoireacht agus ó scríbhneoireacht an Bhéarla i scoileanna T2, mar shampla suí i gceart, bheith in ann scéal a leanúint nó a thuar ón bpictiúr, aithint cruthanna, patrún agus litreacha, breith ar pheann, treoshuíomh clé-deas, patrúin a tharraingt agus mar sin de. (Curaclam na Bunscoile 1999, Treoirínte Gaeilge: 20)

Aithníonn na saineolaithe go dtrasnaíonn scileanna léitheoireachta ó theanga go teanga, fiú, muna bhfuil na teangacha cosúil lena chéile. Maíonn Cummins (1998) gur dóichí éascú an traschuir seo ó mhionteanga go mórtheanga:

Transfer is more likely to occur from minority to majority language because of the greater exposure to literacy in the majority language outside of school and the strong social pressure to learn it. (1998: 5)

Ní aithnítear i gCuraclam na Bunscoile gur féidir leis an traschur scileanna sin dul ó mhionteanga go mórtheanga, ó Ghaeilge go Béarla sa tír seo. Is dócha gurb é seo ceann de na bunfhadhbanna atá leis an gCuraclam faoi láthair. Níl ráiteas ama cinnte ann a deir cathain gur chóir do scoileanna gaeltachta agus do ghaelscoileanna léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla a thosú. Dá mbeadh mar

shampla, ráiteas ann ag rá, go dtosódh gaelscoileanna agus scoileanna gaeltachta léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla de ghnáth i rith rang a haon, bhainfeadh sé ón éiginnteacht ar fad. Toisc gan ráiteas dá leithéid seo a bheith ann, cuirtear brú ar ghaelscoileanna scoileanna litearthachta a thosú sa dá theanga gar go leor dá chéile i Naíonáin Shinsearachta de ghnáth.

Ní haon iontas mar a dúradh cheana féin go bhfuil cleachtais éagsúla ó thaobh thús na léitheoireachta i bhfeidhm sna gaelscoileanna sa tír, nuair nach bhfuil saintreoir ar bith sa Churaclam féin.

Léiríonn (Ó Siaghail agus Déiseach, 2004; Ní Bhaoill, 2004) go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge ar dtús ag cuid acu, léitheoireacht an Bhéarla ar dtús ag cuid eile acu agus an léitheoireacht á tosú sa dá theanga ag cuid eile fós in ainneoin go bhfuil sé molta go soiléir sa churaclam gan é sin a dhéanamh. Is léir freisin go bhfuil cleachtais éagsúla maidir le tumoideachas i bhfeidhm sa tír seo. Cé nach bhfuil an córas tumoideachais luaite go sonrath sa Churaclam Bunscoile is luath-thumoideachas atá á chleachtadh i scoileanna atá ag teagasc tré Ghaeilge lasmuigh den ghaeltacht. B'fhéidir nach tumoideachas iomlán ar fad atá ann toisc go moltar 30 nóiméad Béarla ar a laghad in aghaidh an lae do na ranganna Naíonán. Ní dócha gur páirt-thumadh luath atá i gceist mar sin le beagnach 90 faoin gcéad den am caite ag teagasc tríd an sprioctheanga.

Níor mhiste féachaint ar an gceist cén fáth a cheapann gaelscoileanna áirithe gur féidir leo, fiú laistigh de théarmaí an Churaclaim reatha, tumoideachas iomlán a chleachtadh. Ní foláir nó tá an freagra sa Churaclam féin mar cuireann an curaclam béim ar an tsolúbthacht a thugtar do scoileanna de réir étós na scoile, tosca na scoile agus an dualgas a bhíonn ar scoileanna freastal ar riachtanais ar

leith na ndaltaí a fhreastalaíonn uirthi. Feictear tagairtí don tsolúbthacht seo sa réamhrá don churaclam mar seo leanas:

Cuireann an curaclam difríochtaí in acmhainn agus i raon na hintleachta aonair san áireamh. Tugann sé aird freisin ar a lán tosca eile is cúis le difreálú, amhail imshaoil uirbeacha agus tuaithe, eagrú scoile aonranga agus ilranga, éagsúlacht i gcúlraí socheacnamaíocha, agus na rudaí a mbíonn an teaghlach agus an pobal ag súil leo. Leithne agus solúbthacht an churaclaim, na roghanna a sholáthraíonn sé maidir le hábhar a thoghadh agus leis an ord ina múintear é, agus an chaoi a ndíríonn sé ar riachtanais fhorásacha páistí, cinntíonn siad seo go léir go bhfuil sé inchurtha in oiriúint d'ilghnéitheacht imthosca agus eispéireas páistí. (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 17)

Níl tumoideachas luaite go sonrach ansin, ach deirtear go dtugann an curaclam aird ar na rudaí a mbíonn an pobal ag súil leo. Má bhíonn an pobal ag súil le tumoideachas iomlán, agus é sin á fháil acu ón ngaelscoil le fada, is dócha gurb é an rud a thugann an ghaelscoil dóibh laistigh den tsolúbthacht atá sa Churaclam ná an tumoideachas iomlán sin, ar mhaithe le riachtanais fhorasácha a gcuid páistí. Luaitear i dtéarmaí pleanála scoile freisin sa gur gá an curaclam a oiriúnú agus a chiallú do na riachtanais uathúla scoile:

Eispéireas comhtháite foghlama is ea a shamhlaítear do pháistí sa churaclam. D'fhonn é seo a bhaint amach, leagtar béim láidir ar phleanáil. Laistigh de chreatlach an churaclaim tá sé de cheart ag scoileanna clár a oireann d'imthosca ar leith na scoile agus do riachtanais, infheidhmeacht agus achair spéise na bpáistí a phleanáil. Nuair a chuirtear ábhar i láthair agus nuair a dhéantar cineálacha cur chuige agus modhanna teagaisc a iniúchadh sa churaclam, cuirtear i gcás go ndéanfaidh scoileanna, agus a gcur i bhfeidhm á phleanáil acu, an curaclam a oiriúnú agus a chiallú de réir mar is gá d'fhonn freastal ar a riachtanais uathúla féin. (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 11)

Is é seo go díreach a bhíonn ar siúl ag an ngaelscoil nuair a chuirtear an rogha do thumoideachas iomlán ar fáil do phobal na gaelscoile chun freastal ar na riachtanais uathúla atá ag an bpobal sin.

Sa chur síos a thugtar sa réamhrá ar ról an phríomhoide mar cheannaire sa phróiseas forbartha curaclaim, áirítear go dtabharfar aird ar spriocanna oideachasúla a chuirfidh sainriachtanais agus tosca na scoile agus na ndaltaí a fhreastalaíonn uirthi san áireamh:

Is é gnó lárnach an phríomhoide samhail chomhpháirteach don churaclam a chruthú sa scoil agus ceannaireacht curaclaim a bheidh fuinniúil, spreagúil a chur ar fáil. Cuirfidh an próiseas forbartha curaclaim ar chumas an phríomhoide, mar aon leis an bhfoireann, spriocanna oideachasúla atá ábhartha agus réalaíoch a aithint a thabharfaidh léargas ar riachtanais, infheidhmeacht agus imthosca na ndaltaí agus ar nádúr uathúil na scoile agus a himshaoil. (Curaclam na Bunscoile 1999, Réamhrá: 19)

Tá dualgas ar phríomhoide gaelscoile a dheimhniú mar sin go bhfuil na toscaí ar leith agus spiorad saineúil ar leith na gaelscoile, curtha san áireamh sa phróiseas forbartha an curaclaim gaelscoile.

Nuair a fhéachtar ar Churaclam na Bunscoile, ní léir mar sin, go bhfuil sé aitheanta ann, mar nach bhfuil sé luaite go sonrath, go bhfuil córas tumoideachais i bhfeidhm sna scoileanna atá ag teagasc tré Ghaeilge. Ní thugtar míniú ar bith eile sa Churaclam faoi cad atá ar siúl acu. Áirítear go bhfuil go leor solúbthachta sa Churaclam freisin tumoideachas iomlán a chleachtadh más é sin a roghnaíonn pobal na gaelscoile a dhéanamh. Cinnte, ní féidir a shéanadh gurb é sin a bheadh pobal gaelscoile ar bith ag súil leis, má tá a leithéid á fháil acu le fada an lá, fiú roimh theacht i bhfeidhm an curaclaim reatha i 1999.

2.6 Polasaí tumoideachais na Roinne Oideachais.

Ar iarratas, ón eagraíocht *Gaelscoileanna Teo.*, sheol oifigeach sinsearach de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta cóip de pholasaí tumoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus litir chlúdaigh chuig

Príomhfheidhmeannach na hEagraíochta ar an 21 Iúil 2004. Tá cóip iomlán den pholasaí (gan an litir clúdaigh) mar Aguisín 2. Tá cóip de ar shuíomh idirlín na heagraíochta freisin ag www.gael scoileanna.ie. Admhaíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa pholasaí sin:

‘go léiríonn torthaí trialacha gur buntáiste oideachasúil ó thaobh foghlaim teangacha de, an dátheangachas’ (R.O.& E. 2004: 1). Leantar ar aghaidh sa pholasaí ar an tumoideachas agus deirtear:

Maidir le tumoideachas mar bhealach foghlama, ní hé go bhfuil polasaí ag an Roinn ar an gcoincheap ach go dtugann sí aird ar chanóin an eolais faoi agus a bhfuil le rá ag na húdair ... Tá cuid mhór scríofa ag Dr. Tina Hickey faoin scéal chomh fada is a bhaineann leis na naíonraí de agus ag Dr. Jim Cummins, Éireannach atá ag saothrú i gCeanada. Is mór ag an Roinn an cuidiú a thug daoine mar iad.
(R.O.E., 2004: 1)

Léirítear sa pholasaí maidir le tumoideachas mar choincheap go dtugtar aird ar chanóin an eolais faoi agus a bhfuil le rá ag na húdair. Luaitear beirt de na saineolaithe, An Dr. Jim Cummins agus An Dr. Tina Hickey go pearsanta sa pholasaí.

Is fiú féachaint mar sin, ar an méid a deir an Dr. Hickey, a aithnítear mar shaineolaí ar na cúrsaí seo go léir, maidir le luath-thumadh. Cuireann an Dr. Hickey (1997) síos ar na buntáistí a bhaineann leis an luath-thumadh:

Dá réir sin, léiríonn fianaise an taighde go láidir gur dea-thoradh a leanann luath- thumadh i gcás páistí theanga an mhóraithe nuair nach bhfuil a gcéad teanga i mbaol, agus gnóthachtáil acadúil nórmálta, nó gnóthachtáil níos fearr, mar thoradh air sin, chomh maith le gnáthscileanna sa chéad teanga agus ardscileanna sa dara teanga (1997: 6)

Is saineolaí idirnáisiúnta ar an oideachas dhátheangach agus an tumoideachas é an Dr. Cummins, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint lena cuid taighde. Is fiú dá réir cuid den méid a bhíonn le rá ag Cummins a lua anseo. Léirigh an Dr. Cummins go raibh na conclúidí a thug Macnamara (1966) míchruinn, fiú bunaithe ar a

bhuntaighde féin. Dar le Macnamara (1966), bhí tionchar diúltach ag an teagasc tré Ghaeilge ar dhaltaí sa Bhéarla agus le gnéithe de réiteach fadhbanna sa Mhatamaitic, ach go háirithe. Rinne an taighde diúltach sin a lán dochar don Ghaeilge sna seascaidí. Léirigh Cummins (1978), áfach, gur Macnamara féin a bhí míchruinn sna conclúidí a bhain sé as an taighde a bhí déanta aige.

Ar an 19 Meitheamh 2007 in oifigí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i mBaile Átha Cliath, thug an Dr. Cummins caint ar na ceisteanna seo. Fiafraíodh de an raibh cur amach aige, ar aon taighde a bhí ar fáil ar fud an domhain, a thacódh le seasamh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE), a bhí ag beartú ag an am, bac a chur ar thumoideachas iomlán sa tír seo bunaithe ar thuairimíocht sa ROE go raibh Béarla daltaí gaelscoile ag fulaingt de bharr iad a bheith tumtha go hiomlán sa Ghaeilge. Is é a dúirt an Dr. Cummins:

The surprising study that I would point to from the Irish context, is John Macnamara's study. Macnamara was this black cloud over gaelscoileanna back in the sixties and seventies because his survey, which was a massive survey, and one that he obviously deserves a lot of credit for having done, was a national study of gaelscoileanna. What he found, what he claimed he found was that Irish Medium schools were having a negative effect on English ... In actual fact ... when you look at his data based on a national sample shows, that there are no costs in terms of overall English development ... So, the concern that Irish medium instruction is going to have some kind of adverse effect on childrens' English, I think, (I guess) people are entitled to their opinion, but it would be nice if their opinion was informed by some of the research that is out there and there's tons of research out there. (Cummins, CNCM 2007: Traic 20-34)

Léirigh Cummins (1978) gur mór an difríocht idir na scoileanna tumoideachais i staidéar Macnamara agus scoileanna tumoideachais an lae inniu:

Present-day immersion schools are very different from many of the earlier Immersion schools in that parents are strongly committed to Irish. The available evidence suggests that in these schools, as in Immersion schools elsewhere, children achieve fluent L2 skills at no cost to their L1. (1978: 273)

Is léir nach bhfuil a sheasamh ar an gceist bhunúsach seo athraithe ag Cummins ón staidéar agus taighde déanta ó shin aige ar chláracha tumoideachais ar fud an domhain mhóir, gan fianaise ar bith faighte aige lena mhalairt de thuiscint a bheith aige. Deir sé:

All of the research in a Canadian context...out of hundreds of studies... there is no contrary data. It shows that children catch up very rapidly in English as soon as formal English is taught and by the end of the primary school there is either no difference, or children are doing better in English. (Cummins, CNCM, 2007:Traic 20-34)

Deir Cummins (2000) mar fhreagra ar an gceist: 'Will greater amounts of English instruction result in greater English achievement? The answer is simply, no.'

(2000: 215). Tá sé soiléir mar sin ón méid thuas nach bhfuil polasaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag tabhairt airde ar bith ar chanóin an eolais nó fiú ar na húdair atá luaite ag an Roinn féin, ina polasaí féin. Admhaítear go soiléir i bpolasaí tumoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta nach ar lucht na gaeltachta ná lucht na ngaelscoileanna a bhíodar ag díriú nuair a scríobhadh an Curaclam Béarla. 'Bunaíodh Curaclam an Bhéarla go bunúsach le freastal a dhéanamh den chuid is mó ar riachtanais fhoghlama an Bhéarla mar chéad teanga' (R.O.& E., 2004: 1)

Seo an Curaclam Béarla céanna go bhfuil an tAire Oideachais agus Eolaíochta, ag cur iachall anois ar ghaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta trí eisiúint Imlitir: 0044/2007 Béarla a theagasc ó thús an dara téarma sna Naíonáin Shóisearacha. Tá sé seo á dhéanamh aici beag beann ar na cúinsí ina bhfuil na scoileanna san earnáil seo ag feidhmiú, agus gan tor ar bith ar mhianta na dtuismitheoirí, ar mhúinteoirí nó ar phríomhoidí sna scoileanna sin.

Is léir nár cuireadh na sainriachtanais atá ag scoileanna atá ag teagasc tré Ghaeilge sa ghaeltacht nó sa ghalltacht san áireamh nuair a bhí curaclam an

Bhéarla á dhréachtadh an chéad lá riamh agus nach bhfuil siad á gcur san áireamh ach an oiread anois.

Aithníonn polasaí tumoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta na dúshláin ar leith atá ann do na Scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge:

I measc na bhfadhbanna is mó tá:

- An ceangal idir teanga agus foghlaim, go mór mór idir an teanga labhartha agus foghlaim.
- An caighdeán nach mór a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.
- Cur chuige maidir le léamh a fhorbairt agus léamh a dhéanamh sa dá theanga.
- Cén uair a thosaíonn na páistí ag léamh sa dá theanga?
- Cé mhéad ama ar chóir a thabhairt don Bhéarla sna blianta tosaigh?
- Cathain is cóir tús a chur le múineadh an Bhéarla sna scoileanna seo?

Níl ach beagán taighde déanta in Éirinn ar cheisteanna a bhaineann le tumoideachas, i bhfoghlaim an dara teanga sa bhunscoil go mór mór sna bunranganna. Baineann an taighde atá déanta le tíortha eile. Tá géarghá le tuilleadh taighde i gcomhthéacs na hÉireann. Tá treoirlínte breise ag teastáil ... Tá an CNCM ag ullmhú na dtreoirlínte seo agus tá an tAire ag súil go mbeidh siad ar fáil sar i bhfad.

(R.O.& E., 2004: 1)

Cé go bhfuil go leor de na saincheisteanna aitheanta sa pholasaí, níl aon chomhairle ann do scoileanna atá ag teagasc tré Ghaeilge chun na saincheisteanna fíorthábhachtacha atá aitheanta sa pholasaí féin a réiteach. Is deacair a thuiscint go raibh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag éileamh tuilleadh taighde ina polasaí féin ar na saincheisteanna a ardaíodh agus anois go bhfuil an deis a thug an CNCM dá leithéid de thaighde dul chun cinn, diúltaithe glan ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta féin. Is é a dúirt an tAire Hanafin faoi thaighde, nuair a ceistíodh í faoi chomhairle an CNCM a bheith diúltaithe aici ná :

The curriculum council said just do more research. Research just means, holding on, looking, delaying, seeing what the various options are. If the gaelscoileanna were so attached to the idea of total immersion for two years, why is it that they don't all do it? A good third of them start English from the very beginning (Mary Hanafin, Today FM, 'The Last Word' 2 Lúnasa 2007: 4.12-4.38)

Léirítear dearcadh an Aire Oideachais reatha faoi thaighde go soiléir sa ghiota thuas. Níl sé soiléir an eol don Aire Oideachais ón gceist a ardaíonn sí féin, go bhfuil cigireacht na Roinne Oideachais ag iarraidh polasaí frith-thumoideachas iomlán a chur i bhfeidhm i ngaelscoileanna na tíre mar a léirítear sa pholasaí thíos. Is léir go gceapann sí, go mba cheart do gach gaelscoil a bheith ag déanamh an rud céanna nuair i measc na gcúiseanna a thug sí dá cinneadh bac a chur le tumoideachas iomlán, luaigh sí na cleachtais éagsúla faoi thús a chur le múineadh an Bhéarla, a bhí ar siúl i ngaelscoileanna:

So, it's because of this diverse practice ... because I firmly believe it won't in any way damage the Irish language ... I'm quite certain that implementing the curriculum, teaching English for half an hour a day will do nothing to damage it. (Mary Hanafin, Today FM, 'The Last Word' 2 Lúnasa 2007: 4.39- 4.46 agus 5.37-5.43)

Mar a luaigh an saineolaí idirnáisiúnta Cummins cheana féin:

I think, (I guess) people are entitled to their opinion, but it would be nice if their opinion was informed by some of the research that is out there and there's tons of research out there (Cummins, CNCM 2007: Traic 30-34)

Is é deireadh an scéil dar le polasaí Tumoideachais na Roinne Oideachais agus

Eolaíochta ná:

Sa mhéid go bhfuil leathnú an dátheangachais mar chuspóir ag an Stát, agus ceart ag gach leanbh chuige, ní mór do gach scoil aitheanta an dá theanga a theagasc. Ní foláir an Ghaeilge a theagasc i ngach gnáthscoil: Ní foláir an Béarla a theagasc i ngach scoil lán Ghaeilge/Ghaeltachta. Agus baineann an foráil seo le gach rang sa bhunscoil. I ngeall ar a riachtanaí atá sé na daltaí gan Gaeilge a thumadh sa Ghaeilge go luath sa scoil lán Ghaeilge, tuigtear nach gcaithfí leis an Bhéarla ach an tíosmhéid atá molta chun Béarla mar ábhar a mhúineadh i.e. 2.5 uair in aghaidh na seachtaine. (ROE, 2004: 2)

Is léir nach raibh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sásta mar sin na cleachtais fhadbhunaithe a bhain le luath-thumoideachas iomlán a cheadú ina polasaí tumoideachais féin. Is léir gur mar ábhar seachas teanga a fhéachtar ar Bhéarla sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta, rud atá soiléir ón abairt

dheireannach i bpolasaí na Roinne thuas. Níl an méid a léirigh Kavanagh (1999) faoi na caighdeáin níos airde a bhain daltaí tumoideachais amach i scrúduithe tar éis meon na Roinne i leith an chórais as ar tháinig siad a athrú:

Junior Certificate results showed that all the immersion students had studied higher level Irish and 93% received an A or B grade in the examination. In contrast, less than a half of the 'ordinary' school students studied higher level Irish and of those who sat the higher level paper only 49% received A or B grades (Kavanagh, 1999:188-89 luaite in Murtagh 2003: 14).

Is léir mar sin go mbaineann daltaí tumoideachais leibhéal níos airde amach ag leibhéal an teastais shóisearaigh. Má tá leathnú an dátheangachais mar chuspóir ag an stát beidh ar dhaltaí an teanga a úsáid lasmuigh den scoil ina saol féin.

Maidir le tumoideachas agus a leithéid i gcomparáid le 'gnáthscoileanna' deir Murtagh (2003) an méid seo:

It may be worth mentioning that approximately three quarters of the 'all-Irish' students in the Kavanagh study also indicated a strong commitment to maintenance of the language in terms of their 'intention to use Irish in their homes, with any children they may have in the future' (Kavanagh, 1999: 207). The corresponding proportion for 'ordinary' school final year students is much lower (36%) but, nonetheless, suggests a significant level of commitment for non-immersion final year students. The extent to which such aspirational commitment may be realized in practice and the factors facilitating this transformation are the critical issues for intergenerational transmission of Irish skills. (2003: 15)

Mar chonclúid ar chúrsaí tumoideachais sa tír seo deir sí:

the positive outcomes emerging from present day immersion programmes must be acknowledged and the fact that the present revival of all-Irish medium education is bottom-up driven, rather than top-down (State) driven, is further grounds for optimism in relation to its capacity to endure over time. (2003: 15)

Cé go bhfuil a fhios againn ón taighde gur fearr an seans go núsáidfídh daltaí a thagann tríd an gcóras tumoideachais an Ghaeilge níos déanaí ina saol, níl a

leithéid aitheanta ná curtha san áireamh i bpolasaí tumoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Tá cás Maori na Nua-Shéalaine inchomparáideach go maith linn sa tír seo sa chiall gur Béarla atá in uachtar sa tsochaí sin mar ghnáth-theanga labhartha ag formhór mór na ndaoine. Is fiú a fháil amach, cad atá faighte amach acu sin faoi na ceistanna seo a bhaineann le tumadh iomlán nó páirt-thumadh agus mar sin de. Is í an chonclúid a thagann ón tír sin na go gcuireann leibhéal níos airde tumoideachais le leibhéal níos airde líofachta:

Total immersion is not a prerequisite for the achievement of high-level fluency in the target language, but higher levels of immersion do tend to result in higher levels of fluency among students. If increasing the number of fluent speakers in a language that is currently endangered is particularly important (as is the case with te reo Maori), higher levels of immersion will be most effective in achieving this. (May S., et al 2004: 119)

Is fiú féachaint ar cad a deir Rialtas na hÉireann: Ráiteas i Leith na Gaeilge 2006 atá mar aidhm againn sa tír seo:

Is aidhm ar leith de chuid an Rialtais í a chinntiú go bhfuil an oiread saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla...tabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus lasmuigh de, an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile mar theanga teaghlaigh...Cuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é. Leanfar leis an tacaíocht do Ghaelscoileanna ag leibhéal na bunscoile. (Ráiteas an Rialtais i Leith na Gaeilge: 2006)

Má tá an seans is fearr ag teastáil ón Rialtas na haidhmeanna sin a bhaint amach, is léir go mbeidh ról lárnach le n-imirt ag an bpolasaí luath-thumadh iomlán i ngaelscoileanna agus i scoileanna gaeltachta.

Déanann Hickey (1997) tagairt d'achóimre Genesee ar an gceist seo.

'Tugann achóimre Genesee le fios gur fearr na torthaí, agus gach rud san áireamh, a bhíonn ar lántumadh ná ar pháirt-thumadh agus gur fearr luath-

thumadh ná tumadh déanach' (Hickey, 1997: 5) Ní féidir seasamh na Roinne a chuireann cosc ar luath-thumadh iomlán a thuiscint sa chomhthéacs seo.

Is rí-shoiléir mar sin go bhfuil polasaí tumoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ag teacht salach ar thuairimí na saineolaithe atá luaite sa pholasaí féin. B'fhéidir gurb é an cur síos is cruinne ar an bpolasaí ná an líne sa pholasaí tumoideachais féin a deir: 'Maidir le tumoideachas mar bhealach foghlama, ní hé go bhfuil polasaí ag an Roinn ar an gcoincheap'. (R.O.& E., 2004: 2)

Is é tuairim an údair seo gur dóichí gur admháil é sin go bhfuil mórán fós le foghlaim ag an Roinn Oideachais faoin gceist thábhachtach seo.

2.7 Tumoideachas agus Tústheanga na léitheoireachta

Aontaíonn oideachasóirí ar fud an domhain go bhfuil ról lárnach ag an léitheoireacht i gcúrsaí foghlama agus oideachais go ginearálta. Tá tústheanga na léitheoireachta ar cheann de na ceisteanna práinneacha i gcomhthéacsanna tumoideachais.

Déanann Ó Duibhir agus Ní Bhaoill (2004) cur síos ar an teanga inar cheart tús a chur leis an léitheoireacht i ngaelscoileanna na hÉireann agus tá comparáid an-suimiúil déanta acu le cleachtais in áiteanna eile m.sh. Alba, An Bhreatain Bheag agus Tuaisceart na hÉireann. Is é a tharlaíonn in Albain ná:

In the case of children entering a Gaelic-Medium school at P1 who are not fluent Gaelic Speakers, the main emphasis in the first two years will be on gaining oral competence in Gaelic. This is the immersion phase. In general, English should **not** be introduced until pupils have attained Level A targets in the four language outcomes in Gaelic.

(Scottish Office Education Department, June 1993: 1)

Tá taighde cuimsitheach déanta acu san Albain ar na torthaí nó na leibhéil ghnótháchtála a bhaineann leis an tumoideachas iomlán atá ar siúl ann:

From the evidence of this study we conclude that pupils receiving Gaelic-medium primary education, whether or not Gaelic was the language of the home, were not being disadvantaged in comparison with children educated through English. In many though not all instances they outperformed English-medium pupils and in addition gained the advantage of having become proficient in two languages. As such, the findings of our research study, though identifying areas for further progress, should bring reassurance about the attainments achieved by Gaelic-medium pupils - to parents, pupils, teachers, school management, local authorities, national officials and not least the public in Scotland.
(Johnstone et al, 1999: 13)

Is léir ón taighde thuas go bhfuil córas an tumoideachais iomlán agus polasaí faoi thús na léitheoireachta tríd an mionteanga ar dtús ag dul chun cinn go maith do dhaltaí na hAlban.

Moltar an luath-thumadh iomlán mar chóras sa Bhreatain Bheag freisin, áit nach múintear Béarla do dhaltaí sna scoileanna Breatnaise go mbíonn na daltaí sa tríú bliain scoile nó ag tús eochair chéim 2 (ACCAC, 2000: 2) Bíonn na daltaí seo seacht nó ocht mbliana d'aois faoin am sin. Deireann Johnstone (2002) faoin gcleachtas i gCeanada gurb é an luath-thumadh iomlán a thosaíonn sa chiondargáirdín nó sa chéad ghrád leis an dteagasc 100% sa sprioctheanga ar feadh ceithre nó cúig bliana an múnla is láidre chun inniúlacht sa sprioctheanga a fhorbairt. Agus an dátheangachas suimíoch mar phríomhaidhm ag gaelscoileanna na tíre seo tá sé riachtanach go mbeadh an tumadh iomlán seo i bhfeidhm sna scoileanna. Deir Ó Duibhir agus Ní Bhaoill (2004)

Tá sé le tuiscint go gcaithfidh dóthain teagmhála a bheith ag páistí i scoileanna gaeltachta agus lán-Ghaeilge leis an nGaeilge chun cúiteamh a dhéanamh ar cheannasaíocht an Bhéarla le go mbainfidh siad dátheangachas suimíoch amach' (2004: 12)

Mar a deir Hickey (1997) agus í ag cur síos ar chóras na Naíonraí agus na ngaelscoileanna:

I gcláir thumoideachais ar nós na Naíonraí agus córas na ngaelscoileanna in Éirinn, tugtar tacaíocht ar bhonn an phobail agus ar bhonn na sochaí do theanga an mhóiraimh (An Béarla), agus cuirtear teanga na scoile (An Ghaeilge) le stór teangeolaíoch an pháiste.(1997: 4)

Tá go leor díospóireachta déanta ag na saineolaithe ar fud an domhain faoin tionchar a bíonn ag foghlaim tríd an dara teanga ar chumas sa mháthairtheanga. Sa tuairisc ar an tumoideachas a d'ullmhaigh May et al. (2004) sa Nua Shéalainn don Aireacht Oideachas ansin, leirítear gur mó buntáiste a bhaineann leis an dátheangachas suimíoch:

existing research points unequivocally to the cognitive, social and educational *advantages* of bilingualism when an *additive* approach to bilingualism is taken. An additive approach to bilingualism presupposes that bilingualism is a benefit and resource, both for individuals and the wider society, which should be maintained and fostered. (2004: 1)

San athbhreithniú ar an litríocht a rinne Ó Laoire agus Harris i Samhain 2006 don CNCM, bhí an méid seo le rá acu faoi thús na léitheoireachta agus cén teanga inar cheart tosnú:

B'fhéidir nuair a fhiafraimid *Cén cur chuige is fearr a ghlacadh i leith sheiceamhú na luath-léitheoireachta?* nach í sin an cheist is ceart a chur. B'fhéidir nach bhfuil aon slí cheart amháin ann, aon straitéis bharrmhaith amháin do thabhairt isteach na luath-léitheoireachta, a d'oírfeadh do gach scoil lán-Ghaelach. B'fhéidir, mar sin, nár chóir a bheith ag iarraidh an choimhlint dhealraitheach churaclaim seo a réiteach le moladh uilíoch. B'fhéidir nach mbeadh moladh mar é, sa staid eolais ina bhfuilimid faoi láthair, chun leasa thodhchaí na scoileanna lán-Ghaeilge ná forbairt na litearthachta i bpáistí sna scoileanna sin. (2006: 51)

Sa chomhthéacs seo, ní féidir ach a rá faoi Imlitir 0044/2007 ach, nach chun leasa na scoileanna lánGhaeilge ná forbairt na litearthachta i bpáistí sna scoileanna sin a bhfuil ann. Forbraíodh pacáiste teagaisc teangan Séideán Sí do scoileanna gaeltachta agus do ghaelscoileanna. Is iad an Roinn Oideachais agus Eolaíochta

a chuireann maoiniú ar fáil don togra. Is é seo an méid atá i lámhleabhar rang a trí faoin gcóras inar cheart na hacmhainní a úsáid:

Chun go rachaidh an cúrsa seo chun sochair mar is ceart do na daltaí ní mór é a theagasc taobh istigh de chóras lántumtha ina bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide sa scoil. (An Roinn Oideachais, 2006:1)

Deir Kathryn J. Lindholm-Leary (2005), áfach, go léiríonn an taighde i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe go mba cheart an léitheoireacht a thosnú tríd an sprioctheanga agus go mbíonn gnóthachtáil na ndaltaí sa léitheoireacht inchomparáideach lena gcomhdhaltaí i seomraí ranga aonteangacha faoi na meánbhlianta bunscolaíochta. Luann Lindholm-Leary raidhse taighdeoirí a thagann leis an tuairim sin:

that teaching literacy through the second language does not place language majority students at risk in their development of the two languages. By third or fourth grade they usually score at least as high as native English speakers from monolingual classrooms on standardized tests of reading achievement. (Genesee, 1987; Lambert, Genesee, Holobow & Chartrand, 1993; Lindholm-Leary, 2001; Lindholm-Leary & Molina, 2000) These results hold true for low –and middle-income African American students in French Immersion, and in Spanish and Korean dual language immersion programs ... thus the literature on Bilingual and immersion education programs clearly supports early literacy instruction through the non-English language. (Cloud et al 2000)' (2005: 35)

Deir Lindholm-Leary go bhfuil impleachtaí móra eile ag baint le cinneadh thús na léitheoireachta freisin go háirithe mar a bhaineann le rogha teanga na ndaltaí le haghaidh léitheoireachta dá bpleisiúr féin mar nós:

Experts in dual language programs note that dual language students will often read for pleasure in the non-English language in the first and second grade but that once they are able to read in English, they tend to read for pleasure primarily in English. One reason may be that English is the societal and prestigious language; thus there is considerably more literature to choose from in English (Lambson 2002). The lack of available literature becomes more pronounced as the children move into the higher grades (Grades 5-12). If the children do not begin reading in the non-English

language until second or third grade, after they have begun reading in English, they may never choose to read for pleasure in the non English language. (2005: 36)

Muna mbíonn fonn ar dhaltaí léamh i nGaeilge dá bpléisiúr féin, is léir go mbeidh dúshlán ollmhór ann dóibh ard-leibhéal litearthachta a bhaint amach sa Ghaeilge.

Dhírigh an páipéar comhairliúcháin a d'fhoilsigh an CNCM (2006) i Meitheamh

2006 aird ar an gceist seo:

Chuir gach scoil in iúl go raibh gá le soláthar níos fearr de théacsanna Gaeilge, cé gur sna meánranganna ba mheasa a bhí an fhadhb seo sna gaelscoileanna. Toradh amháin a bhí air sin ná go raibh sé de nós ag na páistí, sna scoileanna gaeltachta go háirithe, leabhair Bhéarla a léamh mar chaitheamh aimsire. Más cuid riachtanach d'fhorbairt na teanga í an litearthacht, d'fhéadfadh an easpa téacsanna atá oiriúnach d'aois na bpáistí sa Ghaeilge bac a chur air (2006: 46)

Ag tagairt don taighde idirnáisiúnta, tagann an páipéar comhairliúcháin ar

chonclúid go mb'fhearrde do scoileanna lántumtha tosnú leis an litearthacht sa

Ghaeilge ar dtús agus do scoileanna páirt-thumtha tosnú leis an litearthacht sa

Bhéarla ar dtús:

Based on international research, it is argued that children in a total immersion situation can engage with literacy in the second language because their exposure to the first language is intense in the environment (Neil et al, 2000: 59 & Cummins, 2000a). If, therefore, a school adopts a policy of total immersion in junior infants then the introduction of literacy in Irish would appear to be the most appropriate. If it adopts a policy of partial immersion or a bilingual policy then it may be more appropriate to introduce literacy in English first. (CNCM, 2006: 18)

Bíonn tionchar ag polasaí thús na léitheoireachta ar ghnéithe eile de pholasaí

teangan uile-scoile na gaelscoile i ranganna éagsúla. Tá sé deacair a shamhlú

conas a bheadh daltaí a shealbhaíonn na scileanna léitheoireachta i mBéarla ar

dtús agus go bhfágfar bearna réasúnta sula dtosaítear ar an léitheoireacht

fhoirmiúil i nGaeilge, ábalta, faoi thús rang a haon mar shampla, an curaclam

iomlán a rochtain tré mhéan na Gaeilge le téacsleabhair Ghaeilge sna hábhair eile go léir.

Tháinig an cheist chun cinn chomh maith i bpróiseas comhairliúchain an CNCM:

A number of submissions noted that the acquisition of literacy cannot be separated from the other language skills (listening, oral language and reading), therefore practice in literacy should emanate from the school's overall language policy and should be followed through consistently at all class levels.(2006: 17)

Tá glactha leis ag na saineolaithe go gcuireann na difríochtaí idir teangacha isteach ar an ráta ina bhfoghlaímíonn daltaí conas léamh sna teangacha sin. Léirigh Seymour et al (2003) go mbaineann formhór na ndaltaí san Eoraip bunscileanna léitheoireachta amach laistigh de bhliain teagaisc amháin. Tá eisceachtaí, áfach, agus ina measc tá, anFhraincis, an Danmhairgis, an Phortaingéilis agus Béarla. Is teangacha iad sin le hortagrafaíocht dhoimhin. Thóg sé dhá bhliain go leith ar a laghad ar léitheoirí Béarla an dul chun cinn céanna a rinne léitheoirí i dteangacha eile laistigh de bhliain amháin a dhéanamh. Deir Seymour et al (2003) freisin, go raibh an bhearna sa dul chun cinn idir dhaltaí níos leithne sa Bhéarla. Tá an t-eolas seo an-tábhachtach do ghaelscoileanna mar tá rogha le déanamh ag gaelscoileanna sa phleanáil scoile dá bpobal faoi cén teanga ina dtosaítear go foirmiúil ar an léitheoireacht. Is rogha é seo a bhfuil impléachtaí eile ag eascairt as don ghaelscoil, go háirithe sa chomhthéacs go dtacaíonn soiléireacht ortagrafaíocht na gaeilge leis an tuairim gur choir tús a chur leis an léitheoireacht sa Ghaeilge.

Cuireann Lyddy (2005) síos ar ortagrafaíocht na Gaeilge a roineann tréithe le teangacha ceilteacha eile:

Welsh, Gaelic and Irish have relatively transparent alphabetic orthographies that have been subject to regular review and standardisation in recent

decades. Notwithstanding differences across dialects, compared with English they have fewer inconsistencies, with relatively predictable print sound mappings (Lyddy, 2005:1)

Léirigh Spencer & Hanley (2003) sa Bhreatain Bheag, buntáistí do dhaltáí na Breatnaise a d'fhoghlaim léitheoireacht tré Bhreatnais i gcomparáid le Béarlóirí a d'fhreastal ar scoileanna Béarla, leis an mbuntáiste is mó ag na daltaí laga.

Tá Lyddy (2005) den tuairim céanna agus í ag cur síos ar an ábhar seo i gcomhthéacs na hÉireann:

Data currently being analysed by my research team suggests similar benefits from Irish for reading generally. Studies from other countries (e.g. Canada) support the idea that literacy emerges through immersion without disadvantaging the 'majority' language. Some of these effects may be due to orthography. Perhaps, learning a shallow orthography encourages the relationship between writing and sound, facilitating reading generally...At the least, it would appear that the concerns over the effect on English literacy are unsubstantiated (2005: 3)

Aithnítear Bialystok ar dhuine de na saineolaithe is mó le rá sa ghort taighde seo. D'fhéach Bialystok (2007) ar shealbhú na litearthachta i ndaltaí dhátheangacha.

Nuair a bhí a scagadh litríochta féin déanta aici tháinig sí ar an gconclúid:

Three prerequisite skills for the acquisition of literacy are competence with oral language, understanding of symbolic concepts of print, and establishment of metalinguistic awareness The conclusion is that the relation between bilingualism and each of the three skills is different, sometimes indicating an advantage (concepts of print), sometimes a disadvantage (oral language competence), and sometimes little difference (metalinguistic concepts) for bilingual children. (2007: 45)

Tá gach aon iarracht déanta ag an údar seo teacht ar fhoinsí sa taighde chun na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcur chuige gan Béarla a theagasc do dhaltáí óga gaelscoile ó chúlra an Bhéarla ag tús a scolaíochta (nó a comhionann ar fud an domhain ó chúlra teanga an mhóraithe) a aimsiú. Níor éirigh leis an taighdeoir teacht ar a leithéid.

Tá an taighdeí dtíortha eile an-dearfach faoi na caighdeáin ghnóthachtála a bhaintear amach i gcláracha tumtheagaisc iomlán in ábhair eile. Deir an taighde ó Cheanada:

Academic achievement of total immersion students is as high as students taught in mainstream English medium schools on tests of mathematics and science, despite the fact that they receive their instruction in French (Hamers and Blanc, 2000 luaite in May et al, 2004: 90).

Tá buairt ann faoin mBéarla go háirithe do pháistí laga atá i ngaelscoileanna a chleachtaíonn an luath-thumadh iomlán ar feadh bliana nó dhó:

within the UK and Ireland efforts to conserve Welsh, Gaelic and Irish have been greatly bolstered by school systems, through varying degrees of formal exposure, including total immersion. However, the impact of such exposure is frequently questioned, particularly in terms of the cost to literacy attainment in English and the effect on weaker readers. (Lyddy, 2005)

B'fhéidir go bhfuil tuismitheoirí buartha faoi shealbhú na litearthachta sa teanga is laige ag an dalta bunaithe ar thorthaí ó na Stáit Aontaithe ar nós August & Hakuta (1997) ag míniú gur thóg sé ó cheithre bliana go seacht mbliana ar dhaltaí Easpáinneacha breith suas lena gcomhghleacaithe toisc na scileanna litearthachta a bheith á bhfoghlaim acu tré Bhéarla,² an teanga ba laige a bhí acu. Cé go léiríonn an scéal thuas go bhfuil an pobal áirithe sin laistiar go mór ó thaobh scileanna litearthachta tríd an dara teanga, b'fhéidir go bhfuil cúiseanna eile leis an suíomh sin. Ní féidir glacadh leis gur mar a chéile atá scéal na tíre seo. Léiríodh gurb é an cúlra socheacnamaíochta agus cultúrtha is mó ba chúis leis na hEaspáinnigh a bheith taobh thiar.

Ach maidir le páistí a thagann ó chúlra le Béarla mar theanga baile deireann Bournot-Trites, M. & Tallowitz U.: 'the loss of instructional time in English in favour

² Níl dáta luaite san alt sin ar chúis éigin.

of the second language has never been shown to have negative effects on the achievement of the first language...' (Gan dáta: 3)

Déanann Cummins cur síos ar fheasacht teanga:

in some socio-linguistic contexts, transfer across languages not only compensates for the reduction of instruction in the majority language but also enhances aspects of students command of the majority language possibly as a result of the development of greater metalinguistic awareness. (2005: 5)

Is cosúil go bhfuil cúlra sóisialta agus oideachasúil as a dtagann daltaí gaelscoile níos fearr ar an meán i gcomparáid le daltaí ó ghnáthscoileanna sa tír seo.

Deireann Harris (2006):

Tá a fhios againn ón staidéar seo, mar shampla, go bhfuil 'próifíl' thuismitheoirí na leanaí i scoileanna lán-Ghaeilge, ó thaobh a gcumais féin Gaeilge a labhairt, a mhinice a labhraíonn siad Gaeilge lena leanbh, a leibhéal oideachais, agus a stádas eacnamaíochta, níos fabhraí ná próifíl chomhfhreagrach na dtuismitheoirí i ngnáthscoileanna. (2006: 158)

Má tá cúlra níos buntáistiúla ná an meán ag daltaí dá leithéid, bheifeá ag súil nach mbeadh siad chun deiridh ar nós na ndaltaí i staidéar August & Hakuta (1997) atá luaite thuas. Is sa chomhthéacs sochtheangeolaíochta atá i gceist ag Cummins chun trasnú scileanna ag an leibhéal is airde a chumasú is dóichí go bhfuil na daltaí seo ag feidhmiú. Dealraítear ó thaighde ó Thír na mBascach agus ón gCatalóin go bhfuil buntáistí breise le baint ag daltaí tumoideachais atá délitearthach i sealbhú an tríú teanga.

Léiríonn Cenoz and Valencia (1994); Lasagabaster, (1998); Sanz, (2000) torthaí dearfacha do dhaltaí a bhí délitearthach (tar éis dul tríd cláracha tumoideachais) i sealbhú an tríú teanga.

Deir Sanz (2000) 'Results from the present study (show that) immersion programs in the minority language, whether in the Basque Country or in Catalonia, produce more efficient L3 learners.' (2000: 33-34). Is bealach éifeachtach é an tumoideachas dá réir, chun foghlaimeoirí níos éifeachtaí sa tríú teanga a fhorbairt.

2.8 Caighdeán léitheoireachta Bhéarla daltaí Gaelscoile

Is ceist choitianta i suíomhanna tumoideachais an cheist faoi chaighdeán léitheoireachta na ndaltaí sa mhórtheanga toisc buairt a bheith ar thuismitheoirí faoin tionchar a bhíonn ag an luath-thumadh iomlán ar an gcéad teanga.

Tháinig an cheist áirithe seo chun cinn go poiblí le cúpla bliain anuas i ngaelscoil amháin. Thuairiscigh iriseoir sa nuachtán *The Kerryman* (1 Lúnasa 2007) in alt dar teideal 'Gaelscoil row leads to new national rules,' gur de bharr aighnis sa ghaelscoil a cuireadh rialacha nua i bhfeidhm go náisiúnta:

A long running row between parents and management of a ... gaelscoil over the teaching of English to junior classes has led to the creation of new rules for every gaelscoil in the country ... Minister Mary Hanafin announced that from 2008 all Gaelscoileanna will be obliged to teach English to pupils for 30 minutes each day, starting from the second term of junior Infants ... The controversy which began in ... but quickly took on a national dimension, arose when Gaelscoil ... instituted a total immersion Irish language policy in 2005 ... A number of parents concerned about the impact the development, and the impact it would have on their children's level of English, contacted the Department of Education who sent inspectors to the school (Simon Brouder, *The Kerryman*: 1 Lúnasa 2007: 7)

Bhí tuismitheoir nó tuismitheoirí sa ghaelscoil buartha go mbeadh tionchar diúltach ag an dtumoideachas iomlán ar Bhéarla a bpáistí. Dúirt tuismitheoir amháin: 'we simply wanted to make sure our children didn't fall behind in English while learning their native language' (Simon Brouder, *The Kerryman*: 1 Lúnasa 2007: 7)

Is ag tagairt d'Imlitir 0044/2007 a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta I Mí Iúil, 2007, a bhí an tuairisceoir thuas nuair a thagair sé do rialacha nua agus ráiteas an Aire. Thagair an tAire Hanafin í féin don cheist san agallamh a craoladh ar RTÉ 'News at One' ar an 26 Iúil 2007, nuair a ceistíodh í faoin tumoideachas iomlán:

The reality is that the Gaelscoileanna all adopt different approaches and I don't think I can stand over a situation where schools would be taking an á la carte approach to how long they would spend on any subject, be that Irish, English or whatever. So I think that it is important that children from an early stage should have access to both languages, that they would be literate in both Irish and in English and that the children in Gaelscoileanna would be at the same reading level in English as their friends are in other schools (Mary Hanafin in RTÉ 'News at One' 26 Iúil 2007 in agallamh le Emma O Kelly)

Níl ach fórbheagán taighde ar fáil ar an gceist seo a bhíonn ag déanamh imní do roinnt tuismitheoirí agus anois don Aire Hanafin í féin. Nuair a dúradh léi nach mbíonn tionchar diúltach ag tumoideachas iomlán ar Bhéarla na ndaltaí dúirt sí a thuilleadh ar an gceist léitheoireachta:

Why shouldn't the nine or ten year old in the gaescoil be able to read Harry Potter in the same way as the child down the road is? (Mary Hanafin, Today FM, 'The Last Word' 2 Lúnasa 2007: 3.27-3.34)

Thug Uachtarán *Gaelscoileanna Teo.* freagra ar ráiteas an Aire sa pháipéar


laethúil Lá Nua:

Mar fhreagra ar an Aire, dúirt Mícheál Ó Broin ón eagras Gaelscoileanna gur léirigh an taighde idirnáisiúnta ar fad atá ar fáil do Ghaelscoileanna gurb é an tumoideachas an bealach is fearr chun cuidiú le daltaí an dara teanga a shealbhú. "Níor cheart go mbeadh eagla ar an Aire taighde a choimsiúnú ar an gceist seo agus, ansin, an cinneadh a dhéanamh bunaithe ar an dtaighde sin," a dúirt sé. Thug sé le fios fosta nach raibh aon deacracht ag daltaí Gaelscoile leabhair ar nós Harry Potter a léamh - i mBéarla nó i nGaeilge. (Ó Liatháin, Lá Nua, 8 Lúnasa 2007: 1)

An cheist is coitianta mar a chítear thuas, ná an mbeidh caighdeán léitheoireachta Bhéarla na ndaltaí a ghabhann trí chóras tumoideachais iomlán taobh thiar dá bpiaraí i scoileanna eile. Sin ceann de na ceisteanna a bhíonn in aigne na dtuismitheoirí agus rogha á dhéanamh acu dá bpáistí óga. B’shin ceann de na cúiseanna a spreag an taighdeoir seo le dul i mbun oibre ar an gceist seo.

Léirigh an ‘Report on the National Survey of English Reading in Primary Schools 1988’ gur scórail na daltaí gaelscoile níos fearr ná a gcomhleacaithe i scoileanna a bhí ag teagasc tré Bhéarla. Is í an taighde reatha an chéad uair go bhfios don údar ó 1988 go ndearnadh comparáid idir na torthaí léitheoireachta i ngaelscoileanna le gnáthscoileanna nó leis an meán náisiúnta. Seo thíos an toradh a léiríodh sa ‘Report on the National Survey of English Reading in Primary Schools 1988,’ a foilsíodh i 1991.

Fíor 9: Torthaí Suirbhé Náisiúnta léitheoireachta an Bhéarla 1988



Léiríonn na torthaí seo go bunúsach go raibh amhscór níos airde á ghnóthú ag na daltaí gaelscoile ag gach deichiú peircintíl sa sampla i gcomparáid lena gcomhdhaltaí a bhí á dteagasc tré Bhéarla.

The results of the 1988 survey demonstrate that children in fifth class in Scoileana Lán-Ghaeilge scored significantly better on the D88 test than

their counterparts in ordinary schools. The reasons why pupils who are taught through the medium of Irish perform better on a test of English Reading than pupils who are taught through English is not readily apparent (An Roinn Oideachais, 1991: 26)

Níor dhein an suirbhé sin aon iniúchadh níos doimhne ar an gceist thábhachtach seo ach ag an am gcéanna dúradh:

It seems reasonable to conclude that factors of family background, pupil ability and pupil-teacher ratio go some way to explaining the gap in English reading attainment between scoileanna Lán-Ghaeilge and Ordinary schools. However, firm conclusions on the importance of these factors must await further research. (An Roinn Oideachais, 1991: 28)

Is cúis iontais, áfach, nár moladh an taighde sin a dhéanamh sna conclúidí agus moltaí a bhain leis an dtuairisc sin.

Rinne Harris & Murtagh (1987) comparáid idir dhaltaí Gaeltachta, dhaltaí gnáthscoileanna agus dhaltaí gaelscoileanna maidir le scileanna smaointeoireachta agus cumas reasúnaithe i mBéarla ag baint úsáide as an Drumcondra Verbal Reasoning Test (DVRT).

The mean standard score (DVRT) for all sixth class pupils in Gaeltacht schools was 105. The corresponding scores for ordinary schools and in scoileanna lán Ghaeilge were 109 and 115 respectively. (An Roinn Oideachais, 1991: 28)

Is léir ón mbeagán taighde seo go raibh ag éirí níos fearr le daltaí gaelscoile i scrúduithe léitheoireachta Béarla agus i scileanna smaointeoireachta Béarla fiche bliain ó shin. An cheist ná an bhfuil sé amhlaidh sa lá atá inniu ann?

2.9 Léitheoireacht an Bhéarla i scoileanna faoi mhíbhuntáiste.

Rinne cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta iniúchadh ar theagasc agus gnóthachtáil daltaí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste sa tuairisc 'Literacy and Numeracy in Disadvantaged Schools: 2005' (LANDS). Mar chuid den tuairisc tugadh torthaí na scrúduithe caighdeánaithe do léitheoireacht an Bhéarla sna

ranganna go léir ins na scoileanna sin. Ní léirítear sa tuairisc go raibh gaelscoil ar bith i measc an dáréag scoil a roghnaíodh don tsuirbhé sin. Deir an tuairisc:

Several research studies have shown that the achievement of pupils in schools designated as disadvantaged is significantly below those of pupils in other schools. Weir, Milis and Ryan (2002) found that the average attainment of sixth class pupils in reading and Mathematics was significantly lower than that of pupils nationally. (An Roinn Oideachais, 2005: 14)

Roghnaigh na cigirí 12 scoil as liosta de na scoileanna is mó faoi mhíbhuntáiste i mBaile Átha Cliath, Luimneach agus Corcaigh. Seo thíos na torthaí sin i gcomparáid leis an meán náisiúnta.

Fíor 15: Torthaí Literacy and Numeracy in Disadvantaged schools (LANDS) Survey: Measured achievement in reading.

Scoileanna faoi mhíbhuntáiste	0-20%	21-40%	41-60%	61-80%	81-100%
	Percentile	Percentile	Percentile	Percentile	Percentile
Scoileanna LANDS 2005 (Torthaí R.1-6)	43.3%	19.9%	17%	13.7%	6.2%
Meán Náisiúnta	20%	20%	20%	20%	20%

Deir tuairisc LANDS faoi na torthaí seo:

The scale of low achievement in both literacy and numeracy revealed gives cause for serious concern...The dramatically low achievement levels reported suggest that pupils are not benefiting fully from their educational experiences...their potential to benefit from second-level education is very limited. The findings should be of major concern to schools and to policy-makers, given the importance of language competence as a foundation for learning. (An Roinn Oideachais 2005: 30)

Is léir go bhfuil ábhair machnaimh sa tuairisc thuas don Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Chomh fada is a bhaineann ceist na ndaltaí faoi mhíbhuntáiste agus an ghaelscolaíocht lena chéile is é seo ceann de na cúiseanna a thug an tAire Oideachais a bhí mar bhunús le eisiúint Imlitir 0044/2007. Agus í ag tagairt do ghaelscoileanna, dúirt sí:

Increasingly they are setting up in disadvantaged areas. Now, we know that children coming into our schools from the more disadvantaged backgrounds and families, are coming in with no language skills. They have no books in the home, they don't have stories being read to them, they don't have nursery rhymes. They are coming in at a disadvantage. What I don't want is that those children remain at a disadvantage for a further two years simply because they are going to a gaelscoil. That is one very good reason, to make sure that they get the language skills in Irish and English.

(Mary Hanafin, Today FM, 'The Last Word' 2 Lúnasa 2007: 1.40-2.07)

Is léir go gceapann an tAire Oideachais gur míbhuntáiste breise a bheadh ann do dhaltáí atá cheana féin faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí freastal ar ghaelscoil a chuireann tumoideachas iomlán ar fáil. Ach bhí cúis eile ag an Aire Hanafin leis an Imlitir a eisiúint:

A second thing and we are putting a lot of emphasis and a lot of supports into schools on special needs, and it was one issue that the National Parent's Council raised with me where they said, that if a child has special educational needs, they want those identified as quickly as possible, and again if the child isn't being opened to English language as a subject in school for two years, again, that delay could mitigate against the child's progress as well. There's two good reasons. (Mary Hanafin, Today FM, 'The Last Word' 2 Lúnasa 2007: 2.08-2.37)

Tá conclúidí mar gheall ar oiriúnacht an tumoideachas iomlán do dhaltáí as cúlraí faoi mhíbhuntáiste agus daltaí le riachtanais speisialta oideachais ar fáil sa taighde ó thíortha eile cheana féin. Léirigh Bruck (1985) gur mar a chéile a dhéanann daltaí le cumas intleachtúil íseal laistigh nó lasmuigh de chláracha tumoideachais agus nár bhain na deacrachtaí le tumoideachas. Mhínigh Genesee (1992) gur éirigh chomh maith céanna le daltaí le scileanna moillithe sa chéad teanga i gcláracha tumoideachais go háirithe cláracha a bhí cumarsáid-bhunaithe. Léirigh sé freisin, gur dhein daltaí ó chúlra socheacnamaíochta íseal nó cúlra an lucht oibre mar a chéile laistigh nó lasmuigh de chláracha tumoideachais.

Maidir le measúnú agus aithint daltaí le deacrachtaí foghlama, molann Curaclam na Bunscoile na huirlisí éagsúla measúnaithe céanna don Ghaeilge agus don Bhéarla:

Beidh na huirlisí measúnaithe seo ar chontanam, ag tosú leis na cinn atá neamhfhoirmiúil, ar nós dhírbhreathnú an mhúinteora, tríd síos go dtí na trialacha caighdeánaithe. Cuirfear san áireamh:

Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste
Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
Bailiúchán d'obair agus de thionscadail an pháiste
Próifílí curaclaim
Trialacha diagnóiseacha
Trialacha caighdeánaithe.
(Curaclam na Bunscoile, Gaeilge: 146)

Is féidir a bhformhór de na huirlisí thuasluaite a úsáid sa ghaelscoil gan deacracht ar bith agus mar sin, ní léir, conas go mbeadh fadhb ag múinteoirí daltaí le deacrachtaí a aithint sna ranganna naíonán. Is i lár na naíonán sinsearach a mholtar tús a chur le scagadh ar dhaltaí atá díreach tosaithe ag léamh sa churaclam Béarla. Níl moladh dá leithéid sa churaclam don Ghaeilge ach luaitear go gcuirfeadh trialacha diagnóiseacha agus caighdeánaithe go mór le próiseas an mheasúnaithe sna scoileanna.

Léirigh tuairisc eile ón bhForas Taighde ar Oideachas i nDroim Conrach 'Reading Literacy in Disadvantaged Primary Schools 2005' (Eivers, Shiel & Shortt) a rinne tástáil ar 6,400 dalta i 94 scoil faoi mhíbhuntáiste i rang a haon, rang a trí agus rang a sé torthaí suimiúla ar an ábhar seo freisin. Ní léirítear sa tuairisc sin ach an oiread, go raibh gaelscoil ar bith i measc an 94 scoil a roghnaíodh.

Léirigh Eivers, Shiel & Shortt (2003) go raibh 26.7 faoin gcéad as rang a haon, 29.5 faoin gcéad as rang a trí agus 27.2 faoin gcéad as rang a sé sa chatagóir faoi bhun 10 faoin gcéad (níos lú ná an 10ú peircintíl).

Léirigh Eivers, Shiel & Shortt (2003) freisin nach raibh níos mó ná 4 faoin gcéad sa chatagóir os cionn 90 faoin gcéad (os cionn an 90ú peircintíl) in aon rang sa taighde a rinne siad sa 94 scoil. I measc na moltaí a rinne na taighdeoirí sin bhí:

We suggest that current curriculum guidelines on time allocation are not appropriate for very disadvantaged schools. Such schools should allocate at least 90 minutes a day to the classroom teaching of English. This should be supported by a substantive school-wide focus on language and literacy that is considerably stronger than that found in current intervention programmes (2005: 28)

Níor tháinig aon athrú ar an gcreatlach sheachtainiúil íos-ama a mholtar sa churaclam de bharr na tuairisce sin, go fóill ach go háirithe. Níl ach aon ghaelscoil déag sa tír go bhfuil an stádas céanna sin faoi mhíbhuntáiste acu. Beidh sé suimiúil na torthaí ó na gaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste sa taighde reatha a chur i gcomparáid leis na torthaí sa dá shuirbhé thuasluaite.

2.10 Léitheoireacht na Gaeilge

Tá sé deacair do scoileanna de gach aon chineál caighdeáin léitheoireachta na Gaeilge a mheasúnú le trialacha caighdeánaithe oiriúnacha mar nach bhfuil a leithéid ann faoi láthair. Tá an uirlis mheasúnaithe léitheoireachta a forbraíodh i nDroim Conrach sna seachtóidí as dáta anois agus is beag fiúntas atá in a leithéid a úsáid i scoileanna an lae inniu.

I 2004, d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta ag an am, Nollaig Ó Diomsaigh, go mbeadh trialacha caighdeánaithe le déanamh ag gach aon bhunscoil sa tír go luath. Tháinig an easpa trialacha tré Ghaeilge agus don Ghaeilge chun cinn sna meáin arís ag an am. Is mar seo a thuairiscigh an tuairisceoir Rónán Ó Domhnaill ar Nuacht TG4:

Tuairisceoir: Gheall an Roinn chomh maith nach bhfágfaí scoileanna sa nGaeltacht agus scoileanna Lán-Ghaeilge in áit na leathphingine.

Urlabhraí Sinsearach na Roinne Oideachais: Ó thaobh na matamaitice de agus ó thaobh na Gaeilge de, tá ganntanas trialacha ar fáil trí mheán na Gaeilge. So mar thoradh ar an tionscnamh seo ón Aire beidh gá le trialacha nua agus cuirfear na trialacha sin ar fáil trí mheán na Gaeilge, agus níl aon cheist ach go ndéanfar sin. Thig liom sin a gheallúint. (Ó Domhnaill. R., Nuacht TG4, 16 Iúil 2004)

Mar a tharla ó shin, níl a leithéid de thrialacha caighdeánaithe atá oiriúnach do ghaelscoileanna don Ghaeilge curtha ar fáil go fóill, cé gur tugadh geallúint rí-shoiléir ag an am. Is deacair a chreidiúint go bhfuil an tAire Oideachais reatha ag úsáid easpa uirlisí measúnaithe caighdeánaithe don Ghaeilge mar chúis le iachall a chur ar ghaelscoileanna múineadh an Bhéarla a thosú níos luaithe. Is léir ón ngiota thuas gur a Roinn féin a theip ar phobal na Gaeilge maidir leis na geallúintí a tugadh trí bliana roimhe sin faoi sholáthar na n-uirlisí sin.

Cé nach bhfuil úirlisí caighdeánaithe ar fáil do scoileanna, mar sin féin, tá eolas suas chun dáta comparáideach ar fáil idir ghaelscoileanna, scoileanna gaeltachta agus gnáthscoileanna maidir le léitheoireacht na Gaeilge.

Is gá féachaint ar thorthaí Harris (2006) 'An Ghaeilge sna Bunscoileanna:

Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht' chun ceist léitheoireacht na

Gaeilge a chíoradh. Léiríonn an taighde sin go bhfuil ag éirí níos fearr le


scoileanna lánGhaeilge ná scoileanna gaeltachta agus gnáthscoileanna maidir le

feidhmíocht léitheoireachta na Gaeilge:

I gcás Léitheoireacht na Gaeilge is féidir linn comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht ar fud na dtrí chineál scoile ar an triail chríochnú abairtí (Nasc 25). Arís eile, is léir go bhfuil feidhmíocht Léitheoireachta na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta idir na scoileanna lán-Ghaeilge agus na gnáthscoileanna, ach níos gaire do na scoileanna lán-Ghaeilge: ba é an meán den chéatadán ceart ar Nasc 25 ná 70.9% do scoileanna Gaeltachta,

85% do scoileanna lán-Ghaeilge agus 38.9% do ghnáthscoileanna. (2006: 101)

Fíor 1: Léitheoireacht na Gaeilge. Torthaí Harris 2006



Is léir mar sin ó thuairisc Harris (2006) go bhfuil na caighdeáin so-ghlactha bunaithe ar thasc léitheoireachta sa Ghaeilge á bhaint amach ag 85 faoin gcéad de ghaelscoileanna agus ag 38.9 faoi gcéad de ghnáthscoileanna. Chomh fada is a bhaineann sé leis an díospóireacht phoiblí, ní chloistear tuismitheoirí ó ghnáthscoileanna ag gearán toisc caighdeán léitheoireachta sa Ghaeilge a bheith chomh híseal sin ag a bpáistí.

Deir Harris (2006):

ba léir go raibh caighdeán léitheoireachta na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge i bhfad níos airde ná caighdeán léitheoireachta na ndaltaí i ngnáthscoileanna, leis na daltaí sa Ghaeltacht ag leibhéal idir eatarthu ach a bhí níos gaire do dhaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge. (2006: 94)

Dá mbeadh scéal comparáideach á léiriú do léitheoireacht an Bhéarla leis na gaelscoileanna chun deiridh, bheadh sé suimiúil féachaint ar cad a tharlódh dá bharr. Déanann Harris (2006) iarracht a mhíniú conas a thit na caighdeáin

Ghaeilge sna gnáthscoileanna chomh tubaisteach sin ó 1985:

Dá mbeadh meath substaintiúil tagtha ar chaighdeáin i matamaitic nó i léitheoireacht Bhéarla sa tréimhse atáthar a bhreithniú, mar shampla,

bheadh sé tugtha faoi deara agus bheadh inní léirithe ag tuismitheoirí i bhfad níos tapúla ná mar a tharla i gcás na Gaeilge. Ar an mbonn sin, is tuisce a bheadh brú chun gníomh leighis a dhéanamh. (2006: 188)

Is léir freisin go mbíonn thiar ar an nGaeilge mar theanga sna scoileanna go léir toisc nach bhfuil uirlisí oiriúnacha, caighdeánaithe ar fáil go fóill le measúnú cruinn céimnithe, a dhéanamh ar léitheoireacht na Gaeilge. Toisc é seo, ní féidir comparáid iomlán a dhéanamh idir chumas léitheoireachta na ndaltaí sa dá theanga i scoileanna lánGhaeilge, i scoileanna gaeltachta agus i ngnáthscoileanna.

2.11 Comparáid: Fiche bliain ag feitheamh.

Léiríonn cáipéis an CNCM (2006) go soiléir an bhearna san eolas atá ann maidir leis an teanga ina gcuirtear tús leis an léitheoireacht i gcontrárthacht leis an scéal go hidirnáisiúnta:

International research (Ewart & Straw, 2001:196) suggests that the language of the initial introduction to reading is not in itself a determinant of academic outcomes, but there is little or no evidence from the Irish context to confirm or contradict this. Indeed there is little or no evidence to indicate how well pupils achieve in the *National Assessments in Reading and Mathematics* (2006) in comparison with their peers in schools where English is the medium of instruction, since such pupils have not been included in sufficient numbers to enable conclusions to be drawn. (2006: 20)

Tá an taighdeoir seo ag iarraidh tús a chur leis an mbearna eolais sin a líonadh, tré fhianaise a bhailiú ó na gaelscoileanna go léir chun teacht ar na meáinchaighdeáin léitheoireachta sa Bhéarla. Seo comparáid nár éirigh leis an Stát a sholáthar go poiblí le beagnach fiche bliain anuas. Léireoidh na staitisticí sin cá seasann na daltaí gaelscoile i gcomparáid lena gcomhleacaithe i scoileanna

Béarla. Cuirfidh an taighde reatha bonn eolaíoch faoi dhíospóireachtaí maidir le caighdeáin ghnótháchtála daltaí gaelscoile sa léitheoireacht Bhéarla, i suíomhanna tumoideachais éagsúla. Ach, tá sé luaite cheana féin ag taighdeoirí eile go bhfuil réimsí eile den tumoideachas gur ghá don stát gníomhú iontu.

Mar a luann Ó Duibhir (1999):

Tá sé dochreidte i dtuairim an údair seo, nuair a chuimhnítear go bhfuil córas tumoideachais in Éirinn ó bunaíodh an Stát breis is seachtó bliain ó shin, ní hamháin nach bhfuil neart taighde ar an ábhar ach nach bhfuil fiú amháin cúrsaí réamhsheirbhíse nó inseirbhíse le freastal ar an gcóras seo. ..Leis an taithí fada (*sic*) atá ar an tumoideachas in Éirinn ba chóir go mbeadh oideachasóirí ó thíortha eile ag teacht le foghlaim uainn. (1999: 15)

Is cosúil, áfach go bhfuil cleachtais agus coincheapú sna gaelscoileanna chun tosaigh ar pholasaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Luann Cummins (1978) dearcadh na múinteoirí i dtaobh bunphrionsabail oideachais: 'A common concern among teachers in present-day Irish medium schools is the desire to follow and be seen to follow, sound educational principles.' (1978: 276) Sa dóigh céanna, tharla sé i gCeanada go raibh na cláracha tumoideachais agus na múinteoirí iontu chun tosaigh ar an gcóras oideachais. Is é seo a deir Day & Shapson (1996) sa chomthéacs sin:

many immersion teachers began teaching and virtually created a program for their classrooms prior to any widespread availability of immersion teacher education programs or support services (1996: 117)

Tar éis breis agus seachtó bliain de thaithí tumoideachais a bheith againn in Éirinn, ba dhóigh leat go mbeadh polasaí cuimsitheach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar an ábhar rí-thábhachtach seo sa Stát dátheangach ina mairimid.

2.12 Tuismitheoirí

Tá ról na dtuismitheoirí sa tumoideachas thar a bheith tábhachtach. B'iadsan a bhunaigh na gaelscoileanna roghnacha an chéad lá riamh. Is iad atá fós ag bunú

gaelscoileanna ag an dá leibhéal timpeall na tíre. Mar a deir Ní Mhaoláin (2005) 'Is le toil mheáite na dtuismitheoirí a bhunaítear gaelscoil. Murach iad agus an t-éileamh speisialta a chothaigh siad ní bheadh an seasamh atá bainte amach ag na gaelscoileanna anois mar atá' (2005: 22). Leagann Ní Mhaoláin (2005) amach roinnt mhaith bealaí sa pholasaí sin gur féidir le tuismitheoirí cabhrú agus tacú le hobair na gaelscoile.

Léiríonn an taighde idirnáisiúnta chomh maith go mbíonn tionchar dearfach ag rannpháirtíocht tuismitheoirí ar ghnóthachtáil acadúil daltaí i gcláracha rathúla tumoideachais:

when the parents are involved, they often develop a sense of efficacy that communicates itself to children with positive academic consequences..... Activities such as reading and listening to children read are both feasible and practical, and contribute to improved scholastic achievement...effective programs tend to incorporate a variety of home/school collaboration activities. (Cloud et al, 2000; Met & Lorenz, 1997; Tizard, Schofield, & Hewison, 1982), luaite in (Lindholm- Leary, 2005: 40)

Tá sé ráite go minic ag taighdeoirí go bhfuil próifíl na dtuismitheoirí a roghnaíonn an ghaelscolaíocht difriúil ó ghnáthtuismitheoirí na tíre. B'shin ceann de na cúiseanna a thug An Roinn Oideachais (1991) chun a mhíniú conas a bhí daltaí gaelscoile níos fearr ag an léitheoireacht Bhéarla. Ach, tá fianaise áirithe ann anois go bhfuil an phróifíl sin ag athrú. Seo a bhí le rá ag Harris (2006) agus comparáid á déanamh aige leis an bpróifíl a bhí tugtha faoi deara aige sna hochtóidí:

Ní bheadh aon iontas le déanamh de, ar ndóigh, dá mbeadh próifíl tuismitheoirí lán-Ghaeilge go deimhin athraithe méid áirithe in imeacht na tréimhse atá i gceist de réir mar a d'éirigh leis na scoileanna sin – go comparáideach ar aon nós – a bheith ina gcuid níos mó den phríomhshruth. Bheifí ag súil go mbeadh a bpróifíl níos cosúla le próifíl sin na dtuismitheoirí gnáthscoileanna. (2006: 172)

Léirigh taighde in Albain an tuairim seo freisin faoi thuismitheoirí a roghnaigh tumoideachas iomlán tré mheán na Gaeidhilge:

Most headteachers stressed that the differences between Gaelic-medium and other parents were marginal rather than highly significant in terms of the home-school interface. (Johnstone et al, 1999: 10)

Gan dabht, tá sé le tuiscint gurb iad na thuismitheoirí a bhunaigh agus a bhunaigh na gaelscoileanna. Is iad a thógann na cinní a bpáistí a chur chuig gaelscoil. Toisc próifíl na dtuismitheoirí a bheith ag éirí níos cosúla le gnáthscoileanna tá sé den tábhacht go mbeadh an córas tumoideachais ábalta na thuismitheoirí breise seo a mhealladh i dtreo na gaelscolaíochta ar bhonn leanúnach, muiníneach agus trédhearcach. Is léir gur bunaithe ar na buntáistí atá ar fáil dá bpáistí ón tumoideachas agus iad mar phairtnéirí iomlán sa chóras tumoideachais gur féidir é seo a dhéanamh.

2.13 Cinnireacht

Léiríonn an taighde go bhfuil cúrsaí cinnireachta rí-thábhachtach in aon scoil agus go háirithe i scoileanna tumoideachais. Bíonn príomhoide na gaelscoile chun tosaigh ó bhunú na gaelscoile mar aghaidh phoiblí na gaelscoile. Is i bpríomhoide na gaelscoile, níos mó ná in aon duine eile, a chuireann thuismitheoirí a muinín, nuair a roghnaíonn siad gaelscolaíocht dá bpáistí. Deir an taighde: 'Most studies that have looked at the issue of leadership have demonstrated that effective schools have effective leadership' (Lindholm –Leary, 2005: 29) Tá dea-chinnireacht ríthábhachtach i ngaelscoil le cinntiú go mbeadh leibhéal ard aontachta i measc foirne faoin múnla tumoideachais atá i bhfeidhm sa ghaelscoil.

Tá ról an phríomhoide i gcomhthéacs an mhúnla tumoideachais atá i bhfeidhm sa ghaelscoil lárnach agus casta.

Deir Ní Mhaoláin (2005), ó *Ghaelscoileanna Teo.* an méid seo faoin bpríomhoide:

Is é ról an phríomhoide ceannaireacht chinnte a thabhairt sna saincheisteanna atá luaite sa pholasaí agus an cur chuige institiúideach a chruthú a chinnteoidh a chur i bhfeidhm (2005: 17)

I gcláracha tumtheagaisc eile ar fud an domhain, deirtear, go mbeidh air/uirthi: 'act as program advocate and liaison; supervisor of model development, planning and coordination; and facilitator of staff cohesion, collegiality, and development.'

(Lindholm –Leary, 2005: 29)

Chun na dualgais seo a chomhlíonadh tá sé tábhachtach go bhfuil aige nó aici:

extensive knowledge of the language education model being implemented ... second language development, bilingual and immersion theory and research, instructional methodologies, effective classroom practices, and the belief that the selected language education can work.
(Lindholm –Leary, 2005: 29)

In Ó Duibhir (1999), déanann sé comparáid idir príomhoidí agus múinteoirí agus luann sé:

Is cosúil ón dtaighde seo go bhfuil dearcadh níos leithne agus níos córasaí ag príomhoidí agus tugann sé sin tosaíochtaí difriúla dóibh ... B'fhéidir go neascraíonn an difríocht as ról an phríomhoide agus an dearcadh níos leithne atá aige/aici ar riachtanais na scoile. (1999: 93)

Luann taighde eile gur gá oiliúint ar leith a bheith ar fáil do phríomhoidí tumoideachais. Deir Ní Mhaoláin (1995) in a saothar ar ghaelscoileanna mar chóras bunoidreachais in Éirinn, nach féidir gníomhú i gceart gan an teoiric a bhaineann leis an dtumoideachais a thuiscint:

Is beag duine (5% n=3) go bhfuil an chur amach acu ar an ábhar ach tá níos mó ná leath (55% n=33) gur mhaith leo dá mbeadh an chur amach acu ar chúrsaí tumtheagaisc (1995: 199)

Mhol sí díoplóma iar-chéime don tumoideachas ar aon dul leis an múnla a bhí ann ag an am don oideachais feabhais. Luaigh Ó Duibhir (1999) ina chuid moltaí cúig bliana ina dhiaidh freisin go mba cheart cúrsaí réamhsheirbhíse ar leith a bheith ann don ghaelscolaíocht sa tír seo. Mhol sé na húdaráis oideachais ó thuaidh as cúrsa dioplóma iarchéime agus réamhsheirbhíse don ghaelscolaíocht a bheith curtha ar fáil acu. Luaigh an tAire Hanafin an t-ábhar seo ag Comhdháil Cumann Múinteoirí Éireann 2006:

Táimid ag féachaint freisin ar bheartais eile chun tacú le múineadh na Gaeilge tríd an gcóras agus chun freastal ar shainriachtanais na scoileanna Gaeltachta agus na nGaelscoileanna. Beimid i gcomhairle leis an INTO maidir leis an nithe seo agus fáilteofar roimh aon mholtaí eile a bheidh agaibh ina leith seo. Creidim go n-éireoidh linn, agus sinn ag obair i gcomhpháirt le chéile, freagairt dár ndualgas i leith ár dteanga dhúchais. (Hanafin, M., 2006)

Tá ocht mbliana imithe ó scríobhadh saothar Uí Dhuibhir agus dhá bhliain déag ó mholadh Uí Mhaoláin agus níl cúrsa réamhsheirbhíse ná cúrsa dioplóma iarchéime ar fáil ó dheas go fóill, cé go bhfuil earnáil na Gaelscolaíochta fós ag dul ó neart go neart.

Ag éirí as a bhfuil pléite sa léirmheas litríochta seo, tá sé ríshoiléir go bhfuil gá le taighde ar na múnlaí tumoideachais reatha agus ar na caighdeáin a bhaintear amach i léitheoireacht an Bhéarla sna múnlaí éagsúla sin. Déanfaidh an taighdeoir seo, iarracht cuid den bhearna san eolas maidir leis na ceistanna sin a líonadh tríd an dtaighde reatha.

3. MODHEOLAÍOCHT

3.1 Réamhrá

Is iarracht aonair atá sa taighde reatha ag príomhoide gaelscoile chun eolas a bhailiú óna chomhleacaithe i gcóras gaelscolaíochta na tíre seo. Chun tabhairt faoina thaighde, bhí rogha le déanamh ag an dtaighdeoir maidir leis an gcur chuige a d'úsáidfeadh sé. Deir Cohen agus Manion (1994) gur chóir go mbeadh an cinneadh seo bunaithe ar an saghas eolais atá ag teastáil agus ar an úsáid atá le baint as an eolas sin. Molann siad tabhairt faoi thaighde cainníochtúil más eolas é a bheidh á scaipeadh ar dhaoine eile. Molann Best in Cohen & Manion (1994) taighde cainníochtúil nuair a bhíonn eolas uait ar 'Conditions or relationships that exist; practices that prevail, beliefs, points of view, or attitudes that are held, processes that are going on, effects that are being felt, trends that are developing' (1994: 67)

Toisc go raibh réimsí éagsúla den ghaelscolaíocht le plé beartaíodh ar eolas cainníochtúil agus cáilíochtúil a bhailiú sa taighde tuairisciúil seo ionas go bhféadfaí pictiúr níos iomláine a fháil ar an ngaelscolaíocht in Éirinn sa bhliain 2007.

3.2 Taighde tuairisciúil

Déantar cur síos i dtaighde tuairisciúil ar smaointí, sonraí, moltaí agus tuairimí. Sa taighde tuairisciúil bíonn an taighdeoir ag breathnú ar an scéal mar atá, ar na cleachtais reatha atá i bhfeidhm. Is taighde tuairisciúil atá i gceist ag an

dtaighdeoir anseo agus na cleachtais sna múnláí éagsúla á bhfiosrú aige maraon leis na caighdeáin ghnóthachtála léitheoireachta Bhéarla. Is féidir taighde den chineál seo a úsáid mar bhonn le taighde breise agus míniúcháin bhreise ar a bhfuil léirithe. (De Vaus, 1994). Ní shin le rá nach bhfuil an cinéal seo taighde tábhachtach ann féin. Sa tráchtas seo baineann an taighde tuairisciúil le ceisteanna faoi na príomhoidí gaelscoile iad féin, leis na cleachtais éagsúla atá ar siúl sa ghaelscoil, leis na munlaí tumoideachais eagsúla atá i bhfeidhm i ngaelscoileanna éagsúla agus leis an gcaighdeán léitheoireachta atá á bhaint amach i rang a dó agus i rang a cúig sna gaelscoileanna sin.

3.3 An Sampla

Is iad na gaelscoileanna sna fiche sé chontae atá i gceist sa taighde reatha. Feidhmíonn siad faoi ghnáthrialacha na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, ar nós gach aon bhunscoil eile sa tír. Fágadh na gaelscoileanna sa tuaisceart as an áireamh toisc go bhfuil aitheantas oifigiúil ag an gcóras tumoideachais ó thuaidh. Díríodh ar na príomhoidí gaelscoile toisc gur acusan, níos mó ná aon bhall eile de phobal na gaelscoile, atá an t-eolas a bhí á lorg ag an dtaighdeoir. Is iad is fearr atá ábalta labhairt thar ceann na ngaelscoileanna éagsúla agus is iad is fearr a thuigeann an pobal ar a bhfuil siad ag freastal agus cad a oibríonn don phobal sin ina bhfuil an ghaelscoil lonnaithe. Nuair is grúpa ar leith a bhíonn i gceist sa taighde deir Cohen & Manion (1994) go n-éiríonn níos fearr leis an ráta freagartha dá bharr sin, rud atá fíor thábhachtach in aon taighde. Toisc gur 131 príomhoide gaelscoile atá sa fiche sé chontae faoi láthair cinneadh iad ar fad a bheith páirteach sa taighde seachas sampla a roghnú as an daonra sin.

3.4 An Uirlis Taighde

Bhí rogha le déanamh maidir le huirlis taighde leis. Tugann Kane & O' Reilly-de Brún comhairle maidir leis na na huaireanta go bhféadfaí ceistneoirí a úsáid mar uirlis taighde:

'You should use surveys when you need broad based data, a high level of precision, or when statistical background data are needed and lacking. You should also use them when you are testing alternatives, since you will need statistically accurate information. Surveys are good in situations where complex, detailed information is needed in exactly the same form from many people.'(2001: 113)

Tar eis roinnt machnaimh a dhéanamh ar an gcomhairle thuas chinn an taighdeoir go mbeadh ceistneoir go maith mar uirlis taighde dá staidéar. Bhí roinnt cúiseanna leis an gcinneadh ná:

- go raibh eolas á lorg ó ghrúpa mór daoine, a bhí scaipithe ar fud na tíre.
- go raibh sé tábhachtach go gcuirfí na ceisteanna ceanann céanna ar gach duine ionas go bhféadfaí anailís chuí a dhéanamh ar na freagraí.
- nach bhféadfaí teacht ar an eolas a bhí ag teastáil in aon tslí eile, laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil.

Mar sin, glacadh leis an gceistneoir mar uirlis taighde don taighde tuairisciúil seo.

3.5 Roghnú ceisteanna don cheistneoir:

Bhí na ceisteanna bunaithe ar an litríocht agus ar na moltaí a bhí curtha ag an CNCM faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i mí Feabhra maidir le

taighde a dhéanamh ar na múnlaí tumoideachais éagsúla. D'eascair go leor de na ceisteanna gaolmhara ar na cleachtais as taithí an taighdeora féin mar phríomhoide gaelscoile. Rinneadh iarracht foclóir soiléir a úsáid sna ceisteanna go léir d'fhonn míthuiscintí a sheachaint. Cuireadh cineálacha éagsúla ceisteanna sa suirbhé mar a mhol Youngman (1986). Cuireadh ceisteanna faoi shonraí na gaelscoile ag an tús. Bhí meascán de cheisteanna dúnta agus ceisteanna oscailte ann agus tugadh deis do na freagróirí míniú a thabhairt ar a bhfreagraí, má bhí an deis sin uathu. Luann Cohen et al na buntáistí a bhaineann le ceisteanna dúnta: 'Highly structured, closed questions are useful in that they generate frequencies of response amenable to statistical treatment and analysis' (2000: 247)

Tugann eolas mar seo deiseanna comparáide dúinn. Baineadh úsáid as ceisteanna le dhá fhreagra, trí fhreagra nó scála Likert le cúig cinn de fhreagraí m.sh.

12(B) An bhfuil seirbhís tacaíocht fhoghlama ar fáil sa scoil tré Bhéarla do léitheoireacht an Bhéarla? Tá Níl

10. An dtosaíonn sibh le léitheoireacht fhoirmiúil

i nGaeilge ar dtús? i mBéarla ar dtús? An dá theanga le chéile?

19. Cén leibhéal eolais atá agat féin ar na hábhair seo a leanas

A. Taighde idirnáisiúnta ar an tumoideachas (Immersion Education)

An-ard Ard Meánach íseal gan aon eolas

Nuair a bhí dréacht sásúil den cheistneoir ullamh ag tús mí na Bealtaine 2007 cinneadh píolótú a dhéanamh air.

3.6 Píolótú

Tugadh cóip den cheistneoir do chúigear múinteoir bunscoile. Bhí aithne ag an dtaighdeoir orthu go léir agus roghnaíodh iad toisc go raibh siad ag feidhmiú nó tar éis a bheith ag feidhmiú mar phríomhoidí gaelscoile³. Líonadar an ceistneoir agus bhual an taighdeoir leo go léir ansin. Theastaigh ón dtaighdeoir a fháil amach cén fhad a thógfadh sé ar phríomhoidí an ceistneoir a líonadh isteach, cad iad na tuairimí a bhí acu faoin gceistneoir féin agus an raibh aon mholtaí acu chun é a fheabhsú.

3.7 Leasuithe

Rinneadh leasuithe ar an gceistneoir féin mar thoradh ar an bpíolótú. Fágadh ar lár ceist faoin mbliain a ceapadh sa phost reatha na príomhoidí mar mothaíodh go raibh an cheist eile (Ceist 2) faoi na blianta taithí mar phríomhoide gaelscoile níos oiriúnaí. Moladh don taighdeoir gan na ceistneoirí a sheoladh amach ar pháipéar bán mar go raibh baol ann go gcaillfí iad i measc páipéarachas dheireadh na scoilbhliana. Cinneadh ansin an litir aitheantais agus Aguisín 1 a chur i ndath gorm agus an ceistneoir féin a bheith ar bhileoga buí. Bhí plé an-chuimsitheach ar na scóranna léitheoireachta a bhí á lorg ag an dtaighdeoir i bhfoirm peircintíle. Bhí inní ar an ngrúpa nach dtabharfadh roinnt mhaith príomhoidí na fíricí sin do

³ Bhí beirt acu páirteach sa taighde féin ar deireadh.

taighdeoir agus moladh scóranna Sten a lorg ina náit. Mothaíodh go mbeadh príomhoidí níos mó ar a suaimhneas ag scaoileadh sonraí sa bhfoirm sin. Cé go mbeadh na scóranna Sten níos teoranta ó thaobh anailíse de, b'iad a lorgaíodh ar an gceistneoir ar deireadh. Thug an píolótú seans don taighdeoir chomh maith tuiscint níos soiléire a fháil ar an bpróiseas anailíse a bheadh i gceist sa taighde. Toisc nithe praiticiúla ar nós acmhainní agus brú ama a bheith ar an dtaighdeoir beartaíodh suirbhé poist a dhéanamh.

3.8 Bailiú an eolais

I gcás suirbhé poist moltar litir aitheantais a sheoladh leis an gceistneoir agus rinne an taighdeoir é sin. Cuireadh an taighdeoir in aithne mar phríomhoide gaelscoile agus is dóichí gur buntáiste a bhí anseo mar gur bhain an taighdeoir féin leis an ngrúpa a bhí sa daonra. Míníodh an taighde a bhí ar bun chomh maith le teideal an chúrsa agus an institiúid a bhí i gceist. Léiríodh comhbhá leis na príomhoidí faoin ualach oibre a bhíonn orthu de ghnáth agus iarradh orthu deich nóiméad a chaitheamh leis an gceistneoir agus é a sheoladh ar ais laistigh de dháta áirithe chuig seoladh baile an taighdeora sa chlúdach litreach le stampa, a bhí faoi iamh. Deimhníodh go rí-shoiléir sa litir go mbeadh na torthaí ar fad faoi rún agus nach mbeadh aon ghaelscoil le haithint sa tráchtas. Tugadh uimhir ghutháin póca an taighdeora sa litir agus iarradh ar na príomhoidí teagmháil a dhéanamh leis an taighdeoir faoi aon ní a bhain leis an gceistneoir dá mba mhian leo é. Gabhadh buíochas leo ag an deireadh as an gceistneoir a líonadh.

Seoladh na ceistneoirí amach ar an 10 Meitheamh 2007. Is coicíós a tugadh do na príomhoidí chun an ceistneoir a líonadh mar atá molta ag Bell 'Remember to give

the return date, ... experience has shown that it is unwise to allow too long ... two weeks is a reasonable time for completion' (2001: 129)

Tar éis seachtaine, chuir an taighdeoir gloch ar na gaelscoileanna chun a dheimhniú go raibh an ceistneoir faighte acu, chun buíochas a ghabháil leis na daoine a dúirt go raibh sé seolta ar ais acu, agus chun na daoine nach raibh sé líonta acu go fóill a spreagadh. Míníodh dóibh cé chomh tábhachtach is a bhí sé go bhfreagróidís an ceistneoir chun go bhfaighfí pictiúr cruinn de ghaelscoileanna na tíre. Bhí cúig ghaelscoil a thuairisc nach raibh an ceistneoir faighte acu. Dúradh leis an dtaighdeoir go mbíonn moill in amanna le post roinnt ghaelscoileanna i mBaile Átha Cliath, má bhíonn an seoladh go hiomlán as Gaeilge sa litir, mar a bhí sa chomhfhreagras seo. Lorg dhá ghaelscoil cóip láithreach sa faics agus seoladh chucu ar an mbealach sin é. Seoladh cóipeanna breise chuig na gaelscoileanna eile maraon le clúdach litreach le stampa air. Lorg gaelscoil amháin cóip leictreonach agus seoladh chucu sa ríomhphost é.

Bhí 61 faoin gcéad de na ceistneoirí ar ais roimh an spriocdháta. Ráta an-ard freagartha a bhí anseo mar deir Cohen & Manion, (1994) gur ráta 40 faoin gcéad de ghnáth a bhíonn ar ais ag an bpointe sin. Mar sin féin, toisc deireadh na scoilbhliana a bheith ag bagairt, cuireadh gloch eile ar na gaelscoileanna a measadh nár fhreagair agus iarradh cead labhairt leis an bpríomhoide má bhí sé/sí ar fáil. Cuireadh gloch ar ghaelscoileanna beaga thart ar am lóin chun a dheimhniú nach mbeifí ag cur isteach ar am teagaisc. Labhair an taighdeoir le líon ard príomhoidí agus le rúnaithe scoile, sa chás nach raibh an príomhoide ar fáil agus iarradh orthu gach iarracht a dhéanamh an ceistneoir a líonadh roimh

dheireadh na scoilbhliana. Mhínigh roinnt príomhoidí nach mbeadh deis acu é a líonadh go dtí go mbeadh na laethanta saoire acu agus ghlac an taighdeoir leis an socrú seo.

Cuireadh ceisteanna oscailte agus ceisteanna dúnta sa cheistneoir. Úsáideadh an pacáiste Excel chun anailís a dhéanamh ar na freagraí a tugadh ar na ceisteanna oscailte agus deineadh anailís cháilíochtúil ar na freagraí a tugadh ar na ceisteanna oscailte. Creideann an taighdeoir go bhfuil leordhóthain eolais bailithe sa taighde reatha chun pictiúir réadúil, ionadaíoch agus cruinn a thabhairt ar na cleachtais ins na múnláí éagsúla agus ar na caighdeáin léitheoireachta Bhéarla a bhaineann leo.

4.TORTHAÍ AN TAIGHDE

4.1 Réamhrá

Déanfar cur síos anseo ar thorthaí an taighde reatha. Scaipeadh an ceistneoir ar na gaelscoileanna go léir i bPoblacht na hÉireann. Fuair an taighdeoir freagraí ar ais ó 92 gaelscoil as 131 sa Phoblacht. Sin 70.2 faoin gcéad de na gaelscoileanna atá faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tá gaelscoileanna ó gach aon chontae i bPoblacht na hÉireann san áireamh sa taighde. Dá réir, is féidir a bheith muiníneach go bhfuil na torthaí sa taighde reatha ionadaíoch d'earnáil na gaelscolaíochta i bPoblacht na hÉireann. Bailíodh an-chuid eolais ó na ceistneoirí a tháinig ar ais. Toisc gur miontráchtas atá i gceist anseo, ba léir don taighdeoir nach mbeadh ar a chumas anailís dhoimhin a dhéanamh ar gach uile chuid den eolas sin. Bhí ar an dtaighdeoir na tosaíochtaí ba mhó a bhain go díreach leis an ábhar a aithint agus rinneadh é sin.

4.2 Na Torthaí


4.2.1 Sonraí ginearálta faoin nGaelscoil

Ba é 184 daltaí an meán rollúcháin i Meán Fómhair 2006 sna gaelscoileanna go léir sa taighde reatha. Thuairiscigh 83.7 faoin gcéad de na gaelscoileanna go mbeadh an rollúchán daltaí níos airde i Meán Fómhair 2007 ná mar a bhí i Meán Fómhair 2006. Thuairiscigh na príomhoidí go dtagann 2.6 faoin gcéad de na daltaí sa taighde reatha ó theaghlaigh ina labhartar an Ghaeilge mar phríomhtheanga an teaghlaigh.


4.2.2 Na Príomhoidí

Is ar na príomhoidí a bhí na ceistneoirí dírithe agus is féidir roinnt eolais fúthu a fheiceáil thíos.

Fíor 2: Príomhoidí gaelscoile.




Fíor 2 (a): Iomlán na bPríomhoidí i mbunscoileanna na hÉireann.



Is príomhoidí riaracháin iad 64 faoin gcéad de na príomhoidí a d'fhreagair an ceistneoir. Léirítear an meán náisiúnta de réir eolais ó shuíomh idirlín Líonra Phríomhoidí Éireann IPPN (2007), i bhFíor 1(a)

Fíor 2 (b): Blianta taithí mar phríomhoidí gaelscoile.



Tá 29 faoin gcéad de phríomhoidí reatha na ngaelscoileanna sa phost le níos lú ná ceithre bliana. Ciallaíonn sé seo go raibh ar an meán 7 faoin gcéad de ghaelscoileanna na tíre ag ceapadh príomhoidí nua gach aon bhliain le ceithre bliana anuas. Tá 34 faoin gcéad de na príomhoidí sa phost sin le idir cúig bliana

agus deich mbliana. Fágann sé sin go bhfuil tromlach de phríomhoidí gaeilscoileanna na tíre sa phost le deich mbliana anuas nó níos lú.

4.2.3 Na Múnlaí.

Tá na múnlaí tumoideachais atá aitheanta ag an CNCM bunaithe ar an méid ama a thugtar don dá theanga sa churaclam sna ranganna naíonán. Seo leanas sainmhíniú gonta orthu. Tá míniú chomh maith in Aguisín 1.

Múnla 1: Múintear gach ábhar tré Ghaeilge amháin, ó thús na naíonán sóisearach go dtí an dara téarma sna naíonáin shinsearacha. Tosaítear ar Bhéarla a theagasc ó thús an dara téarma sna naíonáin shinsearacha don íosmhéid ama seachtainiúil (2.5 uair a chloig) ar a laghad mar atá molta sa churaclam.

Múnla 2: Múintear gach ábhar tré Ghaeilge amháin, ó thús na naíonán sóisearach go deireadh na naíonán sóisearach. Tosaítear ar Bhéarla a theagasc ó thús na naíonán sinsearach don íosmhéid ama seachtainiúil (2.5 uair a chloig) ar a laghad mar atá molta sa churaclam.


Múnla 3: Múintear gach ábhar tré Ghaeilge amháin, ó thús na naíonán sóisearach ar feadh téarma amháin. Tosaítear ar Bhéarla a theagasc ó thús an dara téarma sna naíonáin shóisearacha don íosmhéid ama seachtainiúil (2.5 uair a chloig) ar a laghad mar atá molta sa churaclam.

Múnla 4: Múintear gach ábhar tré Ghaeilge amháin, ó thús na naíonán sóisearach. Múintear Béarla ó thús na naíonán sóisearach don íosmhéid ama seachtainiúil (2.5 uair a chloig) ar a laghad mar atá molta sa churaclam.

I gceist 4 agus i gceist 5 sa cheistneoir, iarradh ar na príomhoidí an múnla ba chónagaraí do na cleachtais reatha sa ghaelscoil a roghnú nó cúl síos a dhéanamh ar an múnla a bhí i bhfeidhm sa ghaelscoil.

Bhí an rogha múnlaí a tugadh do na príomhoidí sa taighde (féach Aguisín 1.) bunaithe ar na múnlaí thuas, a bhí curtha faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta le haghaidh taighde ag an CNCM i Mí Feabhra 2007. (CNCM, 2007a)

Fíor 3: Na múnlaí atá i bhfeidhm sna gaelscoileanna.



Ciallaíonn 'Eile' gaelscoileanna atá ag caitheamh dhá bhliain iomlán tumtha sa sprioctheanga agus gan Béarla ar bith á theagasc i ranganna na naíonán.

Léiríonn na torthaí sa taighde reatha go bhfuil 28 faoin gcéad de ghaelscoileanna i Múnla 1. Caitheann na gaelscoileanna seo bliain agus téarma ar a laghad ag cleachtadh cur chuige luath-thumadh iomlán. Tosaíonn siad ar Bhéarla a theagasc ansin tar éis na Nollag nó tar éis na Cásca sna naíonáin shinsearacha.

Taispéanann na torthaí sa taighde reatha go bhfuil 11 faoin gcéad de ghaelscoileanna i Múnla 2. Caitheann na gaelscoileanna seo bliain amháin ag cleachtadh cur chuige luath-thumadh iomlán. Tosaíonn siad ar Bhéarla a theagasc ansin ag tús na naíonán sinsearach.

Léiríonn na torthaí sa taighde reatha go bhfuil 21 faoin gcéad de ghaelscoileanna i Múnla 3. Caitheann na gaelscoileanna seo téarma amháin ag cleachtadh cur

chuige luath-thumadh iomlán. Tosaíonn siad ar Bhéarla a theagasc ag tús an dara téarma sna naíonáin shóisearacha.

Taispéanann na torthaí sa taighde reatha go bhfuil 37 faoin gcéad de ghaelscoileanna i Múnla 4. Seo an líon is airde gael scoileanna in aon mhúnla. Níl aon tréimhse den luath-thumadh iomlán sna gael scoileanna seo. Tosaíonn na gael scoileanna seo ar Bhéarla a theagasc ó thús na naíonán sóisearach.

Thuairiscigh 3 faoin gcéad de ghaelscoileanna go raibh siad sa chatagóir 'Eile'. Is dhá bhliain den luath-thumadh iomlán atá i bhfeidhm sa chatagóir seo. Tosaítear ar Bhéarla a theagasc ag tús rang a haon.

4.2.4 Leibhéal eolais na bPríomhoidí

Cuireadh ceisteanna (19 A, B, C, D) ar na príomhoidí faoin leibhéal eolais a bhí acu féin ar an dtaighde idirnáisiúnta ar an tumoideachas, an dátheangachas suimíoch, stráitéisí/modheolaíochtaí múineadh teangan agus forbairt na délitearthachta. Bheartaigh an taighdeoir an chéad dá mhúnla tumoideachais a chur le chéile mar nach raibh ach téarma nó mar sin de dhifríocht sna cleachtais eatarthu. Bheartaigh an taighdeoir Múnla 3 agus 4 a chur le chéile ar an gcúis chéanna agus chun comparáidí idir na múnlaí sin a éascú don léitheoir.

Seo thíos na torthaí de réir Múnlaí 1 agus 2 agus Múnlaí 3 agus 4 a dúirt go raibh tuiscint ard nó an-ard acu ar na hábhair.

Fíor 4: Príomhoidí de réir Múnlaí le leibhéal eolais ard nó an-ard ar na hábhair.

Ábhar	Múnlaí 1 & 2	Múnlaí 3 & 4
Taighde Idirnáisiúnta ar an Tumoideachais.	41.9%	32.65%
An Dátheangachas Suimíoch	29%	12.24%
Stráitéisí/Modheolaíochtaí Múineadh Teangan	70.96%	34.69%
Forbairt na Délitearthachta	38.7%	28.57%


Fíor 5: Príomhoidí de réir Múnlaí le leibhéal eolais íseal/gan eolas ar na hábhair.

Ábhar	Múnlaí 1 & 2	Múnlaí 3 & 4
Taighde Idirnáisiúnta ar an Tumoideachas.	19.35%	14.28%
An Dátheangachas Suimíoch	48.38%	40.8%
Stráitéisí/Modheolaíochtaí Múineadh Teangan	6.45%	6.12%
Forbairt na Délitearthachta	29.03%	28.57%

Deir beagnach leath na bpríomhoidí i Múnlaí 1 agus 2 go bhfuil leibhéal eolais íseal/gan eolas acu ar an dátheangachas suimíoch. Thuairiscigh beirt as gach cúigear amhlaidh i Múnlaí 3 agus 4. Tá triúr as gach deichniúr príomhoide a thuairiscigh gur leibhéal íseal/gan eolas atá acu ar fhorbairt na délitearthachta. Tá duine as gach cúigear i Múnlaí 1 agus 2 agus duine as seachtar i Múnlaí 3 agus 4 a thuairiscigh go raibh a leibhéal eolais íseal/gan eolas ar an dtaighde idirnáisiúnta ar an tumoideachas.

Fiafraíodh de gach príomhoide i gceist 6 an raibh foireann na gaelscoile aontaithe go raibh an múnla ní ba éifeachtaí do dhaltaí na gaelscoile i bhfeidhm sa ghaelscoil acu.


Fíor 6: Aontacht na bhfoirne gaelscoile



I gcás 95 faoin gcéad de na gaelscoileanna sa taighde reatha, tuairiscíodh go raibh foireann na gaelscoile aontaithe faoin múnla tumoideachais a bhí i bhfeidhm sa ghaelscoil acu. Ní raibh ach 5 faoin gcéad gan aontú ar an gceist seo.

Cuireadh ceist ar na príomhoidí (Ceist 7) an raibh an múnla tumoideachais reatha sa ghaelscoil faofa ag an mbord le linn a dtréimhse féin mar phríomhoide. Seo na torthaí:

Fíor 7: Gaelscoileanna le Múnla faofa ag Bord Bainistíochta (BB) le linn tréimhse an phríomhoide (PO) reatha.



Thuiriscigh 65 faoin gcéad de na príomhoidí go raibh an múnla tumoideachais a bhí i bhfeidhm sa ghaelscoil, pléite agus faofa ag an mbord bainistíochta le linn a dtréimhse féin mar phríomhoide. Thuiriscigh 30 faoin gcéad de phríomhoidí nach

raibh an polasaí faofa le linn a dtréimhse mar phríomhoide agus bhí 5 faoin gcéad nár fhreagair an cheist áirithe seo.

4.2.5 Tús na léitheoireachta

Bhí taighde an-suimiúil déanta ag Ní Bhaoill (2004) ar an ábhar seo agus chuir an taighdeoir na torthaí sin i gcomparáid le torthaí an taighde reatha.

Fíor 8: Tús na léitheoireachta: Comparáid le Ní Bhaoill 2004

Tús na léitheoireachta	Ní Bhaoill 2004.	An Taighde reatha 2007.
Gaeilge ar dtús	58%	72%
Béarla ar dtús	36.4%	15%
An dá theanga le chéile	5.7%	13%

De réir an taighde reatha seo tá 72 faoin gcéad de ghaelscoileanna ag tosú le léitheoireacht fhoirmiúil i nGaeilge ar dtús. Tá 15 faoin gcéad de ghaelscoileanna ag tosú le léitheoireacht fhoirmiúil i mBéarla ar dtús. Tá 13 faoin gcéad de ghaelscoileanna ag tosú le léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga le chéile.

Léiríonn an taighde go dtosaíonn gach gaelscoil (seachas gaelscoil amháin) i Múnlaí 1 agus 2 le léitheoireacht tré Ghaeilge. Léirítear go bhfágann na gaelscoileanna sin 8 mí ar an meán sula dtosaítear ar an léitheoireacht Bhéarla go foirmiúil. An raon míonna a tugadh anseo mar bhearna ná ó cheithre mhí go dtí bliain agus ceithre mhí.

Léiríonn an taighde go bhfuil meascán cleachtais ar siúl i ngaelscoileanna i Múnlaí 3 agus 4 maidir le tús na léitheoireachta. Tosaíonn cuid acu le léitheoireacht

fhoirmiúil i nGaeilge, cuid acu le Béarla agus cuid eile fós leis an dá theanga le chéile. Ar an meán, fágann na gaelscoileanna a thosnaíonn le Gaeilge ar dtús i Múnlaí 3 agus 4 bearna de 4.5 mhí sula dtosaíonn siad ar theagasc léitheoireacht an Bhéarla. An raon anseo ná ó trí mhí go seacht mí.

Ar an dtaobh eile den scéal fágann gaelscoileanna i Múnlaí 3 agus 4 a thosaíonn le Béarla ar dtús bearna de 8 mí ar an meán sula dtosaíonn siad le teagasc léitheoireacht na Gaeilge. An raon anseo ná ó trí mhí go seacht mí dhéag.

Thuairiscigh 75 faoin gcéad de na gaelscoileanna a thosaíonn le múineadh na léitheoireachta i mBéarla go bhfuil an clár comhtháite teangan ‘Séideán Sí’, a forbraíodh do ghaelscoileanna agus scoileanna gaeltachta in úsáid acu sa ghaelscoil.

4.2.6 Torthaí Léitheoireachta an Bhéarla i ngaelscoileanna


Sa taighde reatha, tá torthaí na scrúduithe caighdeánaithe léitheoireachta Mary Immaculate College Reading Attainment Tests (Micra-T) nó Drumcondra Primary Reading Test- Revised (DPRT-Rev) faighte ag an dtaighdeoir i bhfoirm scóranna Standard-Ten nó Sten do rang a dó agus do rang a cúig sna gaelscoileanna go léir a líon isteach an ceistneoir.

Tá torthaí san áireamh ó 3,298 dalta gaelscoile ar fad, 1,881 dalta gaelscoile a bhí i rang a dó, sa scoilbhliain reatha 2006/2007 agus 1,417 dalta gaelscoile a bhí i rang a cúig sa scoilbhliain reatha 2006/2007. Tá an sampla seo do rang a cúig,

nach mór trí oiread níos mó ná an sampla de 476 dalta gaelscoile a d'úsáid An Roinn Oideachais agus Eolaíochta i 1988 don chomparáid sa Tuairisc Náisiúnta ar an Léitheoireacht Bhéarla a foilsíodh i 1991. (An Roinn Oideachais, 1991)

Tá an sampla sa taighde reatha thar a bheith ard nuair a chuirtear san áireamh gur 2,184 daltaí san Earrach agus 920 daltaí san Fhómhar an líon daltaí de réir an lámhleabhair do leibhéal a dó a bhí i samplaí an Fhorais Taighde ar Oideachas (ERC) i nDroim Conrach nuair a rinne siad caighdeánú an chéad lá ar an scrúdú nua léitheoireachta DPRT-Rev. ag an leibhéal sin. (2007: 33-35) Is 33.3 faoin gcéad de dhaltá an meán náisiúnta do na trí leibhéal atá léirithe thíos de réir na lámhleabhair do na scrúduithe. Léiríonn an léaráid thíos na torthaí ón taighde reatha i gcomparáid leis an meán náisiúnta sin 33.3 faoin gcéad.


Fíor 10: Torthaí scrúduithe caighdeánaithe daltaí gaelscoile rang a dó i gcomparáid leis an meán náisiúnta.



Léiríonn na torthaí thuas go bhfuil na caighdeáin do léitheoireacht an Bhéarla i ngaelscoileanna i rang a dó i bhfad Éireann os cionn an mheáin náisiúnta. Is 33.3

faoin gcéad an meán náisiúnta do na trí chatagóir atá léirithe thuas de réir na lámhleabhar do na scrúduithe caighdeánaithe Micra-T agus DPRT-Rev ar a bhfuil na torthaí seo bunaithe. (ERC, 2007: 19) Tagann 42.1 faoin gcéad de na daltaí i rang a dó sna gaelscoileanna amach ag na leibhéal ghnóthachtála is airde. Sin 9 faoin gcéad os cionn an mheáin ag an mbarr. Tá 35.1 faoin gcéad de dhaltaí gaelscoile sa chatagóir i lár baill ag gnóthú Sten 5 agus 6. Seo beagán os cionn an mheáin don chatagóir sin. Ar an taobh eile den scála, titeann 22.8 faoin gcéad de na daltaí gaelscoile isteach sa chatagóir is ísle le Sten 4 nó faoina bhun. Sin beagnach 11 faoin gcéad níos lú ná an meán náisiúnta ag an leibhéal is ísle.

Fíor 11: Torthaí scrúduithe caighdeánaithe léitheoireachta Béarla ó rang a cúig sna gaelscoileanna.



Léiríonn an graf thuas gur beagáinín níos fearr arís atá torthaí na léitheoireachta ó rang a cúig i ngaelscoileanna. Tá 42.3 faoin gcéad de dhaltaí i ngaelscoileanna sa chatagóir ag an mbarr, 36.5 faoin gcéad sa chatagóir sa lár agus 21.2 faoin gcéad sa chatagóir ag an mbun sa taighde reatha. Is 33.3 faoin gcéad an meán náisiúnta do na trí chatagóir atá léirithe thuas de réir na lámhleabhar do na scrúduithe caighdeánaithe Micra-T agus DPRT-Rev ar a bhfuil na torthaí seo bunaithe. (ERC,

2007: 19). Is féidir comparáid a dhéanamh le rang a dó. Méadaíonn líon na ndaltaí gaelscoile ag an leibhéal is airde fíorbheagán ó 42.1 faoin gcéad i rang a dó go 42.3 faoin gcéad i rang a cúig. Tagann ardú ar líon na ndaltaí gaelscoile sa chatagóir sa lár ó 35.1 faoin gcéad go 36.5 faoin gcéad. Íslíonn an líon daltaí gaelscoile sa bhunchatagóir ó 22.8 faoin gcéad go 21.2 faoin gcéad. In ionad an tríú cuid a bheith sa chatagóir is ísle mar atá sa mheán náisiúnta, níl ach beagánín le cois an chúigiú cuid de dhaltaí gaelscoile sa chatagóir sin. Tá os cionn dhá chúigiú ag an mbarr seachas an tríú cuid mar atá sa mheán náisiúnta.

4.2.7 Torthaí de réir thústheanga na léitheoireachta

Sa chuid seo den taighde, tá crostagairt déanta ag an dtaighdeoir idir na gaelscoileanna a thosaíonn le múineadh na léitheoireachta tré Ghaeilge agus na torthaí léitheoireachta sa Bhéarla i rang a dó agus a cúig. Tá gaelscoileanna san áireamh anseo ó gach aon mhúnla. Rinne an taighdeoir amhlaidh le gaelscoileanna a thosaigh le múineadh na léitheoireachta tré Bhéarla.

Fíor 12: Torthaí de réir teanga ina thosaítear léitheoireacht fhoirmiúil

Polasaí faoi thús na léitheoireachta i ngaelscoileanna	Céatadán daltaí le Sten 1-4	Céatadán daltaí le Sten 5-6	Céatadán daltaí le Sten 7-10
Meán Náisiúnta do gach cineál scoile	33.3%	33.3%	33.3%
Gaeilge ar dtús n=1205 dalta rang 2	24.9%	33.4%	41.7%
Béarla ar dtús n=455 dalta rang 2	20.7%	36.9%	42.4%
Gaeilge ar dtús n=902 dalta rang 5	23.7%	31.3%	45.0%
Béarla ar dtús n=348 dalta rang 5	21.8%	38.2%	39.9%

Bunaithe ar na sonraí seo, tá 4.2 faoin gcéad níos lú daltaí a thosaíonn le léitheoireacht fhoirmiúil an Bhéarla ar dtús, sa chatagóir is ísle (Sten 1-4) i rang a dó, i gcomparáid le daltaí a thosaíonn le léitheoireacht fhoirmiúil na Gaeilge. Léirítear céatadán níos mó áfach, de 5.1 faoin gcéad i rang a cúig, sa chatagóir is airde (Sten 7-10) do na daltaí a thosaigh le Gaeilge i gcomparáid leis na daltaí a thosaigh le léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla. Ní raibh ar chumas an taighdeora torthaí a léiriú do ghaelscoileanna a thosaigh leis an dá theanga le chéile mar a bhí beartaithe. Cé gur thuairisc 13 faoin gcéad de scoileanna sa taighde reatha gurb é sin an polasaí atá acu bhí líon na ndaltaí íseal mar iomlán. Ní raibh scóranna Sten tugtha i gcuid de na ceistneoirí sa chatagóir sin. Dá réir, chun rúndacht an líon bhig gaelscoileanna a bhí fágtha sa chatagóir a dheimhniú, mar a bhí geallta, ní raibh aon dul as faraor, ag an dtaighdeoir ach na torthaí sin a fhágail ar lár ar bhonn eitice sa taighde reatha.

4.2.8 Torthaí de réir na múnlaí: rang a dó.

Bheartaigh an taighdeoir an chéad dá mhúnla tumoideachais a chur le chéile don anailís, mar nach raibh ach téarma nó mar sin de dhifríocht sna cleachtais eatarthu. Bheartaigh an taighdeoir Múnla 3 agus a 4 a chur le chéile ar an gcúis céanna agus chun comparáidí idir na múnlaí sin a éascú don léitheoir. Athlonnaíodh na gaelscoileanna sa chatagóir 'Eile' isteach sa mhúnla ba chóngraráí dá gcleachtais, (sin Múnla 1 agus 2) don anailís seo, chun a rúndacht a chinntiú. Nuair a léirítear na torthaí de réir na múnlaí sin, is mar seo a thagann siad amach.

Fíor13: Torthaí rang a dó gaelscoile sna scrúduithe caighdeánaithe do léitheoireacht an Bhéarla de réir na múnlaí.

Cineál Scoileanna n=1881 daltaí	Céatadán daltaí le Sten 1-4	Céatadán daltaí le Sten 5-6	Céatadán daltaí le Sten 7-10
Meán Náisiúnta do gach cineál scoile	33.3%	33.3%	33.3%
Na gaelscoileanna ar fad.	22.8%	35.1%	42.1%
Gaelscoileanna Múnlaí 1 & 2	21.3%	35.6%	43.1%
Gaelscoileanna Múnlaí 3 & 4	24.1%	34.7%	41.2%

Léiríonn na sonraí thuas go bhfuil torthaí na ndaltaí sna gaelscoileanna i Múnlaí 1 agus 2 agus i Múnlaí 3 agus 4 i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta do léitheoireacht an Bhéarla i rang a dó.

4.2.9 Torthaí de réir Múnlaí: rang a cúig

Is mar seo a bhriseann na torthaí síos do rang a cúig de réir na múnlaí tumoideachais atá i bhfeidhm sna gaelscoileanna.

Fíor 14: Torthaí rang a cúig sna scrúduithe caighdeánaithe do léitheoireacht Bhéarla

Cineál Scoile n=1417 daltaí	Céatadán daltaí le Sten 1-4	Céatadán daltaí le Sten 5-6	Céatadán daltaí le Sten 7-10
Meán Náisiúnta do gach cineál scoile	33.3%	33.3%	33.3%
Na gaelscoileanna ar fad.	21.2%	36.5%	42.3%
Gaelscoileanna Múnlaí 1 & 2	19.7%	34.3%	46.0%
Gaelscoileanna Múnlaí 3 & 4	22.3%	38.2%	39.5%

Léiríonn na sonraí thuas go bhfuil torthaí na ndaltaí sna gaelscoileanna i Múnlaí 1 agus 2 agus i Múnlaí 3 agus 4 i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta do

léitheoireacht an Bhéarla i rang a cúig. Tá 46 faoin gcéad de dhaltaí ó mhúnláí 1 agus 2 ag an leibhéal is airde anseo. Toradh é seo atá 13 faoin gcéad os cionn an mheáin náisiúnta. Tá 6.5 faoin gcéad níos mó daltaí ó mhúnláí 1 agus 2 sa chatagóir is airde anseo i gcomparáid le daltaí as Múnláí 3 agus 4.

Níl ach 19.7 faoin gcéad de dhaltaí ó mhúnláí 1 agus 2 sa chatagóir is ísle. Sin beagnach 14 faoin gcéad níos lú ná an meán náisiúnta don chatagóir seo. Tá 2.6 faoin gcéad níos lú daltaí ó mhúnláí 1 agus 2 sa chatagóir is ísle i gcomparáid le daltaí as Múnláí 3 agus 4.

4.2.10 Gaelscoileanna le stádas faoi mhíbhuntáiste

Tá gaelscoileanna le stádas faoi mhíbhuntáiste san áireamh mar chuid de gach toradh atá tugtha ag an dtaighdeoir go dtí seo. Tá gaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste, i gcathracha, i mbailte móra agus i mbailte beaga na tíre seo. Rinne an taighdeoir cinneadh na gaelscoileanna le stádas faoi mhíbhuntáiste atá aitheanta in DEIS Banda 1 agus 2 Uirbeach, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007a) sna cathracha agus sna bailte móra a dheighilt ón gcuid eile le bheith ábalta comparáid bhailí a dhéanamh le torthaí a bhí foilsithe cheana féin ó scoileanna faoi mhíbhuntáiste Béarla. Fuair an taighdeoir sonraí léitheoireachta ar ais ó 81.8 faoin gcéad de na gaelscoileanna a bhfuil stádas faoi mhíbhuntáiste acu agus iad aitheanta in Banda Deis 1 nó Deis 2 Uirbeach. Tá na gaelscoileanna sa sampla seo thíos ag freastal ar phobail sna ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste sna cathracha agus sna bailte móra.

Fíor 16: Torthaí ó rang 2 agus rang 5 i ngaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste atá in Deis 1 agus Deis 2

Torthaí scrúduithe Léitheoireachta Caighdeánaithe	Sten 1-4	Sten 5-6	Sten 7-10
Béarla do rang 2 & rang 5 n=235 dalta			
Rang 2	51.5%	25.8%	22.7%
Rang 5	39.1%	32.8%	28%
Meán Náisiúnta do gach aon bhunscoil.	33.3%	33.3%	33.3%

Léiríonn torthaí sa tábla thuas go bhfuil 51.5 faoin gcéad ó rang a dó agus 39.1 faoin gcéad ó rang a cúig de dhaltá gaelscoile sa chatagóir is ísle Sten 1-4 áit a mbíonn 33.3 faoin gcéad den daonra iomlán scoile sa tír. Léiríonn siad freisin go bhfuil 22.7 faoin gcéad agus 28 faoin gcéad sa tríú is airde ó thaobh torthaí de, ag Sten 7-10 áit a mbíonn 33.3 faoin gcéad den daonra iomlán scoile sa tír

Ag baint úsáide as na torthaí Sten arís, is féidir comparáid eile a dhéanamh bunaithe ar na torthaí sin. Má thógtar na Sten 1-3 mar aonad, seasann siad do 16 faoin gcéad is ísle den daonra iomlán a thóg an scrúdú agus seasann na Sten 8-10 don 16 faoin gcéad is fearr ar éirigh leo sa scrúdú sa daonra iomlán. Mar sin ag baint úsáide as an gcomparáid sin, tagann pictiúir mar seo thíos chun cinn.

Fíor 17: Torthaí scrúduithe léitheoireachta caighdeánaithe Béarla ó rang 2 agus rang 5 i ngaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste Deis 1 agus 2.

Torthaí scrúduithe Léitheoireachta Caighdeánaithe	Sten 1-3	Sten 4-7	Sten 8-10
Béarla do rang 2 & rang 5 n=235 dalta			
Rang 2	31%	55.5%	13.3%
Rang 5	19.5%	60.8%	20%
Meán Náisiúnta do gach aon bhunscoil.	16%	68%	16%

Léiríonn an taighde reatha go bhfuil 13.3 faoin gcéad de dhaltaí i rang a dó le Sten 8, 9, nó 10 áit a mbíonn 16 faoin gcéad den ghnáth dhaonra iomlán

Léiríonn an taighde reatha go bhfuil 20 faoin gcéad de dhaltaí i rang a cúig le Sten 8, 9, nó 10 áit a mbíonn 16 faoin gcéad den ghnáthdhaonra iomlán.


Léiríonn an tábla thuas do ghaelscoileanna Deis 1 agus 2 go bhfuil 31 faoin gcéad i rang a dó agus 19.5 faoin gcéad i rang a cúig sa chatagóir is ísle Sten 1-3, áit a mbíonn 16 faoin gcéad den ghnáthdhaonra iomlán.

Gan dabht is léir gur le scoileanna faoi mhíbhuntáiste eile is cóir comparáid a dhéanamh seachas leis an meán náisiúnta. Déanfar é sin san anailís níos déanaí sa chaibidil.

4.2.11 Na tuismitheoirí

Sna ceisteanna seo (Ceist 21-24) fiafraíodh de phríomhoidí an raibh scéim léitheoireachta i bpáirt le tuismitheoirí nó club léitheoireachta baile i bhfeidhm sa ghaelscoil. Thuairiscigh 100 faoin gcéad de phríomhoidí sna gael scoileanna a chleachtann Múnlaí 1 agus 2 go bhfuil a leithéid ar siúl sa ghaelscoil ar bhonn eagraithe acu.

Fíor 18: Scéimeanna léitheoireachta i bpáirt i ngaelscoileanna




Thuiriscigh 87.8 faoin gcéad de na gaelscoileanna a chleachtann Múnla 3 agus 4 go bhfuil a léithéid ar siúl acu. Léiríonn na freagraí go gcuirtear leabhair abhaile sa dá theanga suas tríd an scoil. Bíonn béim níos mó ar an dteanga ina dtosaítear an léitheoireacht fhoirmiúil ar dtús sna ranganna naíonán. Mínítear an polasaí faoi thús na léitheoireachta do thuismitheoirí nua go bliantúil in 96.8 faoin gcéad de na gaelscoileanna. Is ag cruinnithe a eagraítear go speisialta do theaghlaigh nua nó ag na cruinnithe ranga do na naíonáin shóisearacha, a bhíonn ag gaelscoileanna ag tús na scoilbhliana de ghnáth, a mhínítear an polasaí seo. Is ag na cruinnithe seo a dhéantar cur síos ar na scéimeanna léitheoireachta i bpáirt le thuismitheoirí chomh maith agus míníodh sna freagraí go gcuirtear an-bhéim ar an bpáirtnéireacht seo.

4.2.12 Muinín na bPríomhoidí

Rinne an taighdeoir crostagairt idir na scoileanna le príomhoidí a thuiriscigh go rabhadar lán-mhuiníneach as an múnla tumoideachais a bhí i bhfeidhm sa ghaelscoil maidir le hard-chaighdeán litearthachta a bhaint amach sa dá theanga roimh fhágáil na gaelscoile dóibh, agus na torthaí léitheoireachta sa Bhéarla. Is chun a fháil amach an raibh gaol ar bith idir an leibhéal muiníne a bhí ag an bpríomhoide as an múnla a bhí i bhfeidhm agus na torthaí a rinneadh é seo. Bhí 80.6 faoin gcéad de phríomhoidí i Múnlaí 1 agus 2 lán mhuiníneach as na múnlaí sin. Bhí 54.3 faoin gcéad de phríomhoidí ó ghaelscoileanna i Múnlaí 3 agus 4 lán mhuiníneach as na múnlaí sin. Thuiriscigh an chuid eile i ngach Múnla go raibh

siad muiníneach go leor. Níor léirigh aon príomhoide sa taighde reatha easpa muiníne orthu maidir leis an múnla a bhí i bhfeidhm sa ghaelscoil.


Fíor 19: Leibhéal muiníne na bpríomhoidí go mbaineann na daltaí ardchaighdeán litearthachta amach sa dá theanga roimh fhágáil na gaelescoile, de réir Múnlaí



D'aimsigh an taighdeoir an meán Sten do na daltaí go léir i rang a cúig. Bheadh bliain amháin eile le déanamh ag na daltaí sin sa ghaelscoil. Is féidir an meán Sten a fháil ach na Scóranna Sten go léir a shuimiú agus roinnt faoi líon na ndaltaí. Rinne an taighdeoir é sin don dá chatagóir chun comparáid a éascú don cheist seo.

Léiríonn na torthaí thíos Meán Sten de 5.66 le haghaidh na ndaltaí i rang a cúig i ngaelscoileanna inar thuiriscigh an príomhoide go raibh sé/sí muiníneach go leor as an múnla tumoideachais a bhí i bhfeidhm sa ghaelscoil. Ghnóthaigh daltaí i rang a cúig i ngaelscoileanna le príomhoidí a thuiriscigh go rabhadar lán mhuiníneach as an múnla a bhí i bhfeidhm sa ghaelscoil meán níos airde ag meán Sten 6.34. Tá an toradh léirithe i bhfoirm graif i bhFíor 20.

Fíor 20: Meán Sten na ndaltaí ó rang a 5 sa léitheoireacht Bhéarla de réir leibhéal muiníne na bpríomhoidí sna gaelscoileanna.



4.2.13 Seasamh an CNCM

Aontaíonn 100 faoin gcéad de na príomhoidí sa taighde reatha, le moltaí an CNCM a chomhairligh don Aire Oideachais agus Eolaíochta taighde a dhéanamh ar na ceithre cinn de mhúnlaí. Bhí na cúiseanna a tugadh an-soiléir mar is léir ó na samplaí ionadaíocha thíos.

‘Tá sé fíorthábhachtach taighde dúchasach a dhéanamh...go bhféachtar chuige go gcloítear leis an tumoideachas....tá caighdeán níos airde á mbaint amach.’

‘Níl taighde cuimsitheach ceart déanta agus cinní á ghlacadh gan fianaise.’

‘Chabhródh taighde go mór le scoileanna agus le tuismitheoirí.’

‘Bheadh sé tábhachtach taighde oifigiúil a chur ar fáil le seasamh leis an obair atá ar bun.’

‘Níor cheart don Aire aon chinneadh a dhéanamh go dtí go bhfuil an t-eolas ar fad aici.’

‘Bheadh an-suim againn sna torthaí.’

‘Tá an tuafás eolais ag múinteoirí atá ag plé leis an gcóras...níos fiúntaí ná tuairimí acadúla.’


‘Ní féidir polasaí fad-bhunaithe a athrú gan taighde eolaíoch, láidir chun tacú leis.’

‘Eolas riachtanach do phleanáil ceart.’

Dúirt 12.9 faoin gcéad de na príomhoidí go mba cheart Múnlaí eile a chur san áireamh sa taighde. An múnla is coitianta a lorgaíodh ná dhá bhliain tumadh iomlán gan Béarla mar atá ar siúl i líon beag gaelscoileanna sa tír seo faoi láthair, chomh maith le gaelscoileanna ó thuaidh agus scoileanna in Albain agus sa Bhreatain Bheag freisin. Lorg roinnt gaelscoileanna i Múnla a 3 faoi láthair go gcuirfí téarma eile le Múnla a 3 agus Béarla a thosú sa tríú téarma sna naíonáin shóisearacha.

Dá mbeadh tacaíocht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (Ceist 16) ag na gaelscoileanna mar atá ó thuaidh agus i dtíortha eile, is mar seo leanas a bheadh na múnlaí sna gaelscoileanna dar leis na príomhoidí.

Fíor 21: Thosódh múineadh foirmiúil an Bhéarla sa ghaelscoil seo le tacaíocht na Roinne Oideachais ag ...



Sna freagraí seo, cuirtear comhthéacs os ár gcomhair ina mbeadh gaelscoileanna ag glacadh le Múnlaí a mbeadh tacaíocht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta acu. Go bunúsach, is féidir a rá gur trí mhúnla a bheadh i gceist.

Múnla A -gaelscoileanna ag múineadh Béarla go foirmiúil don íosmhéid ama atá molta go seachtainiúil (2.5 uair a chloig) ar a laghad, ón gcéad lá scoile.


Múnla B- gaelscoileanna ag tosnú le múineadh an Bhéarla go foirmiúil don íosmhéid ama atá molta go seachtainiúil (2.5 uair a chloig) ar a laghad, ag tús nó lár na naíonán sinsearacha, tar éis bliain de thumadh iomlán a bheith déanta sna naíonáin shóisearacha acu.

Múnla C- gaelscoileanna ag caitheamh dhá bhliain na naíonán tumtha 100 faoin gcéad sa sprioctheanga agus ag tosnú ar mhúineadh an Bhéarla go foirmiúil don íosmhéid ama atá molta go seachtainiúil (2.5 uair a chloig) ar a laghad, ó thús rang a haon ar aghaidh.

4.2.14 Seasamh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

Iarradh ar na príomhoidí (Ceist 27) a dtuairimí a nochtadh faoi cé chomh láidir is a aontódh nó a easaontódh siad leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa chás go gcuirfí iachall ar gach aon ghaelscoil sa tír Béarla a theagasc ó thús an dara téarma sna Naíonáin Shóisearacha mar a bhí á thuairisciú sna meáin, aimsir an toghcháin i mbliana. (Irish Independent: Opinion Piece 23/5/07) Is é seo go díreach a tharla, nuair a eisíodh an imlitir nua 0044/2007 ag deireadh mí Iúil 2007 i gceartlár shaoire an tsamhraidh.

Fíor 22: Líon na bpríomhoidí a aontódh leis an ROE dá gcuirfí iachall ar gach aon ghaelscoil Béarla a mhúineadh ó thús an dara téarma i naíonáin shóisearacha.



Léiríonn an píchairt i bhFíor 22 nach mbeadh ach 27 faoin gcéad de príomhoidí gaelscoile sásta glacadh le cinneadh dá leithéid. Bheadh 39 faoin gcéad ag easaontú go láidir lena leithéid de chinneadh, le 25 faoin gcéad eile ag easaontú agus 9 faoin gcéad gan dearcadh. I measc na gcúiseanna a thug na príomhoidí a bhí ag aontú dúradh:

‘Mar táimid á dhéanamh cheana féin’,
‘Táimid á dhéanamh faoi láthair’

I measc na gcúiseanna a thug na príomhoidí a bhí ag easaontú dúradh a léithéid seo:

‘Ní dhéanfainn é.’
‘Ní bhronnfadh cigirí áirithe an díoplóma ar mhúinteoir óg na Naíonán gan Béarla a bheith múinte dá rang aici feadh na bliana-Blackmail.’
‘Ní aontódh ár mBord Bainistíochta.’
‘Tá géarghá le taighde.’
‘Céard is fiú comhairleoirí?’
‘Ba chóir go mbeadh gach Bord Neamhspléach.’
‘Ba cheart rogha Múnlaí a bheith ann do scoileanna.’
‘Braitheann sé ar an scoil, áit a bhfuil an scoil lonnaithe agus srl.’

Nuair a dhéantar anailís ar na freagraí de réir Múnlaí, bheadh 97 faoin gcéad de príomhoidí i ngaelscoileanna le Múnlaí 1 agus 2 ag easaontú leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dá leanfaidís an bóthar seo.


4.2.15 Am curaclaim ar togradh/íosmhéid ama

Cuireadh ceist (Ceist 25) ar na príomhoidí, an raibh sciar rialta den am ar togradh á chaitheamh ar Bhéarla sna ranganna eile seachas na ranganna naíonán. Tá dhá uair a chloig in aghaidh na seachtaine ar fáil don am curaclaim ar togradh de réir Curaclam na Bunscoile a chuireann:

solúbthacht ar fáil don mhúinteoir agus don scoil chun freastal ar riachtanais is ar thosca difriúla scoile agus chun riaradh ar infheidhmeacht agus ar chumas difriúil na bpáistí a bhfónann sí dóibh (Curaclam na Bunscoile, Réamhrá, 1999: 68-70).

Thuairiscigh 71.4 faoin gcéad de phríomhoidí ó ghaelscoileanna le Múnlaí 1 agus 2 go gcaitear am ar thogradh go rialta ar an mBéarla sna meán ranganna agus sna hardranganna ach go háirithe. Thuairiscigh 17.4 faoin gcéad de phríomhoidí ó ghaelscoileanna le Múnlaí 3 agus 4 go ndéantar é sin.


Fíor 23: Céatadán na ngaelscoileanna de réir Múnlaí a thugann sciar rialta den am discrídéach/ar togradh do mhúineadh an Bhéarla ó R.1-6



Lean ceist ghaolmhar eile (Ceist 26) an ceann seo. Iarradh ar na príomhoidí an raibh níos mó ná an íosmhéid ama a bhí molta i gCuraclam na Bunscoile 1999 á dtabhairt don Bhéarla i rang ar bith sa ghaelscoil.

Thuairiscigh 55 faoin gcéad de phríomhoidí ó ghaelscoileanna Múnlaí 1 agus 2 go gcaitear níos mó ná an t-íosmhéid am seachtainiúil de 2.5 uair a chloig atá molta leis an mBéarla. Bhí éagsúlacht chleachtais agus cúiseanna tugtha ach go bunúsach, tugadh am breise i rang a haon agus a dó nó sna hardranganna 4, 5, 6. Mhínigh príomhoidí áirithe nach bhfuil sé indéanta ar chor ar bith an curaclam Béarla, Mata, ná Gaeilge a theagasc laistigh den íosmhéid ama seachtainiúil atá molta sa churaclam.

Fíor 24: Céatadán na ngaelscoileanna de réir Múnla a chaitheann níos mó ná an t-íosmhéid ama molta le teagasc an Bhéarla i ranganna eile seachas naíonáin.




4.2.16 Labhairt na Gaeilge

Is minic a dhéantar trácht ar úsáid na Gaeilge sa chlós nuair a bhíonn ceist ar bith faoi ghaelscoileanna faoi chaibidil. Iarradh ar na príomhoidí (Ceist 13) cur síos a dhéanamh ar labhairt na Gaeilge ina scoil féin mar chuid den taighde reatha.

Tháinig an cheist seo ó thaighde ar staid reatha na scoileanna gaeltachta, Mac Donnacha, (2005). Bheadh sé suimiúil comparáid a dhéanamh idir na torthaí ón dá earnáil ag am éigin eile ach, níl sé i gceist é a dhéanamh sa taighde reatha. Tá comparáid déanta ag an dtaighdeoir arís idir na freagraí ó ghaelscoileanna i Múnlaí 1 agus 2 agus Múnlaí 3 agus 4.

Fíor 25: Labhairt na Gaeilge sa chlós gaelscoile de réir na múnlaí.



Thuairiscigh 93.6 faoin gcéad de phríomhoidí i Múnlaí 1 agus 2 go bhfuil níos mó Gaeilge ná Béarla á labhairt sa chlós. Is 73.5 faoin gcéad de phríomhoidí i Múnlaí 3 agus 4 a thuairiscigh go bhfuil níos mó Gaeilge ná Béarla á labhairt sa chlós. Léiríonn príomhoidí ó mhúnlaí 1 agus 2 go bhfuil an scéal níos dearfaí dar leo, ná mar a thuairiscigh príomhoidí ó mhúnlaí 3 agus 4. Ceapann 6.4 faoin gcéad de phríomhoidí ó mhúnlaí 1 agus 2 go bhfuil níos mó Béarla ná Gaeilge á labhairt sa chlós i gcomparáid le 26.5 faoin gcéad ó mhúnlaí 3 agus 4.

4.3 Anailís ar na Torthaí

Léiríonn na torthaí sna sonraí ginearálta i **4.2.1** go bhfuil an-éileamh ar an ngaelscolaíocht ar fud na tíre i gcónaí. Tá meán rollúcháin na ngaelscoileanna sa taighde reatha díreach caoga dalta os cionn an mheáin náisiúnta (134 dalta) a bhí ag na scoileanna go léir sa tír i 2003/2004. De réir Mhic Dhonnacha et al (2004: 25) is é 67 dalta an meán rollúcháin do bhunscoileanna na Gaeltachta. Mar sin ar an meán, má roghnaíonn tuismitheoirí gaelscoil dá bpáiste, beidh sé/sí ag freastal ar scoil atá níos mó ná mar atá gnáthscoil. Gan dabht tá baint ag na figiúirí atá riachtanach le haghaidh aitheantas a fháil i gcomhair scoileanna nua leis an gceist seo. Bíonn ar scoileanna ar a laghad 17 naíonán nach raibh ar scoil cheana a fháil chun aitheantas sealadach a fháil. Bíonn ar na scoileanna sin 51 dalta a bheith acu taobh istigh de thrí bliana. Mar sin, de ghnáth, is sna bruachbhailte agus i mbailte móra amháin gur féidir gaelscoileanna nua tosnú. Léirítear freisin gur fórbheagán daltaí a thagann ó theaghlaigh a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga acu sa bhaile. Go praiticiúil, ciallaíonn an figiúr de 2.6 faoin gcéad, gur dalta amháin a bheadh i mbeagnach gach rang gaelscoile a bhfuil an

Ghaeilge mar phríomhtheanga an teaghlaigh acu sa bhaile dá roinnfí amach iad. Tagann an toradh seo le taithí an taighdeora atá ag múineadh san earnáil le beagnach fiche bliain.

Taispéantar i **4.2.2** go bhfuil beagnach dhá thrian de phríomhoidí gaelscoile ag feidhmiú mar phríomhoidí riaracháin. Is malairt scéil atá sna gnáthscoileanna le os cionn dhá thrian de na príomhoidí ag teagasc agus tá 93.3 faoin gcéad de na príomhoidí Gaeltachta ag teagasc. (Mac Donnacha et al, 2004: 33)

Léirítear i bhFíor 2 (b) a laghad taithí atá ag beagnach an tríú cuid de phríomhoidí gaelscoile. Fágann sé sin go bhfuil tromlach na bpríomhoidí i ngaelscoileanna na tíre sa phost le deich mbliana nó níos lú. Is féidir a rá gur dóichí nach raibh leath na bpríomhoidí reatha ag feidhmiú sna poist sin roimh theacht an churaclaim nua i 1999.

Déantar cur síos i 4.2.3 ar na múnlaí tumoideachais éagsúla atá i bhfeidhm agus léirítear an briseadh síos i bhFíor 3. Léiríonn na torthaí sa taighde reatha go bhfuil 42 faoin gcéad de ghaelscoileanna anois ag caitheamh ar a laghad bliain iomlán amháin 100 faoin gcéad tumtha sa Ghaeilge cé go bhfuil an polasaí seo ag teacht salach go hiomlán ar pholasaí tumoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, (2004) agus ar mholtaí agus treoracha ó chigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar an dtalamh le roinnt blianta anuas. Tá 63 faoin gcéad de ghaelscoileanna ag caitheamh ar a laghad téarma amháin tumadh 100 faoin gcéad sa sprioctheanga. Tá mionlach ard de 37 faoin gcéad de ghaelscoileanna a mhúineann Béarla ón gcéad lá scoile sna naíonáin shóisearacha don íosmhéid ama atá molta ag an Roinn Oideachais dóibh. Is léir mar sin go bhfuil na

scoileanna sin ag cur tumoideachais de shórt, nach luath-thumadh iomlán ar fad é, ar fáil dá bpobail faoi láthair. Tagann an toradh seo le tuairim an Aire Hanafin faoin tríú cuid ar a laghad a bheith ag múineadh Béarla mar a nochtáíodh sa chlár raidió 'The Last Word'.

Tá leibhéal eolais na bpríomhoidí ar thaighde idirnáisiúnta ar an tumoideachas, an dátheangachas suimíoch, stráitéisí/modheolaíochtaí múineadh teangan agus forbairt na délitearthachta le feiceáil i 4.2.4. Thuairiscigh céatadán níos airde príomhoidí i Múnlaí 1 agus 2 go raibh leibhéal eolais ard nó an-ard acu ar na hábhair thuasluaite ná mar a thuairiscigh príomhoidí ó mhúnlaí 3 agus 4. Tá breis is dhá oiread de na príomhoidí i Múnlaí 1 agus 2 a thuairiscigh leibhéal ard nó an-ard eolais ar an dátheangachas suimíoch i gcomparáid lena gcomhleacaithe i Múnlaí 3 agus 4. Níl ach leibhéal ard nó an-ard ag an ochtú cuid de phríomhoidí i Múnlaí 3 agus 4 ar an dátheangachas suimíoch. Tá dhá oiread de na príomhoidí i Múnlaí 1 agus 2 a thuairiscigh leibhéal ard nó an-ard eolais ar stráitéisí/modheolaíochtaí múineadh teangan i gcomparáid lena gcomhleacaithe i Múnlaí 3 agus 4. Is léir ón dtaighde reatha go bhfuil, dar leo féin, níos mó cur amach, ar an meán, ag na príomhoidí i Múnlaí 1 agus 2 ar chuid de na ceisteanna móra reatha a bhaineann le teoiric an tumoideachais ach go háirithe. Ach níl aon dabht ann, go léiríonn Fíor 5 pictiúr nach bhfuil moltach ó thaobh leibhéal eolais céatadán ard príomhoidí ó gach aon mhúnla. Is léir ó na figiúirí go bhfuil géarchéim ann ó thaobh forbairt ionghairme chomh fada is a bhaineann sé le teoiricí an tumoideachais san earnáil. Tagann na torthaí seo le taighde Uí Mhaoláin (1996) agus Uí Dhuibhir (1999) a léirigh na heasnaimh a bhí ann maidir le forbairt ionghairme in earnáil na gaelscolaíochta.

Léirítear freisin sa taighde ó na príomhoidí i bhFíor 6 go bhfuil 95 faoin gcéad de na foirne gaelscoile aontaithe eatarthu féin, faoin múnla is éifeachtaí do na daltaí a bheith i bhfeidhm sa ghaelscoil. Pé Múnla atá i bhfeidhm tá sé tábhachtach gan dabht go mbeadh muinín ag an bhfoireann as. Léiríonn an easpa eolais thuasluaite ar chuid de na saincheisteanna a bhaineann le teoiricí an tumoideachais, gur bhféadfadh sé tarlú gur aontú an aineolais atá i gceist i ngaelscoileanna áirithe anseo.

Mar fhreagra ar cheist 7, atá léirithe i bhFíor 7, tugtar le fios go bhfuil an múnla tumoideachais atá i bhfeidhm sa ghaelscoil aontaithe, pléite agus faofa go foirmiúil ag dhá thrian ar a laghad de na boird bhainistíochta. Tá seans ann go bhfuil an figiúr seo níos airde toisc go bhfuil roinnt mhaith príomhoidí nua i gceist le téarmaí an-ghairid curtha síos mar phríomhoidí go fóill acu. Thuairiscigh roinnt príomhoidí nach raibh an polasaí faofa, ach go mbeadh go luath agus ghabhadar buíochas leis an dtaighdeoir as an gceist seo a ardú mar gur spreag sé iad féin chun gnímh.

Maidir le tús na léitheoireachta léirítear an pictiúr reatha i bhFíor 8. Tá comparáid le Ní Bhaoill (2004) le feiceáil ann freisin. Bliain stairiúil a bhí i 2004 mar gurb iad naíonáin shóisearacha 2003/2004 an chéad rang naíonáin shóisearacha a raibh deis acu úsáid a bhaint as an scéim nua theagaisc 'Séideán Sí', a dearadh go speisialta do ghaelscoileanna agus do scoileanna gaeltachta. Tá na ranganna sin, anois sna ranganna a dó a bhí páirteach sa taighde reatha, agus cífidimid níos déanaí conas mar atá ag éirí leo leis an léitheoireacht Bhéarla. Ceann de na haidhmeanna a bhí ag an sceim chomhtháite teangan sin ná chun a chur ar

chumas na scoileanna a bhí ag teagasc go hiomlán tré Ghaeilge sa ghaeltacht agus sa ghalltacht na scoileanna litearthachta a mhúineadh tré Ghaeilge dá ndaltaí laistigh de shuímh thumoideachais. Is fíor spéisiúil go bhfuil an líon gaelscoileanna atá ag tosnú le léitheoireacht fhoirmiúil i nGaeilge ar dtús méadaithe ó 58 faoin gcéad go 72 faoin gcéad sa tréimhse gairid sin ó thaighde Ní Bhaoill i 2004. Sin athrú mór, méadú de 14 faoin gcéad in achar an-ghearr ar fad.

Níl ach 7.5 faoin gcéad de na gaelscoileanna sa suirbhé seo ag tuairisciú nach bhfuil siad ag baint úsáide as an bpacáiste comhtháite teagasc teangan 'Séideán Sí' faoi láthair. Thuairiscigh cuid acusan féin go mbeidh an scéim á glacadh acu an bhliain seo chugainn toisc go bhfuil sé ar fáil anois do gach aon rang suas go rang a dó. Léiríonn an taighde reatha go bhfuil na gaelscoileanna sin ar fad nach raibh 'Séideán Sí' in úsáid acu (seachas dhá cheann) ag tosnú le léitheoireacht fhoirmiúil tré Bhéarla i láthair na huaire. Cé nár lorg an taighdeoir aiseolas ar an gclár 'Séideán Sí' sa cheistneoir dúradh rudaí ar nós 'Táimid an-sásta leis' agus 'thar barr'.

Tá titim an-mhór dá réir ar líon na ngaelscoileanna atá ag múineadh na léitheoireachta tré Bhéarla ag an tús. Níl ach gaelscoil amháin anois as gach seacht gcinn sa tír a thosaíonn le léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla faoi láthair. Beidh sé suimiúil a fháil amach, cad é an tionchar a bheidh ag Imlitir nua eisishe 0044/2007 má chuirtear i bhfeidhm í, ar an gcleachtas seo. Tá líon na ngaelscoileanna a thosaíonn le léitheoireacht fhoirmiúil sa Bhéarla tite ó 36.4 faoin gcéad i 2004 go 15 faoin gcéad sa taighde reatha. Sin titim de 21 faoin gcéad. Tá timpeall dhá thrian (14 faoin gcéad) díobh tar éis aistriú chuig tosnú le

léitheoireacht fhoirmiúil tré Ghaeilge ó rinne Ní Bhaoill a cuid taighde ag tús na bliana 2004. Tá an tríú cuid eile díobh nó 7 faoin gcéad tar éis tabhairt faoin dá theanga le chéile nó 'playing it safe' mar a luaigh Coady (2001: 148). Thuairiscigh trí cheathrú de na gaelscoileanna a thosaíonn le léitheoireacht sa Bhéarla go bhfuil an pacáiste comhtháite teangan 'Séideán Sí' in úsáid acu. Is cosúil sna cásanna sin nach bhfuil an cur chuige comhtháite a mholtar sa phacáiste á leanúint ag na gaelscoileanna sin ar chúiseanna logánta.

Léirítear na torthaí do léitheoireacht an Bhéarla sa taighde reatha seo, i bhFíor 10. Is scéal a thagann go hiomlán leis an bpictiúr a bhí faighte amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sa suirbhé náisiúnta léitheoireachta i 1988 atá léirithe ann. Léirigh na torthaí do rang a dó (bíonn na daltaí i rang a dó, ocht nó naoi mbliana d'aois) sa taighde reatha go raibh na caighdeáin do léitheoireacht an Bhéarla i ngaelscoileanna na tíre i bhfad Éireann os cionn an mheáin náisiúnta. Tagann na torthaí le taighde idirnáisiúnta agus le tuairimí Cummins (2007) go mbíonn gnóthachtáil daltaí tumoideachais i léitheoireacht na chéad teangan chomh maith lena bpiaraí a fhreastalaíonn ar scoileanna a mhúineann tríd an chéad teanga. Taispéanann na torthaí seo nach bhfuil bunús le seasamh an Aire Hanafin (Last Word) maidir le daltaí gaelscoile gan a bheith ábalta Harry Potter a léamh ag aois a naoi nó deich mbliana ar nós a chairde i ngnáthscoileanna

Is léiriú rí-shoiléir é seo nach bhfuil aon mhíbhuntáiste nó bearna ó thaobh caighdeáin léitheoireachta sa Bhéarla le feiceáil ar an meán i ngaelscoileanna na hÉireann. An bhearna atá le feiceáil go soiléir ná an bhearna atá le dúnadh ag

gnáthscoileanna le breith suas ar an gcaighdeán ard sna gaelscoileanna i léitheoireacht an Bhéarla.

Léirigh na torthaí i **bhFíor 11** do rang a cúig (bíonn na daltaí i rang a cúig, aon bhliain déag d'aois de ghnáth) sa taighde reatha go raibh na caighdeáin do léitheoireacht an Bhéarla do rang a cúig i ngaelscoileanna na tíre i bhfad Éireann os cionn an mheáin náisiúnta freisin. Bhí na torthaí do rang a cúig níos fearr ná rang a dó fiú. Tagann na torthaí seo leis an dtaighde atá ar fáil ó thíortha eile a léiríonn nach aon mhíbhuntáiste do mhórtheanga na ndaltaí a bheith tumtha go hiomlán sa mhionteanga ar feadh tréimhse ag tús na scolaíochta. Johnstone et al (1999)

Léiríonn na torthaí sa taighde reatha faoi thús na léitheoireachta atá i bhFíor 12 go bhfuil ag éirí go han mhaith le daltaí a thosaíonn leis an Ghaeilge agus go bhfuil ag éirí go han mhaith le daltaí a thosaíonn le Béarla freisin. Tá siad araon, go maith os cionn an mheáin náisiúnta i rang a dó agus i rang a cúig. Tagann an toradh seo le taighde Ewart and Straw (2001) faoi theanga tosaigh na léitheoireachta agus gnóthachtálacha foghlama.

I bhFíor 13 cítear na torthaí ó rang a dó léirithe ó mhúnlaí 1 agus 2 i gcomparáid le Múnlaí 3 agus 4. Léiríonn na torthaí go bhfuil an difríocht idir na torthaí as Múnlaí 1 agus 2 agus Múnlaí 3 agus 4 beag go leor do rang a dó le Múnlaí 1 agus 2 beagáinín chun tosaigh i ngach catagóir. I bhfíor 14. cítear na torthaí ó rang a cúig léirithe ó mhúnlaí 1 agus 2 i gcomparáid le Múnlaí 3 agus 4. Tá siad araon os cionn an mheáin náisiúnta. Tá difríocht suntasach áfach, le feiceáil anseo i bhfábhar na

ngaelscoileanna i munlaí 1 agus 2 a chleachtann tumadh iomlán ar feadh bliana ar a laghad. Tagann na torthaí seo le taighde Johnstone et al (1999). Is toradh spéisiúil atá anseo i bhfianaise an bhaic atá curtha ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis an gcur chuige is rathúla sin, in Imlitir nua eisithe 0044/2007. Cuireann sé seo seanfhocal i gcuimhne don dtaighdeoir ‘An rud nach bhfuil briste, ní gá é a dheisiú.’

Léirigh na torthaí léitheoireachta Béarla ó ghaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste go raibh siad go mór faoi bhun an mheáin náisiúnta do scoileanna na tíre i rang a dó, rud nach gcuirfeadh iontas ró-mhór ort. Léirigh torthaí rang a cúig, áfach, go raibh an bhearna sin laghdaithe go mór agus nach raibh siad i bhfad taobh thiar den mheán náisiúnta ar chor ar bith. Is toradh iontach dearfach atá anseo do na gaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste.

Gan dabht is anailís a chuireann i gcomparáid iad le scoileanna faoi mhíbhuntáiste eile dá sórt is fearr a léiríonn an scéal. Toisc gur scóranna Sten a bailíodh sa taighde reatha (cinneadh a tógadh tar éis an phíolótaithe) níl ar chumas an taighdeora comparáid iomlán díreach a dhéanamh le torthaí foilsithe ó scoileanna faoi mhíbhuntáiste ar nós LANDS (2005) ó chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta nó ‘Reading Literacy in Disadvantaged Primary Schools’: (Eivers, Shiel agus Shortt, 2003). Ach mar sin féin, is féidir comparáid indíreach a dhéanamh. Léirigh Eivers, Shiel agus Shortt (2003) go raibh 26.7 faoin gcéad as rang a haon, 29.5 faoin gcéad as rang a trí agus 27.2 faoin gcéad as rang a sé sa chatagóir faoi bhun an 10 faoin gcéad. Léiríonn an taighde reatha go bhfuil 31 faoin gcéad i rang a dó agus 19.5 faoin gcéad i rang a cúig ag Sten 1-3 nó ag an 16 faoin gcéad is ísle de réir an mheáin náisiúnta.

Léirigh Eivers, Shiel agus Shortt (2003) freisin nach raibh níos mó ná 4 faoin gcéad sa chatagóir os cionn 90 faoin gcéad in aon rang sa taighde a rinne siad i 94 scoil faoi mhíbhuntáiste. Léirigh an taighde reatha go raibh 13.3 faoin gcéad as rang a dó agus fiche faoin gcéad as rang a cúig sa chatagóir ina mbíonn 16 faoin gcéad de réir an mheáin náisiúnta. Is torthaí dochreidte dearfacha iad seo do na gaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste.

Nuair a dhéantar comparáid le torthaí LANDS 2005 tá an scéal chomh dearfach chéanna. Is fiú a lua gur i bhfeabhas a théann na torthaí sna gaelscoileanna idir rang a dó agus a cúig agus gurb é a mhalairt a léirigh LANDS a tharlaíonn i scoileanna faoi mhíbhuntáiste atá ag teagasc tré Bhéarla. Tagann na torthaí dearfacha do ghaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste le taighde Cloud et al (2000) faoi dhaltaí gorma ó chúlra socheacnamaíochta íseal sna cláracha tumoideachais Fraincise.

Léirigh **Fíor 18** go raibh scéimeanna léitheoireachta i bpáirt i bhfeidhm i ngach gaelscoil as Múnlaí 1 agus 2. Léiríonn na torthaí eile faoi na polasaithe léitheoireachta agus cruinnithe go bhfuil na gaelscoileanna gníomhach ag cur rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a bpáistí chun cinn. Léiríonn an leibhéal rannpháirtíochta gur fíorpháirtnéireacht atá ar siúl sna gaelscoileanna seo.

I **bhFíor 19** léirítear go bhfuil leibhéal níos airde muiníne ag príomhoidí i Múnlaí 1 agus 2 go mbaineann na daltaí ardchaighdeán litearthachta amach sa dá theanga roimh fhágáil na gaelscoile dóibh ná mar atá ag príomhoidí i Múnlaí 3 agus 4. Tagann an leibhéal muiníne seo leis na torthaí níos fearr a ghnóthaigh daltaí i Múnlaí 1 agus 2 sa léitheoireacht Bhéarla i rang a cúig sa taighde reatha. Tagann

sé chomh maith leis an leibhéal níos airde eolais a thuairiscigh príomhoidí sna múnláí sin faoin tumoideachas agus araile.

D'éirigh níos fearr freisin, (**Fíor 20**) le daltaí i ngaelscoileanna le príomhoidí a bhí lánmhuinéach trasna na múnláí go léir i gcomparáid le príomhoidí a thuairiscigh go rabhadar muinéach go leor. Tacaíonn an toradh seo le tuairim Lindholm–Leary (2005) go bhfuil sé riachtanach go gcreidfeadh an príomhoide go n-oibríonn an clár teanga/Múnla teanga atá á gcur i bhfeidhm chun go mbeidh sé rathúil.

D'aontaigh gach príomhoide sa taighde reatha le moltaí an CNCM. Is léiriú é seo ar fheabhas an phróisis chomhairliúcháin a chuir an CNCM ar bun le bliain anuas nó mar sin. Léiríonn **Fíor 21** go mbeadh 70.3 faoin gcéad de na gaelscoileanna sásta tumadh iomlán ar feadh bliana ar a laghad a chur i bhfeidhm, dá dtacódh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis an gcur chuige sin sa tír seo, mar a tharlaíonn i dtíortha eile. Is léiriú é seo ar an tionchar láidir a imríonn an polasaí frith-thumoideachas iomlán atá á chur i bhfeidhm ag cigirí na Roinne mar léirigh an taighde reatha gur 42 faoi gcéad atá ag caitheamh bliain amháin tumtha faoi láthair.

Cítear i **bhFíor 22** gur 27 faoin gcéad a aontódh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dá gcuirfí iachall ar gach gaelscoil Béarla a mhúineadh ó thús an dara téarma sna naíonáin shóisearacha. Tacaíonn an toradh seo le torthaí Fíor 21 faoin rogha a ghlacfadh gaelscoileanna dá mbeadh sairse agus tacaíocht ann dóibh ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Nuair a fhéachtar ar na freagraí de réir Múnlaí, bheadh 97 faoin gcéad de phríomhoidí i ngaelscoileanna le Múnlaí 1 agus 2 ag easaontú nó ag easaontú go láidir leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, dá leanfaidís an bóthar seo.

Léirigh Fíor 23 go raibh sciar rialta den am ar togradh á chaitheamh ar mhúineadh an Bhéarla i ranganna eile seachas na naíonáin ag formhór na ngaelscoileanna i Múnlaí 1 agus 2. Léirigh an toradh i bhFíor 24 go raibh os cionn leath na ngaelscoileanna i Múnlaí 1 agus 2 ag caitheamh níos mó ná an t-íosmhéid ama atá molta le múineadh an Bhéarla i ranganna eile seachas ranganna na naíonán. Léiríonn an taighde reatha mar sin, go bhfuil na gaelscoileanna a chleachtann an luath-thumadh iomlán ar feadh bliana ar a laghad ag caitheamh níos mó ama ná an íosmhéid molta sa churaclam, sna ranganna eile ar bhonn rialta, ar theagasc an Bhéarla. Tá gach cosúlacht, dá réir, nuair a chuirtear torthaí Fíor 23 agus Fíor 24 le chéile go bhfuil na gaelscoileanna i Múnlaí 1 agus 2 ag caitheamh níos mó ama ar mhúineadh an Bhéarla mar theanga i rith saol iomlán an dalta sa ghaelscoil ná daltaí i ngaelscoileanna i Múnlaí 3 agus 4. Léiriú é seo a thagann le hEivers et al (2005), nach bhfuil an chreatlach sheachtainiúil íos-ama a mholtar sa churaclam oiriúnach do gach aon chineál scoile, atá sa tír faoi láthair. Is léir go bhfuil sainriachtanais oideachasúla ar leith, ag scoileanna ar leith, ag daltaí ar leith, ag leibhéil ar leith agus gan dabht bheadh gaelscoileanna san áireamh anseo.

Léiríonn **Fíor 25** go bhfuil difríocht shuntasach sna torthaí a thuairisc na príomhoidí faoi labhairt na Gaeilge sa chlós sna múnlaí éagsúla. Tá staid labhairt na Gaeilge i measc na ndaltaí sa chlós níos láidre ar an meán i ngaelscoileanna a chleachtann bliain ar a laghad de thumoideachas iomlán, sin iad na gaelscoileanna i Múnlaí 1 agus 2. Thosnaigh na gaelscoileanna seo freisin le tús na léitheoireachta trí Ghaeilge, seachas ceann amháin. An bhfuil na daltaí seo

níos compordaí iontu féin, le labhairt agus léamh na Gaeilge dá bpléisiúr féin? An bhfuil tionchar díreach ag an múnla le cleachtas labhairt na Gaeilge? An cheist eile a thagann chun cinn ná an bhfuil an dua breise gur thagair Ní Mhaoláin (2005) dó, ó thaobh féitheoireachta agus labhairt na Gaeilge sa chlós á ghlacadh orthu féin ag na foirne i ngach aon ghaelscoil sa tír, i ngach aon mhúnla?

Is léir áfach, go bhfuil cúiseanna nach eol dúinn go hiomlán go fóill, le cleachtas níos forleithne labhairt na Gaeilge, a bheith i measc na ndaltaí i ngaelscoileanna as Múnlaí 1 agus 2.

5.CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

5.1 Conlúidí

Is léir ón dtaighde reatha go bhfuil earnáil na gaelscolaíochta ag fás dé shíor. Ní hamháin go bhfuil gaelscoileanna nua á mbunú ag tuismitheoirí ag an dá leibhéal ach tá 83.7% de na gaelscoileanna ag tuairisciú fáis i líon na ndaltaí don bhliain seo chugainn agus tóir ag tuismitheoirí na hÉireann ar an tumoideachas i gcónaí dá bpáistí.

Léiríodh go soiléir sa taighde reatha na múnlaí tumoideachais éagsúla atá á gcleachtadh faoi láthair sna gaelscoileanna. Cuireann an taighde reatha le hobair Bradley (2006) agus Ní Bhaoill (2004). Tá tábhacht ar leith ag baint leis na torthaí, áfach, mar léirítear pictiúr dúinn d'earnáil na gaelscolaíochta díreach roimh theacht i bhfeidhm Imlitir nua eisithe 0044/2007, nó bac na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar an luath-thumadh iomlán atá díreach fógraithe ag an Aire Hanafin.

Is léir ón dtaighde reatha nach bhfuil an chreatlach sheachtainiúil a mholtar sa Churaclam Bunscoile (1999) oiriúnach do ghaelscoileanna ná don chóras tumoideachais. Tá molta cheana féin ag Eivers et al (2004) go mba cheart breis ama (ar a laghad 90 nóiméad) a thabhairt gach lá don litearthacht Bhéarla i scoileanna faoi mhíbhuntáiste agus nach bhfuil an chreatlach sheachtainiúil oiriúnach do scoileanna dá leithéid. Léirítear sa taighde reatha nach bhfuil an chreatlach sheachtainiúil íos-ama a mholtar sa churaclam bunscoile (1999) oiriúnach don chóras tumoideachais mar nach gcuirtear na sainriachtanais atá ag daltaí ag leibhéal ar leith sa chóras san áireamh ann.

Chonacthas sa taighde reatha, go raibh leibhéal eolais na bpríomhoidí mar a thuairiscíodar féin, easnamhach go maith maidir leis na ceisteanna a bhain le tumoideachais agus na délitearthachta de. Cé go bhfuil feabhas beag ar an scéal ó rinne Ní Mhaoláin (1996) agus Ó Duibhir (1999) taighde sa ghort seo, níl aon fhianaise sa taighde reatha gurb iad na seirbhísí a chuireann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil is cúis leis an dul chun cinn beag. B'fhéidir gurb iad na príomhoidí féin atá ag déanamh taighde pearsanta ar na hábhair seo, mar is léir go bhfuil príomhoidí atá i ngaelscoileanna a chleachtann luath-thumadh iomlán chun cinn ó thaobh eolais de. Is dóichí gur gá dóibh an seasamh atá ag an ngaelscoil a mhíniú do thuismitheoirí agus a chosaint os comhair chigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus is cinnte go mbeidh orthu é sin a dhéanamh arís amach anseo.

Is léir ón taighde reatha freisin go bhfuil níos mó cainte faoi thumoideachas anois ná mar a bhí sna nóchaidí. Luaigh Ó Duibhir (1999) gur mó díospóireacht a bhí ar siúl faoin ábhar sin ag an tús, sna seachtóidí, ná mar a bhí le fiche bliain roimh a thaighde féin. Is léir ón dtaighde reatha go bhfuil plé leanúnach tosnaíthe ar an tumoideachas agus polasaithe gaolmhara ar nós tús na léitheoireachta ag leibhéal na foirne, ag leibhéal an bhoird agus le thuismitheoirí sna gaelscoileanna ó tháinig an curaclam nua i bhfeidhm. Is cinnte go bhfuil taighde leithéidí Uí Dhuibhir tar éis plé a spreagadh.

Léiríonn an taighde reatha gur tré Ghaeilge a thosaítear an léitheoireacht fhoirmiúil sna gaelscoileanna don chuid is mó anois. Tosaíonn ar a laghad seacht as gach

deich gcinn de ghaelscoileanna leis an léitheoireacht fhoirmiúil i nGaeilge anois. Is toradh suntasach é seo, mar léiríonn sé athrú ar na cleachtais ó thaighde Ní Bhaoill (2004). Is léir gur i dtreo scileanna litearthachta a shealbhú tré Ghaeilge ar dtús atá na gaelscoileanna ag dul le roinnt blianta anuas. Tá an taighde reatha ag léiriú nach bhfuil ach gaelscoil amháin as gach seacht gcinn ag tosnú le léitheoireacht fhoirmiúil i mBéarla anois. Is athrú suntasach eile atá anseo ar thorthaí Ní Bhaoill (2004). Léiríonn an taighde reatha go bhfuil na cleachtais sin ag athrú de réir mar a athraíonn cúinsí sna gaelscoileanna féin ó thaobh acmhainní breise léitheoireachta agus eile a bheith ar fáil.

Léiríonn an taighde reatha, go rí-shoiléir na caighdeáin arda a bhaintear amach sna gaelscoileanna go léir sa léitheoireacht Bhéarla i rang a dó agus i rang a cúig. Tá suntas ar leith ag baint leis an dtoradh seo. Tá iontaofacht an toraidh féin gan cheist, toisc an líon ard daltaí ón dá rang a bhí sa sampla don taighde reatha. Tagann an toradh seo go hiomlán leis an dTuairisc Náisiúnta ar Léitheoireacht an Bhéarla i mBunscoileanna (1991) a léirigh go raibh na daltaí gaelscoile chun cinn sa léitheoireacht Bhéarla ag an am sin freisin. Níl aon léiriú ginearálta sa taighde reatha a thugann le tuiscint go bhfuil moilliú, titim chun deiridh nó bearna de shaghas ar bith sna caighdeáin léitheoireachta Bhéarla a ghnóthaíonn daltaí gaelscoile i gcomparáid lena gcomhleacaithe i scoileanna atá ag teagasc tré Bhéarla.

Ceistítear ón mbonn seasamh an Aire Oideachais agus Eolaíochta maidir le tumoideachas iomlán sa taighde reatha. Réitítear chomh maith na míthuiscintí a

tuairiscíodh sna meáin a bhí ag tuismitheoirí gaelscoile áirithe, faoi éifeacht diúltach a bheith ag an tumoideachas iomlán ar Bhéarla daltaí gaelscoile. An t-aon bhearna amháin a fheictear go soiléir sa taighde reatha ná an bhearna atá le dúnadh nó le déanamh suas ag gnáthscoileanna, chun breith suas leis na caighdeáin níos airde, ar an meán, a bhaineann na gaelscoileanna as gach aon mhúnla amach, i léitheoireacht an Bhéarla.

Léiríonn an taighde reatha, trasna na múnlaí go léir, gur beag an difríocht atá idir na torthaí léitheoireachta sa Bhéarla do dhaltaí a thosaigh le léitheoireacht fhoirmiúil i nGaeilge nó i mBéarla ar dtús. Léirítear buntáiste an-bheag i rang a dó dóibh siúd a thosaigh le Béarla agus buntáiste an-bheag i rang a cúig dóibh siúd a thosaigh le Gaeilge. Tagann na torthaí seo le taighde Ewart & Straw (2001) a dúirt nach í an teanga ina dtosaítear ar an léitheoireacht fhoirmiúil is tábhachtaí ó thaobh na gcaighdeán a bhaintear amach ar deireadh.

Léirigh an taighde go soiléir go bhfuil ag éirí níos fearr le daltaí i ngaelscoileanna i Múnlaí 1 & 2 le léitheoireacht an Bhéarla ná daltaí i ngaelscoileanna a chleachtann Múnlaí 3 & 4. Tá buntáiste beag le feiceáil trasna an speictrim gnóthachtála i rang a dó do na gaelscoileanna i Múnlaí 1 & 2. Tá buntáiste suntasach, áfach, le tabhairt faoi deara i rang a cúig i bhfábhar na ndaltaí i Múnlaí 1 & 2 a bhí i ngaelscoileanna inar tumadh sa Ghaeilge iad ar feadh bliana ar a laghad ag tús a gcuid scolaíochta.

Léiríonn an taighde reatha go bhfuil comhoibriú ard idir na gaelscoileanna go léir agus na tuismitheoirí a roghnaigh iad maidir le tús na litearthachta, ach go háirithe,

chomh fada is a bhaineann sé le rannphairtíocht i scéimeanna léitheoireachta i bpáirt.

Thaispeáin an taighde reatha go bhfuil ceathrar as gach cúigear príomhoidí i ngaelscoileanna i Múnlaí 1 & 2 lánmhuinéach go n-éiríonn le daltaí ard chaighdeán litearthachta a bhaint amach sa dá theanga, roimh fhágáil na gaelscoile dóibh, tríd an múnla tumoideachais atá i bhfeidhm sa ghaelscoil faoi láthair. Bhí an cúigiú eile múníneach go leor ar an ábhar céanna. Bhí príomhoidí i Múnlaí 3 & 4 deighilte idir lánmhuinéach agus muiníneach go leor. Tabharfaidh na torthaí ginearálta anseo do léitheoireacht an Bhéarla breis muiníne dóibh go léir ar an ábhar sin, ach go háirithe.

Is léir ón dtaighde reatha go soiléir, go bhfuil na gaelscoileanna atá ag freastal ar na ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste ag baint caighdeán léitheoireachta sa Bhéarla amach atá i bhfad chun tosaigh ar na scoileanna faoi mhíbhuntáiste eile atá ag teagasc tré Bhéarla sna ceantair máguaird sna cathracha agus sna bailte móra céanna. Léiríonn an taighde reatha go bhfuil na gaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste ag sroichint leibhéil ghnóthachtála atá cúpla céatádán faoi bhun an mheáin náisiúnta faoi rang a cúig. Is cóngaraí iad sa taighde reatha don mheán náisiúnta ná mar atá siad do thorthaí ó scoileanna eile faoi mhíbhuntáiste atá ag teagasc tré Bhéarla. Léiríonn an taighde reatha nach bhfuil bunús eolaíoch ar bith le cinneadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta deireadh a chur le luath-thumadh iomlán ar an bpríomhchúis a thug an tAire gur ar son daltaí atá ag teacht go gaelscoileanna ó cheantair faoi mhíbhuntáiste a tógadh an cinneadh.

Nuair a chuirtear torthaí na ngaelscoileanna ó thuairisc Harris (2006) maidir le Gaeilge ag seasamh leis na torthaí sa taighde reatha faoin mBéarla, ní féidir a shéanadh ach go bhfuil caighdeán i bhfad níos airde délitearthachta á mbaint amach sa dá theanga ag gaelscoileanna na tíre seo i gcomparáid le scoileanna eile. Is nuair a chítear na torthaí ón dá theanga le chéile a thuigtear an obair iontach atá ar siúl sna gaelscoileanna.

Léiríonn an taighde reatha, nach bhfuil bunús oideachasúil nó eolaíoch ar bith, leis na cúiseanna a tugadh go dtí seo, le cinneadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta deireadh a chur le luath-thumadh iomlán mar atá sé á chleachtadh i ngaelscoileanna. Luaitear in Imlitir 0044/2007 go bhfuil cinneadh déanta ag an Aire gur gá Béarla a theagasc ó thús an dara téarma sna Naíonáin Shóisearacha i scoileanna aitheanta ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán ach ní luaitear aon chúis san Imlitir féin leis an gcinneadh. Léiríonn an taighde reatha gur dóichí nach bhfuil cúis ar fáil don Roinn Oideachais agus Eolaíochta don chinneadh sin a sheasfadh suas do scrúdú ar bith.

Tacaíonn na príomhoidí go léir sa taighde reatha le seasamh na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Mar sin, is léir go bhfuil gá leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, fiú ag an bpointe déanach seo, glacadh le moltaí an CNCM agus taighde leanúnach a dhéanamh ar na múnlaí i dtreo is go mbeidh mar a mhol siad aon athruithe a dhéanfar ar pholasaí an ROE bunaithe ar thaighde.

Léiríonn an taighde reatha gur mhaith le príomhoidí trí mhúnla tumoideachais a bheith ar fáil mar rogha do ghaelscoileanna le tacaíocht na Roinne Oideachais

agus Eolaíochta. Múnlaí A, B, agus C atá i gceist mar a léiríodh sna torthaí.

Bheadh cur chuige mar seo níos soiléire mar bheadh difríochtaí suntasacha idir na múnlaí agus iad ag teacht leis an rogha a rinne na príomhoidí sa taighde reatha.

5.2 Moltaí

Oiliúint agus Forbairt Ionghairme

Is gá do choláiste oiliúna nó ollscoil cúrsa iar-chéime bliana a chur ar fáil láithreach chun múinteoirí agus príomhoidí a oiliúint i gceart le haghaidh múineadh i ngaelscoil nó i scoil ghaeltachta.

Tá práinn ag baint le sainchúrsaí forbairt ionghairme a dhearadh agus a sholáthar don ghaelscolaíocht. Is iad na príomhoidí gaelscoile an chéad bhuíon go mba cheart díriú orthu. Is coir go mbeadh modúil ar an tumoideachas, an dátheangachas suimíoch, an délitearthacht, stráitéisí múineadh teangan i measc na n-ábhar gur gá díriú orthu. Tá an leibhéal eolais i measc na bpríomhoidí go ginearálta i bhfad ró íseal agus is gá don Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) aghaidh a thabhairt ar an gceist gan aon mhoill, agus féachaint chuige go dtarlaíonn sé.

Is gá sainchúrsaí inseirbhíse a dhearadh agus a sholáthar faoin gcóras tumoideachais, i bpáirtnéireacht leis na seirbhísí taca reatha, do phríomhoidí gaelscoile, do phríomhoidí gaeltachta, do chigirí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus do mhúinteoirí sa dá earnáil sin. Is gá díriú ina dhiaidh sin ar na tuismitheoirí agus na Boird Bhainistíochta. Bheadh ról lárnach comhordaithe ag COGG anseo freisin.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Ba chóir go gceapfaí cigire sinsearach amháin agus foireann de chigirí ar bhonn réigiúnda sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta le saineolas ar leith, taithí mhúinteoireachta, taithí phríomhoideachta, in earnáil na gaelscolaíochta mar bhunriachtanas agus freagracht ar leith d'fhorbairt na ngaelscoileanna agus na scoileanna gaeltachta mar shár-ionaid oideachais a bheith orthu. Go bhforbrófaí nascanna le cigirí oideachais ó thuaidh, in Albain agus sa Bhreatain Bheag chun tuiscintí ar an gcóras tumoideachais a bheachtú. Is gá don fhoireann sin, gan mhoill, polasaithe cuimsitheacha a dhréachtadh ar fhorbairt na délitearthachta, an dátheangachas shuimíoch agus ar na múnlaí tumoideachais, i gcomhar leis na gaelscoileanna féin agus leis na scoileanna gaeltachta.

Moltar don Roinn Oideachais agus Eolaíochta Imlitir 0044/2007 a aistharraingt láithreach toisc nach bhfuil bunús eolaíoch ná oideachasúil leis. Moltar gan tumoideachas iomlán mar rogha a cheilt ar thuismitheoirí Phoblacht na hÉireann. Is léir ón eolas sa taighde reatha go gcuirfeadh sé olc ar dhá thrian ar a laghad de phríomhoidí gaelscoile agus nach mbeadh na gaelscoileanna sin sásta imlitir éagórach dá leithéid a chur i bhfeidhm.

Moltar don Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus don Roinn Ghnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta an luath-thumadh iomlán, mar an rogha is láidre caomhnaithe teangan a mholadh go láidir do thuismitheoirí na gaeltachta dá bpáistí ó thús na scolaíochta.

Moltar don ROE agus na páirtnéirí leasmhara, polasaí cuimsitheach tumoideachais a dhréachtadh don oileán go léir. Bheadh scoileanna ag soláthar cláracha luath-thumadh iomlán, páirt-thumadh luath, páirt-thumadh méanach, tumadh iomlán méanach, agus tumadh déanach mar roghanna do thuismitheoirí na tíre ina leithéid de pholasaí. Moltar sprioc de sé déag faoin gcéad de dhaltaí na tíre a bheith páirteach sna cláracha éagsúla sin faoin mbliain 2016, agus ceathrú de dhaltaí na tíre faoin mbliain 2025.

Moltar feachtas leanúnach náisiúnta sna meáin ar fad faoi bhuntáistí an dátheangachais agus an tumoideachais a eagrú. Ba cheart díriú ar na miotais agus na míthuiscintí comónta a bhíonn ag gnáthdhaoine agus iad a bhréagnú.

Tuismitheoirí

Ba cheart go mbunófaí grúpa ‘Tuismitheoirí don Tumoideachas’ ar bhonn uile oileánda le deimhniú go dtugtar cothrom na féinne do chláracha éagsúla tumoideachais agus eolas cruinn a scaipeadh ar thuismitheoirí faoi rathúlacht na gcláracha sin ag an dá leibhéal.

Ba chóir go gcuirfí bileoga eolais/ CD rom ar fáil do thuismitheoirí, ag míníú dóibh faoi thús na léitheoireachta/forbairt na léitheoireachta/ forbairt na délitearthachta i suíomh gaelscoile/gaeltachta, ach go háirithe. Chomh maith leis sin, bheadh sé ina chabhair dá bhforbrófaí cláracha le moltaí praiticiúla agus áiseanna cuí do theaghlaigh ghaelscoile atá gan aon Ghaeilge nó le Gaeilge chun iad a threorú faoin mbealach is fearr dóibh cabhrú lena bpáistí féin, ag cur san áireamh na suíomhanna scolaíochta éagsúla atá ann faoi láthair.

Na gaelscoileanna

Tá sé tábhachtach go molfaí go láidir do ghaelscoileanna i Múnlaí a 1 agus 2 atá ag tosú ar léitheoireacht fhoirmiúil tré Ghaeilge cheana féin, gan tosú ar an léitheoireacht fhoirmiúil i mBéarla go dtí go bhfuil bunús réasúnta láidir faoi na scileanna léitheoireachta sa Ghaeilge: An meán reatha ná bearna de théarma iomlán ar a laghad, a bheith ann cinnte sula dtosaítear ar an mBéarla.

Moltar do ghaelscoileanna ar mian leo leanúint leis an tumadh iomlán a chur i bhfeidhm é sin a dhéanamh i gcomhar le pobal iomlán na gaelscoile.

Taighde

B'fhiú iniúchadh i bhfoirm taighde a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as 'Séideán Sí' i suíomhanna éagsúla tumoideachais. Is léir ón taighde reatha go bhfuil gaelscoileanna i Múnlaí a 3 & 4 nach bhfuil ag leanúint an chur chuige chomhtháite atá mar bhonn leis an gclár. Moltar cúrsa cuimsitheach, dílis, inseirbhíse a bheith ar fáil go leanúnach do ghaelscoileanna faoi conas an leas is fearr a bhaint as an áis, mar chuid de shraith chúrsaí lae ar fhorbairt na délitearthachta i ngaelscoileanna agus i scoileanna gaeltachta.

Ba cheart iniúchadh ar leith i bhfoirm taighde, a dhéanamh ar na gaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste, le fáil amach conas go bhfuilid ag déanamh chomh maith sin.

Ba cheart do thaighde fadtéarmach díriú ar cheist na léitheoireachta sa dá

theanga sna scoileanna sin agus scoileanna faoi mhíbhuntáiste atá ag teagasc tré Bhéarla atá ar aon dul leo. B'fhiú féachaint ar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sna scoileanna seo i scéimeanna léitheoireachta agus athróga eile atá ag imirt tionchar ar na torthaí dearfacha chun dea-chleachtais a aithint agus a scaipeadh.

Moltar go ndéanfaí comparáid feasta idir thorthaí na ngaelscoileanna, na scoileanna gaeltachta agus scoileanna atá ag teagasc tré Bhéarla i ngach aon suirbhé náisiúnta léitheoireachta nó matamaitice nó ábhar ar bith eile a bheidh á scrúdú amach anseo.

6. LEABHARLIOSTA

Foinsí Clóite.

ACCAC (Qualifications, Curriculum and Assessment Authority for Wales) (2000) Welsh in The National Curriculum for Wales. Cardiff: ACCAC

Adler, M. (1977) *Collective and Individual Bilingualism* Hamburg: Helmut Buske Verlag
luaite in Baker, C. (2000)

An Roinn Oideachais (1991) *Report in The National Survey of English Reading in Irish Primary Schools 1988* Baile Átha Cliath.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998b) *An tAcht Oideachais, 1998* Baile Átha Cliath, Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999) *Curaclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2005) (LANDS) *Literacy and Numeracy in Disadvantaged Schools: Challenges for Teachers and Learners. An evaluation by the Inspectorate of the Department of Education and Science* Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2006) *Séideán Sí, Réamhrá - Leabhar an Oide E - R3* Baile Átha Cliath An Gúm

Andersson, T., and Boyer, M. (1970). *Bilingual Schooling in the United States: Vol. 1*. Austin,

August, D., and Hakuta, K. (1997). *Improving Schooling for language-minority children: A research agenda*. Washington: National Academy Press.

Baker, C., and Prys Jones, S. (1998). *Encyclopedia of Bilingualism and Bilingual Education*. Clevedon: Multilingual Matters.

Baker, C. (2000). *The Care and Education of young Bilinguals* (2nd ed.): Clevedon: Multilingual Matters.

Baker, C. (2001). *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism* (Third ed.): Clevedon Multilingual Matters.

Bell, J. (2001) Third Edition. *Doing your research project: A guide for first time Researchers in Education and Social Science*. Buckingham: O.U.P.

Bialystok, E. (2007) Acquisition of Literacy in Bilingual Children: A Framework for Research. *Language Learning, 57: Suppl. 1, 45-77*

Bloomfield, L. (1935) *Language*. London, George Allen and Unwin Ltd.

- Bradley, C (2006) *An Tumoideachas: Cleachtas Reatha i nGaelscoileanna na hÉireann* Tráchtas M.A., Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh.
- Brouder, S.,(2007) 'Gaelscoil row leads to new national rules'. *The Kerryman*: 1 Lúnasa, 7
- Bruck, M.,(1985) Predictors of transfer out of Early French Immersion Programs. *Applied Psycholinguistics*, 6, 39-61
- Cenoz, J., agus Valencia, J., (1994) Additive Trilingualism: Evidence from the Basque Country. *Applied Psycholinguistics*, 15 (2) 195-207.
- Cloud, N., Genesee, F., & Hamayan, E. (2000). *Dual Language Instruction*. Boston, Massachusetts: Heinle & Heinle.
- Coady, M. R. (2001). *Policy and Practice in Bilingual Education: Gaelscoileanna in the Republic of Ireland*. Unpublished Ph.D, University of Colorado. luaite in Mac Einrí (2007)
- Cohen, L. agus Manion, L. (1994) *Research Methods in Education*. London, Routledge.
- Cohen, L, Manion, L, agus Morrison, K. (2000) *Research Methods in Education* London: Routledge Falmer.
- Cohen, L., Manion, L., & Morrison, K. (2004). *A Guide to Teaching Practice* (5th ed.) London: Routledge Falmer.
- Corson, D.(1993) *Language, Minority Education and Gender: Linking Social Justice and Power*. Clevedon. Multilingual Matters
- Corson, D. (1998) *Changing Education for Diversity*. Buckingham O.U.P.
- Cummins, J. (1978). Immersion programs: The Irish experience. *International Review of Education*, 24, 273-282.
- Cummins, J. (1996). *Negotiating Identities: education for empowerment in a diverse society*. Toronto: California Association for Bilingual Education.
- Cummins, J. (1998). Immersion education for the millenium: What have we learned from 30 years of research on second language immersion? In M.R. Childs & R.M. Bostwick (Eds.) *Learning through two languages: Research and practice*. Second Katoh Gakuen International Symposium on Immersion and Bilingual Education.(pp. 34-47). Katoh Gakuen, Japan.
- Cummins, J. (2000). *Language, Power and Pedagogy: bilingual children in the crossfire*. Clevedon: Multilingual Matters
- Cummins, J. (2005). La hipotesis de la interdependencia 25 anos después: La investigacion actual y sus implicaciones para la educacion bilingue. (The interdependence hypothesis 25 years later: Current research and implications for bilingual education) (pp. 113 – 132). In D. Lasagabaster & J. M. Sierra (Eds.), *Multilinguismo y multiculturalismo en la escuela*. Barcelona: ICE-HORSORI, University of Barcleona

Day, E., & Shapson, S. (1996) *Studies in Immersion Education* Clevedon, The Language & Education Library, Multilingual Matters.

De Vaus D.A. (1994) *Surveys in Social Research*, London, UCL Press Limited.

ERC Educational Research Centre (2007) (DPRT-Rev) *Drumcondra Primary Reading test Revised Level 2 Administration Manual and Technical Manual*, Drumcondra, ERC

Eivers, E., Shiel, G. & Shortt, F. (2005) *Literacy in Disadvantaged Primary School: Problems and Solutions* Educational Research Centre, Dublin.

Ewart, G., & Straw, S. (2001). Literacy instruction in two French immersion classrooms in Western Canada. *Language, Culture and Curriculum*, 14(2), 187-199.

Genesee, F.,(1987) *Learning through two languages*. Cambridge: Newbury House Publishers.

Genesee, F.,(1992) Second/ foreign language immersion and at-risk English-speaking children *Foreign Language Annals* Volume 25, No. 3

Hamers, J. F., and Blanc, M. H. A. (2000). *Bilinguality and Bilingualism*. Cambridge: Cambridge University Press.

Harris, J. and Murtagh, L. (1987) National Assessment of Irish and language speaking and Listening skills in primary School Children: *Language culture and Curriculum* Vol 1. No. 2 Multilingual Matters. London

Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & and O’Gorman, M. (2006). *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*. Dublin: Department of Education and Science.

Haugen, E.,(1953) *The Norwegian Language in America*. Pennsylvania: University of Pennsylvania Press

Hickey, T (1997a) *An Luath-Thumadh in Éirinn: Na Naíonraí Baile Átha Cliath*, I.T.É.

Hickey, T (1997b) Léirbhreithniú ar Thorthaí Taighde ar an Dátheangachas i *Teangeolas*, 34, lgh.24-31.

Irish Independent: *Opinion Piece* Baile Atha Cliath 23 Bealtaine 2007

Johnson, R., and Swain, M. (1997). *Immersion Education*. Cambridge: Cambridge Applied Linguistics.

Johnstone, R. (2002). *Immersion in a Second or Additional Language at School: A Review of the International Research*. Stirling: Scottish CILT.

Kavanagh, J. (1999). *Teaching Irish as a second language: Outcomes from all-Irish secondary schools compared with schools where Irish is a single subject*. Ph.D.

thesis, La Trobe University, Bundoora, Victoria.

Kelly, A. (2002) *Compulsory Irish: language and Education in Ireland 1870s –1970s* Irish Academic Press: Dublin

Lambert, W. (1977). The effects of bilingualism on the individual: Cognitive and sociocultural consequences. In P. Hornby (Ed.), *Bilingualism: Psychological, Social, and Educational Implications*. New York: Academic Press.

Lambert, W.E., Genesee, F., Holobow, N., & Chartrand, L. (1993), Bilingual Education For Majority English-Speaking Children. *European Journal of Psychology of Education* 8 (1), 3-22.

Lambson, D. (2002). The availability of Spanish heritage language materials in public and school libraries. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism* 5, 233-243.

Lasagabaster, D. (1998). The threshold hypothesis applied to three languages in contact at school. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism.*, 1(2), 119-134.

Lindholm-Leary, K.J. (2001). *Dual language education*. Avon, England: Multilingual Matters.

Lindholm-Leary, Kathryn J. Ph.D. (2005) *Review of Research and Best Practices on Effective Features of Dual Language Education Programs* San José State University DRAFT March 2005

Lindholm, K.J., & Molina, R. (2000). Two-way bilingual education: The power of two languages in promoting educational success. In J.V. Tinajero & R.A. DeVillar (Eds.), *The power of two languages 2000: Effective dual-language use across the curriculum*. New York: McGraw Hill, pp. 163-174 .

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & Ní Mhainín, T. (2005). *Staid reatha na scoileanna Gaeltachta 2004*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Mac Einrí, E (2007) *Immersion Education: An overview of Theory, Research and Practice*. Scoil an Oideachais QUB. i gcomhar le Comhairle na Gaelscolaíochta agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.(COGG)

Macnamara, J. (1966). *Bilingualism and Primary Education: A Study of Irish Experience*. Edinburgh: University Press.

Met, M., & Lorenz, E.B. (1997). Lessons From U.S. Immersion Programs: Two Decades of Experience. In R. K. Johnson & M. Swain (Eds.), *Immersion Education: International Perspectives* (243-264). Cambridge: Cambridge University Press.

Neil, P., Nig Uidhir, G., & Clark, F. (2000) Native English speakers immersed in another language –*review of the literature* Department of Education, Northern Ireland.

Ní Bhaoill, M.,(2004) *Tús na Léitheoireachta Foirmiúla Gaeilge agus Béarla i Scoileanna lán-Ghaeilge*. Tráchtas Neamhfhoilsithe, Coláiste Phádraig.

Nic Craith, M., (1993) Dátheangathas agus Malartú Teanga in *Oideas 40* lgh.35-47.luaite in Ó Duibhir (1999)

Ní Fhearghusa , J (1998) Gaelscoileanna. Stair na hEagraíochta. 1973-1988. Tráchtas M.Ed neamhfhoilsithe U.C.D.

Ní Mhaoláin, N., (1996) *Gaelscoileanna mar Chóras Bunoidreachais in Éirinn* Tráchtas M.Oid. Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

Ní Mhaoláin N.,(2005) *Ár bPolasaí Gaeilge*. Gaelscoileanna Teo. Baile Átha Cliath

Ní Mhurchú, M., (1995) Research on Canadian Immersion Education and the Relevance of its Findings for Gaelscoileanna in Ireland in *Oideas 43*, lgh.48-68

Ó Domhnalláin, T., (1978) A plan for Irish in Schools i *Teangeolas Uimh. 8 Fómhar 1987*, lgh 9-11.

Ó Duibhir (1999) Riachtanais forbartha Gairmiúla Bunmhúinteoirí Gaelscoile Tráchtas M.St. Colaiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Ó Duibhir, P. & Ní Bhaoill, M. (2004) *Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath. An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta,

Ó Laoire, M., agus Harris, J. (2006) *Language and Literacy in Irish-medium Primary Schools: Review of Literature*, Baile Átha Cliath An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Ó Liatháin, C. (2007) ‘Ná bí eaglach roimh thaighde, a Aire’, *Lá Nua*, 8 Lúnasa 2007, 1

.Ó Siaghail,G., agus Déiseach, C. (2004) *Próifílí Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Foras taighde ar Oideachas.

Oller & Pearson (2002) Assessing the Effects of Bilingualism: A Background in Oller, D. K., & Eilers, R. E., (Eag) *Language and Literacy in Bilingual Children* Multilingual Matters. Clevedon.

Oller, D. K., & Eilers, R. E., (2002) *Language and Literacy in Bilingual Children* Multilingual Matters. Clevedon.

Ó Riain, S., (1994) *Pleanáil Teanga in Éirinn*. Baile Átha Cliath,, Carbad

Rossell, C., and Baker, K. (1996). The Effectiveness of Bilingual Education. *Research in the Teaching of English*, 30, 70-74.

Sanz, C., (2000) Bilingual education enhances third language acquisition: Evidence from Catalonia *Applied Psycholinguistics* 21: 23-44 Cambridge University Press

Seymour, P.H.K., Aro, M., & Erskine J.M. (2003) Foundation Literacy Acquisition in European Languages. *British Journal of Psychology* 94, 143-175.

Spencer, L.H. & Hanley, J.R. (2003) Effects of orthographic transparency on reading and phoneme awareness in children learning to read in Wales. *British Journal of Psychology*, Vol. 94, No. 1, 1-28

Swain, M., & Lapkin, S., (1991) i *Bilingualism, Multiculturalism, and Second Language Learning* (Eag.) Reynolds, Allan, G. London, Lawrence Erlbaum Associates luaite in Ó Duibhir (1999)

Tizard, J., Schofield, W.N., & Hewison, J. (1982). Collaboration between teachers and parents in assisting children's reading. *British Journal of Educational Psychology* 52, 1-15.

Weir, S., Milis, L., agus Ryan, C. (2002) The Breaking the Cycle Scheme in Urban Schools: Final Evaluation report. Dublin: Educational Research Centre.

Youngman, F (1986) *Adult Education and Socialist Pedagogy* Kent: Routledge

Foinsí Leictreonacha.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004) *Polasaí Tumoideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta*, léite ar an 22 Lúnasa 2007, ar fáil ag

http://www.gaelscoileanna.ie/downloads/tumoideachas_raiteas_polasai_20.7.04.doc

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007): *Imlitir 0044/2007* ar fáil ag www.education.ie léite ar an 3 Lúnasa 2007.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2007a): Liosta scoileanna in DEIS 1 agus 2 ar fáil ag http://www.education.ie/servlet/blobservlet/deis_school_list.htm léite ar an 27 Márta 2007.

Bournot-Trites, Monique & Tallowitz, Ulrike, *Exec. Summary Report of current Research on the effect of the Second Language Learning on First Language Literacy Skills*. ar fáil ag www.caslt.org/research/executivesum.htm léite ar an 27 Samhain 2006

CNCM (2006) *Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán: Cuntais ar Chleachtas, Páipéar Comhairliúcháin* ar fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/primary/lang_lit_irish%2006.pdf léite ar an 25 Meitheamh 2007

CNCM (2007) *Language and Literacy in Irish-medium Primary Schools* Report on the Consultation and Seminar ar fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/publications/Lang_rpt0107.pdf léite ar an 7 Márta 2007

CNCM (2007a) *Language and Literacy in Irish-medium Primary Schools. Supporting school policy and practice* January 2007 Ar fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/publications/LL_Supporting_school_policy.pdf léite ar an 25 Meitheamh 2007

Cummins, J. (2000a) *Immersion Education for the Millennium: What we have learned from 30 Years of Research on Second Language Immersion*, ar fáil ag <http://www.iteachilearn.com/cummins/immersion2000.html>, léite ar an 14 Márta 2006

Dicks, Joseph & Rehorick Sally (2003) *Reflections on the Debate about Early French Immersion* Faculty of Education University of New Brunswick. Léite ag www.unb.ca/slec/hot_topics/debate.html ar an 29/12/05

Estyn (2002) *Developing Dual Literacy: An Estyn Discussion Paper* ar fáil ag www.estyn.gov.uk/press_releases/DualLiteracyE.pdf léite ar an 19 Márta 2006.

Hanafin, M., (2006) 'Address by Mary Hanafin T.D. Minister for Education and Science at INTO Congress 2006 - Giving All Our Children the Best Possible Start' ar fáil ag <http://www.education.ie/home/home.jsp?doc=30797&pcategory=10861&page=1&maincat=&ecategory=40284§ionpage=11888&link=link001&language=EN> léite ar an 8 Iúil 2007.

IPPN (2004) Irish Primary Principals Network *Principal teachers urge DES to save small schools* Preasráiteas eisiúithe 24/10/'04 ar fáil ag www.ippn.ie léite ar an 20 Aibreán 2007

Johnstone, R., Wynne, H., Macneil, M., Stradling, B. agus Thorpe, G. (1999) *The attainments of Pupils Receiving Gaelic-medium Primary Education in Scotland*. Stirling: Scottish CILT. Achoimre léite ag <http://www.scotland.gov.uk/library3/education/i62-02>. ar 3 Eanáir 2006.

Lyddy, F (2005) Celtic Bilingual Literacy *Literacy Today* 43. léite ag www.literacytrust.org.uk ar an 7 Márta 2007

May, S., Hill, R., Tiakiwai, S., (2004) Bilingual/Immersion Education: Indicators Of Good Practice. Final Report to the Ministry of Education Wilf Malcolm Institute of Educational Research School of Education, University of Waikato. ar fáil ag www.minedu.govt.nz léite ar an 7 Márta 2007.

Murtagh, L., (2003) Retention and Attrition of Irish as a Second Language A longitudinal study of general and communicative proficiency in Irish among second level school leavers and the influence of instructional background, language use and attitude/motivation variables. Ph.D. Thesis. University of Groningen. Ar fáil ag http://en.wikipedia.org/wiki/Language_attrition léite ar an 1 Aibreán 2007.

Ó Máirtín, M. (1998) - Martin - Education (No.2) Bill 1997 Seanad Second Stage Speech <http://www.education.ie/robots/view.jsp?pcategory=10861&language=EN&ecategory=40204&link=link001&doc=15089> ag an seoladh thuas agus léite ar an 21 Aibreán 2007

PCSP (2002) *An Béarla a theagasc mar dhara theanga i mBunscoileanna* Nuachtlitr 5 Feabhra, 2002 ar fáil ag <http://www.pesp.ie/html/nuacht5/nuacht.htm> léite ar an 14 Meán Fómhair 2003.

Rialtas na hÉireann (2006) *Ráiteas i leith na Gaeilge 2006* Ar fáil ag www.taoiseach.gov.ie léite ar an 21 Nollaig 2006

Scottish Office Education Department (1993) National guidelines 5-14: Gaelic ar fáil ag <http://www.ltsotland.org.uk/5to14/htmlunrevisedguidelines/Pages/gaelic/gaelic1107.htm> léite ar an 7 Eanáir 2006

Cláir Raidió, teilifíse agus taifeadtaí.

Cummins, J., (2007) *Léacht taifeadta ag Oifigí CNCM* ar an 19 Meitheamh 2007, Baile Átha Cliath. Ar fáil ón CNCM

Hanafin, M., ‘News at One’ RTÉ Radio 1, 26 Iúil 2007

Hanafin, M., ‘The Last Word’ Today FM, 2 Lúnasa 2007

Ó Domhnaill. R., ‘Nuacht TG4’, TG4, 16 Iúil 2004

7. AGUISÍNÍ

Aguisín 1: Na Múnlaí Tumoideachais.

Múnla 1	Naíonáin Shóisir	Naíonáin Shinsir
Téarma 1	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge: 100%.	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge: 100%.
Téarma 2	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge: 100%.	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c.10%
Téarma 3	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge: 100%.	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%

Múnla 2	Naíonáin Shóisir	Naíonáin Shinsir
Téarma 1	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge 100%.	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%
Téarma 2	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge 100%.	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c.10%
Téarma 3	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge 100%.	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%

Múnla 3	Naíonáin Shóisir	Naíonáin Shinsir
Téarma 1	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge 100%.	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%
Téarma 2	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c.10%
Téarma 3	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%

Múnla 4	Naíonáin Shóisir	Naíonáin Shinsir
Téarma 1	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%
Téarma 2	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c.10%
Téarma 3	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%	Soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge c.90% Am discréideach don Bhéarla: c. 10%

*Nóta: Is féidir an cháipéis iomlán a fháil ón CNCM ag:
http://www.ncca.ie/uploadedfiles/publications/Lang_advice0107.pdf

Aguisín 2: Polasaí Tumoideachas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta

An Tumoideachas

Tugann an Roinn tacaíocht do scoileanna lánGhaeilge ar chúpla cúis:

- Ar an údar go bhfuil ceart bunreachtúil ag an tuismitheoir, faoi réir socrúithe réasúnta, oideachas trí Ghaeilge a iarraidh dá p(h)áistí
- Go gcreideann an Roinn an méid a deir teangeolaithe agus lucht taithí gur an-chabhair d'fhoghlaim na Gaeilge ábhair eile a fhoghlaim tríthi.
- Go léiríonn torthaí trialacha gur buntáiste oideachasúil ó thaobh foghlaim teangacha de, an dátheangachas

Maidir le tumoideachas mar bhealach foghlama, ní hé go bhfuil polasaí ag an Roinn ar an gcoincheap ach go dtugann sí aird ar chanóin an eolais faoi agus ar a bhfuil le rá ag na húdair. Mhaoinigh an Roinn roinnt taighde ar an tumoideachas go hindíreach trí shaothar taighdeoirí in ITÉ thar na blianta. Tá cuid mhór scríofa ag Dr Tina Hickey faoi scéal, chomh fada is a bhaineann leis na naíonraí de agus ag Dr Jim Cummins, Éireannach atá ag saothrú i gCeanada. Is mór ag an Roinn an cuidiú a thug daoine mar iad.

Faoi mar is eol duit, riarann an tAcht Oideachais 1998 (Alt 30 go príomh) gnóthaí a bhaineann leis an gcuraclam ina iomláine. Tá sé iontuigte in Alt 30 go rachaidh an tAire i gcomhairle leis na comhpháirtithe agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le cúrsaí curaclaim.

Éiríonn ceisteanna casta maidir le múineadh an Bhéarla i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Baineann na ceisteanna le dearcadh na dtuismitheoirí agus an phobail i dtaobh na teanga agus an chultúir agus a mianta dá bpáistí.

Bunaíodh curaclam an Bhéarla go bunúsach le freastal a dhéanamh den chuid is mó ar riachtanais foghlama an Bhéarla mar chéad teanga. Tá dúshlán faoi leith anseo do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. I measc na bhfadhbanna is mó tá:

- An ceangal idir teanga agus foghlaim, go mór mór idir an teanga labhartha agus foghlaim
- An caighdeán nach mór a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla
- Cur chuige maidir le léamh a fhorbairt agus léamh á dhéanamh sa dá theanga
- Cén uair a thosaíonn na páistí ag léamh sa dá theanga?
- Cé mhéad ama ar chóir a thabhairt don Bhéarla sna blianta tosaigh?
- Cathain is cóir tús a chur le múineadh an Bhéarla sna scoileanna seo?

Níl ach beagán taighde déanta in Éirinn ar cheisteanna a bhaineann le tumoideachas i bhfoghlaim an dara teanga sa bhunscoil go mór mór sna bunranganna. Baineann an taighde atá déanta le tíortha eile. Tá géarghá le tuilleadh taighde i gcomhthéacs na hÉireann.

Ní gá curaclam ar leith a dhréachtadh chun freastal ar riachtanais scoileanna Gaeltachta and lán-Ghaeilge ó thaobh múineadh an Bhéarla de. Tá breis is dóthain ábhair agus so-lúbthachta sa churaclam mar atá sé chun é a chur in oiriúint do riachtanais daltaí a dhéanann freastal ar scoileanna arb í an Ghaeilge an meán teagaisc iontu. Tá treoirlínte breise ag teastáil ó na múinteoirí sna scoileanna seo, áfach. Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ag ullmhú na dtreoirlínte seo agus tá an tAire ag súil go mbeidh siad ar fáil sar i bhfad.

San idirlinn, agus in ainneoin na gcúinsí faoi leith teanga agus cultúir a bhaineann le scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, baineann prionsabail churaclam an Bhéarla agus an cur chuige atá leagtha síos i dtreoirlínte na múinteoirí leis na múinteoirí sna scoileanna sin chomh mór agus a bhaineann siad le múinteoirí i scoileanna atá ag teagasc trí mheán an Bhéarla.

Curaclam comhtháite atá i gCuraclam na Bunscoile 1999. Ní raibh sé i gceist agus níl sé ceadaithe ábhair éagsúla a roghnú ag brath ar na cineálacha éagsúla bunscoile. Sa mhéid go bhfuil leathnú an dátheangachais mar chuspóir ag an Stát, agus ceart ag gach leanbh chuige, ní mór do gach scoil aitheanta an dá theanga a theagasc. Ní foláir an Ghaeilge a theagasc i ngach gnáthscoil: ní foláir an Béarla a theagasc i ngach scoil lánGhaeilge/Ghaeltachta. Agus baineann an fhoráil sin le gach rang sa bhunscoil.

Is ceist chasta í an tslí ina gcinntítear an buncheart seo ag leibhéal na scoile aonair de. Is léir ó Alt 30(2)(d) go gceadófar so-lúbthacht áirithe do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge maidir le cathain a thosnaítear ar mhúineadh an Bhéarla agus an méid ama teagaisc a eagrófar. Tá sé soiléir freisin go bhfuil teorainn leis an tsolúbthacht san.

I ngeall ar a riachtanaí atá sé na daltaí gan Gaeilge a thumadh sa Ghaeilge go luath sa scoil lánGhaeilge, tuigtear nach gcaithfí leis an Bhéarla sa chéad bhliain bhunscoile i.e. Naionáin Shóisearacha ach an tíosmhéid atá molta chun Béarla mar ábhar a mhúineadh i.e 2.5 uair in aghaidh na seachtaine.

Aguisín 3: FORMS OF EDUCATION FOR BILINGUALISM AND BILITERACY

The following table has been taken from Baker & Jones (1998: 470) showing so-called weak and strong forms of education for bilingualism and biliteracy.

Weak forms of education for bilingualism and biliteracy				
Type of programme	Typical type of child	Language of the classroom	Societal & educational aim	Aim in language outcome
1. SUBMERSION (Structured Immersion)	Language Minority	Majority Language	Assimilation	Monolingualism
2. SUBMERSION (Withdrawal Classes/Sheltered English)	Language Minority	Majority Language with 'pull-out' lessons	Assimilation	Monolingualism
3. SEGREGATIONIST	Language Minority	Minority Language (forced, no choice)	Apartheid	Monolingualism
4. TRANSITIONAL	Language Minority	Moves from minority to majority language	Assimilation	Relative Monolingualism
5. MAINSTREAM With foreign language Teaching	Language Majority	Majority Language with L2/FL lessons	Limited Enrichment	Limited Bilingualism
6. SEPARATIST	Language Minority	Minority Language (out of choice)	Detachment/Autonomy	Limited Bilingualism
Strong forms of education for bilingualism and biliteracy				
7. IMMERSION	Language Majority	Bilingual with initial emphasis on L2	Pluralism & Enrichment	Bilingualism & Biliteracy
8. MAINTENANCE/HERITAGE LANGUAGE	Language Minority	Bilingual with emphasis on L1	Maintenance, Pluralism & Enrichment	Bilingualism & Biliteracy
9. TWO-WAY/DUAL LANGUAGE	Mixed Language Minority & Majority	Minority & Majority	Maintenance, Pluralism & Enrichment	Bilingualism & Biliteracy
10. MAINSTREAM BILINGUAL	Language Majority	Two Majority Languages	Maintenance, Pluralism & Enrichment	Bilingualism & Biliteracy

Aguisín 4: An Litir chuig na Príomhoídí

‘Luis’
Noonan
An Ruadhán
Co. an Chláir
20 /5/07

A Phríomhoide a chara,

Is príomhoide gaelscoile mé féin atá ag obair in earnáil na Gaelscolaíochta le beagnach fiche bliain. Tá tráchtas á scríobh agam mar chuid de mo chúrsa M. A. i Modheolaíochtaí do Theagasc Teangacha atá ar bun agam in Acadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Táim i mbun taighde ar na cleachtais bainistíochta agus teagaisc don luath-thumoideachas iomlán i ngaelscoileanna na hÉireann.

Tá ceistneoir gairid á scaipeadh agam ar gach príomhoide gaelscoile sa tír mar chuid den obair seo. Bheinn faoi chomaoin mhór agat ach an ceistneoir a líonadh agus a sheoladh ar ais chuig an seoladh thuasluaite sa chlúdach litreach atá faoi iamh roimh an 20/06/07. Tuigimse go rí-mhaith go mbíonn brú millteach ar fad ort i gcónaí ach iarraim go humhal ort an deich nóiméad a ghlacadh chun an ceistneoir a líonadh.

Gan amhras coinneofar na freagraí ar fad faoi rún iomlán agus ní ainmneofar aon Ghaelscoil sa tráchtas. Má bhíonn ceist ar bith agat faoin gceistneoir féin is féidir teacht orm ag 087-2281585.

Gabhaim buíochas ó chroí leat as an litir seo a léamh agus an ceistneoir a líonadh isteach.

Le mórmheas agam ort agus ar do chuid oibre,

Dónal ó hAiniféin.

Aguisín 5: An Ceistneoir

1. RÉAMHRÁ	1
Suíomh an Údair.....	6
2.LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA	7
2.1 Dátheangachas.....	7
2.2 Oideachas Dátheangach.....	8
2.3 An Tumoideachas.....	9
2.4 Cúlra an Tumoideachais in Éirinn.....	11
2.5 Curaclam na Bunscoile (1999) agus Tumoideachas.....	14
2.6 Polasaí tumoideachais na Roinne Oideachais.....	23
2.7 Tumoideachas agus Tústheanga na léitheoireachta.....	31
2.8 Caighdeáin léitheoireachta Bhéarla daltaí Gaelscoile.....	40
2.9 Léitheoireacht an Bhéarla i scoileanna faoi mhíbhuntáiste.....	43
2.10 Léitheoireacht na Gaeilge.....	47
2.11 Comparáid: Fiche bliain ag feitheamh.....	50
2.12 Tuismitheoirí.....	51
2.13 Cinnireacht.....	53
3. MODHEOLAÍOCHT	56
3.1 Réamhrá.....	56
3.2 Taighde tuairisciúil.....	56
3.3 An Sampla.....	57
3.4 An Uirlis Taighde.....	58
3.5 Roghnú ceisteanna don cheistneoir:.....	58
3.6 Píolótú.....	60
3.7 Leasuithe.....	60
3.8 Bailiú an eolais.....	61
4.TORTHAÍ AN TAIGHDE	64
4.1 Réamhrá.....	64
4.2 Na Torthaí.....	64
4.2.1 Sonraí ginearálta faoin nGaelscoil.....	64
4.2.2 Na Príomhoidí.....	65
4.2.3 Na Múnlaí.....	66
4.2.4 Leibhéal eolais na bPríomhoidí.....	68
4.2.5 Tús na léitheoireachta.....	71

4.2.6 Torthaí Léitheoireachta an Bhéarla i ngaelscoileanna.....	72
4.2.7 Torthaí de réir thústheanga na léitheoireachta.....	75
4.2.8 Torthaí de réir na múnlaí: rang a dó.	76
4.2.9 Torthaí de réir Múnlaí: rang a cúig.....	77
4.2.10 Gaelscoileanna le stádas faoi mhíbhuntáiste	78
4.2.11 Na tuismitheoirí	80
4.2.12 Muinín na bPríomhoidí.....	81
4.2.13 Seasamh an CNCM	83
4.2.14 Seasamh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta	85
4.2.15 Am curaclaim ar togradh/Íosmhéid ama	86
4.2.16 Labhairt na Gaeilge	88
4.3 Anailís ar na Torthaí	89
5.CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ.....	101
5.1 Conlúidí	101
5.2 Moltaí.....	108
6. LEABHARLIOSTA	113
7. AGUISÍNÍ	121
Aguisín 1: Na Múnlaí Tumoideachais.....	121
Aguisín 2: Polasaí Tumoideachas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.....	122
Aguisín 3: FORMS OF EDUCATION FOR BILINGUALISM AND BILITERACY.....	124
Aguisín 4: An Litir chuig na Príomhoidí.....	125
Aguisín 5: An Ceistneoir	126

Fíor 9: Torthaí Suirbhé Náisiúnta léitheoireachta an Bhéarla 1988	42
Fíor 15: Torthaí Literacy and Numeracy in Disadvantaged schools (LANDS) Survey: Measured achievement in reading.	44
Fíor 1: Léitheoireacht na Gaeilge. Torthaí Harris 2006	49
Fíor 2: Príomhoidí gaelscoile. Fíor 2 (a): Iomlán na bpríomhoidí.	65
Fíor 2 (b): Blianta taithí mar phríomhoidí gaelscoile.	65
Fíor 3: Na múnláí atá i bhfeidhm sna gaelscoileanna.	67
Fíor 4: Príomhoidí de réir Múnlaí le leibhéal eolais ard nó an-ard ar na hábhair.	69
Fíor 5: Príomhoidí de réir Múnlaí le leibhéal eolais íseal/gan eolas ar na hábhair.	69
Fíor 6: Aontacht na bhfoirne gaelscoile	70
Fíor 7: Gaelscoileanna le Múnla faofa ag Bord Bainistíochta (BB) le linn tréimhse an phríomhoide (PO) reatha.	70
Fíor 8: Tús na léitheoireachta: Comparáid le Ní Bhaoill 2004	71
Fíor 10: Torthaí scrúduithe caighdeánaithe daltaí gaelscoile rang a dó i gcomparáid leis an meán náisiúnta.	73
Fíor 11: Torthaí scrúduithe caighdeánaithe léitheoireachta Béarla ó rang a cúig sna gaelscoileanna.	74
Fíor 12: Torthaí de réir teanga ina thosaítear léitheoireacht fhoirmiúil	75
Fíor 13: Torthaí rang a dó gaelscoile sna scrúduithe caighdeánaithe do léitheoireacht an Bhéarla de réir na múnlaí.	77
Fíor 14: Torthaí rang a cúig sna scrúduithe caighdeánaithe do léitheoireacht Bhéarla.	77
Fíor 16: Torthaí ó rang 2 agus rang 5 i ngaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste atá in Deis 1 agus Deis 2	79
Fíor 17: Torthaí scrúduithe léitheoireachta caighdeánaithe Béarla ó rang 2 agus rang 5 i ngaelscoileanna faoi mhíbhuntáiste Deis 1 agus 2.	79
Fíor 18: Scéimeanna léitheoireachta i bpart i ngaelscoileanna	80
Fíor 19: Leibhéal muiníne na bpríomhoidí go mbaineann na daltaí ardchaighdeán litearthachta amach sa dá theanga roimh fhágáil na gaelscoile, de réir Múnlaí	82
Fíor 20: Meán Sten na ndaltaí ó rang a 5 sa léitheoireacht Bhéarla de réir leibhéal muiníne na bpríomhoidí sna gaelscoileanna.	83
Fíor 21: Thósódh múineadh foirmiúil an Bhéarla sa ghaelscoil seo le tacaíocht na Roinne Oideachais ag	84
Fíor 22: Líon na bpríomhoidí a aontódh leis an ROE dá gcuirfí iachall ar gach aon ghaelscoil Béarla a mhúineadh ó thús an dara téarma i naíonáin shóisearacha.	85
Fíor 23: Céatadán na ngaelscoileanna de réir Múnlaí a thugann sciar rialta den am discréideach/ar togradh do mhúineadh an Bhéarla ó R.1-6.	87
Fíor 24: Céatadán na ngaelscoileanna de réir Múnla a chaitheann níos mó ná an t-íosmhéid ama molta le teagasc an Bhéarla i ranganna eile seachas naíonáin.	88
Fíor 25: Labhairt na Gaeilge sa chlós gaelscoile de réir na múnlaí.	88